The Review Group will ensure that the independent review is conducted in a manner that is compliant with current Government Guidelines relating to COVID-19 restrictions.

Apart from correcting any factual errors or inaccuracies, neither the Department of Defence nor the Defence Forces will have any editorial control over the interim or final reports presented by the Review Group.

Such Reports may contain criticisms of systems, policies, procedures and workplace and it is accepted that such criticisms will be a necessary element of the process.

5 Deliverables and Associated Schedule

The Independent Review Group shall produce the following deliverables:

- » Work plan within 30 days of the effective date of appointing the Review Group;
- » Monthly progress reports to be provided to the Minister;
- » Any interim assessments and recommendations, in the form of a letter, addressing issues for immediate action that may become apparent during the conduct of the review;
- » Draft Review Report provided to the Minister within 6 months with update to stakeholders;
- » Final Review Report provided to the Minister within 12 months - this may be reviewed based on outcome of draft review report;
- » The final report and recommendations will be brought to Government and stakeholders will be briefed.



Óglaigh
na hÉireann
IRISH DEFENCE FORCES



An Roinn Cosanta
Department of Defence



An Roinn Cosanta
Department of Defence



Óglaigh
na hÉireann
IRISH DEFENCE FORCES

An Roinn Cosanta
agus Óglaigh na hÉireann

**Tuarascáil Bhliantúil
2022**

Clár Ábhar

Brollach Leis an Ard-Rúnaí agus an Ceann Foirne	03	Cuid 4: Faisnéis Chorparáideach agus Sonraí Corparáideacha	137
Brollach Leis an Tánaiste agus an tAire Cosanta	06	4.1 Sonraí maidir le caiteachas ar Vóta Cosanta 2020, 2021 agus 2022 de réir Catagóire*	137
Forbhreathnú ar 2022	08	4.2 Sonraí faoi chaiteachas ar Vóta Phinsin Airm le haghaidh 2020, 2021 agus 2022 de réir Catagóire*	138
Buachphointí	09	4.3 Sonraí faoi Mhéid na n-idirbheart a próiseáladh i rith 2020, 2021 agus 2022	138
Gnóthachtálacha Príomhúla i 2022	10	4.4 Iníúchadh Inmheánach	139
Brollach	13	4.5 An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCs)	139
Cuid 1: Beartas Cosanta	14	4.6 Saoráil Faisnéise	140
Spríoc Straitéiseach Beartas agus Comhairle Mhíleata Iomchuí a Chur ar Fáil Go Tráthúil	14	4.7 Nochtadh Cosanta	141
Spríoc Straitéiseach An Páipéar Bán ar Chosaint a Chur i bhFeidhm	20	4.8 Ídiú Fuinnimh, 2022	142
Spríoc Straitéiseach Cur Le Beartas Slándála agus Cosanta Náisiúnta agus Idirnáisiúnta	20	4.9 Grúpaí Tras-Rannacha ag a bhfuil hlonchur ón Eagraíocht Chosanta	145
Spríoc Straitéiseach An Comhoibriú ar Bheartas Trasghearrthach a Fheabhsú	26	4.10 Meabhráin Tuisceana (MTanna) agus Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse (CLSanna)	147
Spríoc Straitéiseach An Gníomhú ar Son na hAeráide	48	Aguisín A	150
Spríoc Straitéiseach Nuálaíocht	50	Cairt Eagrúcháin an Bhoird Bhainistíochta agus na Foirne Ginearálta	150
Spríoc Straitéiseach An Clár Dhigiteach	53	Aguisín B	152
Cuid 2: an Cumas Chun Soláthar a Dhéanamh	56	Achoimre ar Mholtaí Atá sa Tuarascáil Ó Choimisiún Óglaigh na hÉireann	154
Spríoc Straitéiseach Inniúlachtaí a Fhorbairt agus a Chothabháil	56	Aguisín C	166
Spríoc Straitéiseach Acmhainní a Bhainistiú go Héifeachtach agus go Nuálach	63	Luath-Ghníomhaíochtaí a Sainiathnódh Sa Chlár Maidir le Tuarascáil Choimisiún ÓÉ	165
Spríoc Straitéiseach Ár Ndaoine a Fhorbairt agus Pleanáil a Fheabhsú do Riachtanais Acmhainní Daonna Amach Anseo	67	Aguisín D	168
Cuid 3: Aschur Oibríochtúil Óglaigh na hÉireann	110	Téarmaí Tagartha an Ghrúpa Athbhreithnithe Neamhspleách	168
Spríoc Straitéiseach Oibríochtaí a Sheachadadh go Rathúil	110		



Brollach

LEIS AN ARD-RÚNAÍ AGUS AN CEANN FOIRNE



A Aire,

Tá áthas orainn an Tuarascáil Bhliantúil ar fheidhmíocht na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann don bhliain 2022 a chur faoi bhur mbráid. Sa tuarascáil seo, leagtar amach gnóthachtálacha na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann in 2022, bliain a raibh dúshlán shuntasacha ann, agus inar cuireadh tús freisin le mórchlaochlú inmheánach agus seachtrach.

Bhí tragóid ag gabháil le críoch na bliana 2022 mar gheall ar bhás ár gComhghleacaí de chuid Óglaigh na hÉireann, an Saighdiúir Singil Seán Rooney, le linn dó a bheith i mbun seirbhíse sa Liobáin. Déanaimid comhbhrón ó chroí le muintir, cairde agus comhghleacaithe an tSaighdiúra Shingil Rooney. Guímid gach rath ar an Saighdiúir Shane Kearney freisin agus é ag leanúint ar aghaidh lena théarnamh agus tugaimid aitheantas freisin do chomhghleacaithe eile dá chuid a bhí páirteach san eachtra. Cuireann bás an tSaighdiúra Shingil Rooney i gcuimhne do gach duine, mar mheabhrúchán uafásach, ar na rioscaí a ghlac gach ball d'Óglaigh na hÉireann agus iad ag comhlíonadh a ndualgas agus ag coimeád an teist atá ag an tír seo againne sa tsíochánaíocht, teist a bhfuilimid bródúil as agus a bhfuil clú agus cáil uirthi.

In 2022, tháinig an náisiún chun cinn ó na céimeanna ba mheasa den phaindéim dhomhanda COVID-19 nuair a bhí ról lárnach ag baill Óglaigh na hÉireann (ÓÉ) leis an athléimneacht náisiúnta a neartú ar bhealach fiúntach agus inláimhsithe. Bhí an taithí a fuarthas ón fhreagra a tugadh do COVID-19 cuidiúil freisin d'Óglaigh na hÉireann chun freagra a thabhairt ar an iarratas ón Rialtas ar chúnamh le haghaidh dídeanaithe ón Úcráin trí chóiríocht éigeandála a sholáthar i roinnt suiteálacha míleata ar fud na tíre. Lean OÉ ar aghaidh ag déanamh oibríochtaí creata intíre i rith 2022, ar talamh, ar muir agus san aer. Áiríodh ar na gníomhaíochtaí seo tacaíocht don Gharda Síochána amhail dualgais slándála aerfoirt a sholáthar, chomh maith le tionlacan príosúnach agus diúscairt ordanáis phléascaigh. Bhí seirbhís cosanta iascaigh a sholáthar áirithe mar chuid de freisin, chomh maith le seirbhís aer-otharchairr a sholáthar

d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus tacaíocht a sholáthar do na húdaráis shibhialta thar raon leathan teagmhas, lena n-áirítear cúnamh d'údaráis áitiúla le linn teagmhais droch-aimsire, amhail tuilte. Tar éis iarratas a fháil ón Aire Iompair cuireadh oiliúint agus deimhniú ar bhail de chuid Óglaigh na hÉireann freisin le bheith ar fuireachas chun cabhrú le hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (daa) le dualgais slándála eitlíochta a sholáthar. Cé nach gcuimsítear le ról Óglaigh na hÉireann, de ghnáth, cuidiú le soláthar seirbhísí d'aerfort tráchtála, cuireadh an socrú i bhfeidhm mar ghníomh gearrthéarmach teagmhásach a bhaineann le héigeandáil.

Thar Lear, in 2022, imlonnaíodh Óglaigh na hÉireann in 11 mhísean in 12 thír, agus bhí 538 pearsa ag fónamh thar lear ar na misin sin ag deireadh na bliana. Ar an meán, feidhmíonn thart ar 8% den Arm thar lear ag aon am ar leith agus sa bhliain fhéilire feidhmíonn timpeall 20% den Arm thar lear, figiúr eisceachtúil de réir caighdeáin idirnáisiúnta agus tugadh faoi deara é seo i dtuarascáil an Choimisiúin ar Óglaigh Éireann i mbliana. D'fhreastail 1,674 pearsanra san iomlán thar lear in 2022.

Bhí pearsanra Óglaigh na hÉireann chun tosaigh i gcuimhneacháin an Stáit ar Dheich mBliana na gCuimhneachán, a thosaigh in 2012. D'fhéadfaí a mhaíomh go raibh 2022 ar an mbliain ba shuntasáí díobh sin d'Óglaigh na hÉireann toisc go ndearnadh comóradh céad bliain ar 1922, an bhliain ar bunaíodh an tArm Náisiúnta. I mí Eanáir 2022 ghlac Óglaigh na hÉireann páirt i searmanas stáit mar chomóradh Céad Bliain Ar Aistriú Chaisleán Bhaile Átha Cliath agus i mí Lúnasa chuir siad go mór le searmanas i mBeál na Blá, Co. Chorcaí chun comóradh céad bliain bhás an Ghinearál Michael Collins a cheiliúradh.

Mar atá aitheanta i dtuarascáil an Choimisiúin ar Óglaigh na hÉireann (CÓÉ), is bunchloch den saol míleata é an oiliúint agus oideachas míleata gairmiúil a sholáthar in Óglaigh na hÉireann agus tá sé ar cheann de na haschuir is tábhachtaí san eagraíocht. Le linn

2022, bhí na gníomhaíochtaí seo i gcónaí lárnach d'fhonn an cumas a choinneáil agus a fhorbairt le breis agus 1,500 cúrsa oiliúna i suiteálacha de chuid ÓÉ. Léiríodh rath leanúnach na gclár um Bainistíocht Ceannaireachta agus Staidéir Chosanta arís in 2022 trí dhámhachtainí acadúla atá aitheanta go náisiúnta a bhronnadh ar 342 pearsanra Óglaigh na hÉireann.


Foilsíodh Tuarascáil an Choimisiúin ar Óglaigh na hÉireann i mí Feabhra 2022 i gcomhréir le gealltanais an Chláir Rialtais. Bhí moltaí suntasacha sa Tuarascáil ina sainaithnítear cúig phríomhréimse le tabhairt fúthu lena n-áirítear athrú bunathraithe chun an Cultúr Eagrúcháin, an Straitéis Acmhainní Daonna agus na cleachtais a nuachóiriú; chun Ceannasaíocht agus Rialú Ardleibhéil a athchóiriú agus Comhcheanncheathrú Straitéiseach a chruthú; chun na hÓglaigh Chúltaca a athbheochan; na Seirbhísí a athchóiriú agus a Athstruchtúrú – Arm, Cabhlach agus Aerfhórsa nua-aimseartha a sholáthar lena bhféadtar fórsa comhtháite a sholáthar don todhchaí chun críocha na cosanta náisiúnta, misin thar lear agus Cúnamh Cumhachta Sibhialta/Cúnamh don Údarás Sibhialta (CCS/CÚS); agus Forbairt Chomhchumais chun tacú le gach Seirbhís chun an comhfhórsa todhcháiochta a fhorbairt. Bhreithnigh an Roinn agus Óglaigh na hÉireann na moltaí seo go mion thar thréimhse cúig mhí, lena n-áirítear comhairliúchán suntasach idir-rannach. Cuireadh an Plean Gníomhaíochta Ardleibhéil (PGA) mar thoradh ar an bpróiseas seo faoi bhráid an Rialtais agus fuarthas faomhadh le haistriú go Leibhéal Uaillmhian (LU) 2 i mí Iúil 2022. D'oibrigh an Oifig Bainistíochta Forfheidhmithe Sibhialta/Míleata (OBF) chun dul chun cinn a dhéanamh ar na 38 gníomh luatha arna sainaithint sa PGA agus ag an am céanna d'ullmhaigh an plean forfheidhmithe mionsonraithe ina leagtar amach an obair is gá chun bunathrú Óglaigh na hÉireann agus soláthar cosanta in Éirinn a bhaint amach go hiomlán.

Cuireadh tús in 2022 leis an nGrúpa Athbhreithnithe Neamhspleách, a bunaíodh chun ceisteanna dínite agus comhionannais in ionad oibre Óglaigh na hÉireann a scrúdú. B'ionann an tAthbhreithniú seo agus céad chéim ríthábhachtach a ghlacadh d'fhonn a chinntiú gur féidir le baill Óglaigh na hÉireann a gcuid dualgas a chomhlíonadh in ionad oibre a bhfuil dínit agus comhionannas mar bhonn agus mar thaca leis, agus ina bhfuil neamhfhulaingt ar an iompar do-ghlactha. Le tacaíocht ó shaineolas seachtrach, táimid tiomanta do chlár na ngníomhartha láithreacha a chur i bhfeidhm lena n-áirítear lántacaíocht a thabhairt don fhiosrúchán reachtúil a thionólfar chun méid na saincheisteanna a tugadh chun solais i dtuarascáil an IRG a chinneadh.

Tugadh Athbhreithniú ar Chumas Eagrúcháin na Roinne chun críche freisin i 2022. San athbhreithniú seo, rinneadh scrúdú ar an Roinn faoi cheithre cheannteideal leathana: Ceannaireacht, Ceapadh Beartais, Seachadadh agus Tacaíocht Gnó. Cé go leagtar amach sa tuarascáil roinnt bealaí inar féidir leis an Roinn a fheabhsú, admháidh inti freisin na láidreachtaí atá ag an Roinn. Leanadh ar aghaidh le cur i bhfeidhm na moltaí atá sa tuarascáil.

Lean ár nAonad Taighde, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta ar aghaidh ag comhordú comhoibrithe taighde agus nuálaíochta idir an Roinn Cosanta, Óglaigh na hÉireann agus cuideachtaí atá bunaithe in Éirinn, institiúidí taighde agus oiliúna agus clár nuálaíochta inmheánacha in 2022. Leanadh le Dúshlán Nuálaíochta SFI-Defence in 2022 agus fógraíodh an buaiteoir foriomlán, a fuair duais €1 milliún, i mí na Samhna. Ní mór moladh a thabhairt do na tionscadail go léir a ghlac páirt sa dúshlán as an iliomad smaointe agus saineolas nuálaíoch a thabhairt ar aghaidh, idir an mheaisínfhoghlaim agus an réaltacht fhíorúil, an anailísíocht sonraí, agus an innealtóireacht agus róbataic. I mí Dheireadh Fómhair, réachtáladh Defence Sparx, clár oiliúna nuálaíoch struchtúrtha, is clár tumtha agus praiticiúil inar fhorbair rannpháirtithe réitigh cruthaitheacha ar dhúshlán réadúla atá ann in Óglaigh na hÉireann agus sa Roinn Cosanta araon. Threoraigh agus thacaigh saineolaithe na rannpháirtithe agus iad ag obair chun réiteach éifeachtach a fhorbairt ar dhúshlán sannaithe fíor-shaoil a bhí os comhair na heagraíochta.

Le linn 2022 bronnadh bonn ar bheagnach 1,500 oibrí deonach Cosanta Sibhialta mar aitheantas ar an ról tábhachtach a bhí acu chun tacú lena bpobail le linn an COVID-19. Tá oibríthe deonacha ag cur cúnamh ar fáil anois freisin san iarracht chun freastal ar dhaoine ón Úcráin atá ag lorg tearmainn in Éirinn, chomh maith leis na cúraimí iomadúla eile a bhfuiltear ag iarraidh orthu tabhairt fúthu. Tá beartas an Rialtais don Chosaint Sibhialta leagtha amach sa doiciméad “I dTreo 2030” a foilsíodh in 2020 agus leanann an Roinn ar aghaidh ag plé leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha (PGFanna) chun a chinntiú go bhforbraítear seirbhísí agus cumais na Cosanta Sibhialta chun freastal ar a gcuid riachtanas.



Jacqui McCrum
An t-Ard-Rúnaí

Leanann an Oifig um Pleanáil Éigeandála ag tacú le hobair Thascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála trí oibriú le gach roinn agus gníomhaireacht rialtais chun feabhas a chur ar chomhordú na bainistíochta éigeandála ar fud an Rialtais. In 2022 d’óstaigh siad an chéad Chomhdháil Uile-Oileáin maidir le Laghdú ar Riosca Tubaiste ar tionóladh riamh le comhghleacaithe ó Thuaisceart Éireann.

Seoladh Líonra na mBan Cosanta, comhthionscnamh sibhialta/míleata go hoifigiúil in 2022. Tá leibhéal rannpháirtíochta ban in Óglaigh na hÉireann ar phríomhdhúshlán do gach duine atá páirteach sa Chosaint agus mar sin is ionann an Líonra seo agus forbairt dhearfach chun cabhrú le mná sa Roinn agus in Óglaigh na hÉireann a thabhairt le chéile chun a dtaithe a roinnt agus foghlaim óna chéile.

Ba mhaith linn an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le foireann Óglaigh na hÉireann agus na Roinne Cosanta, cibé acu atá sa bhaile nó thar lear, as an obair dhian agus an iarracht leanúnach atá déanta acu le linn 2022. Tá a fhios againn gur féidir linn brath ar bhur dtacaíocht agus cúnamh agus muid ag leanúint linn le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn. Mar fhocal scoir, ba mhaith linn aitheantas a thabhairt do na Rúnaíthe Cúnta Des Dowling, Ciaran Murphy agus Robert Mooney a d’éirigh as an Roinn nó a d’fhág an Roinn agus as an gcion suntasach atá déanta acu ar son na Cosanta le blianta fada anuas, agus guímid gach rath orthu ina saol amach anseo.



An Leifteanant-Ghinearál Seán Clancy
An Ceann Foirne

Brollach

LEIS AN TÁNAISTE AGUS AN TAIRE COSANTA



Tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2022 na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann a fháil. Sa Tuarascáil seo, soláthraítear sonraí cuimsitheacha ar an dul chun cinn suntasach atá déanta le linn 2022 maidir le gach ceann de na Spriocanna Straitéiseacha atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann, 2021 – 2023. Sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2022, léirítear an obair atá déanta ag an Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann i rith tréimhse ina raibh dúshlán ar leith le tabhairt.

Mar an Tánaiste agus Aire Cosanta ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do bhás an tSaighdiúra Shingil Seán Rooney i gcúinsí tragóideacha i mí na Nollag agus déanaim comhbhrón ó chroí lena mhuintir atá fós faoi mhéala. Ba mhaith liom mo bheannachtaí a chur chuig an Saighdiúir Shane Kearney freisin, agus téarnamh iomlán a ghuí leis. Ba é an Saighdiúir Singil Rooney an chéad Choimeádaí Síochána Éireannach a fuair bás ar mhisean síochánaíochta ó 2003 i leith agus cuireann sé i gcuimhne dúinn go n-oibríonn ár gcoimeádaithe síochána i dtimpeallachtaí a bhíonn naimhdeach agus an-deacair agus contúirteacha, uaireanta. Tá sé tábhachtach nach ndéanfaimid dearmad riamh ar na contúirtí a bhaineann leis an obair seo, ná ar an gcaoi a gcuireann comhaltaí ár bhFórsaí Cosanta atá ar mhisin síochánaíochta thar lear a mbeatha i mbaol gach lá chun an tsíocháin a thógáil agus a chothabháil i limistéir choinbhleachta ar fud an domhain.

I mí Feabhra, chuireamar fáilte roimh fhoilseachán Thuarascáil an Choimisiúin ar Óglaigh na hÉireann. Sa Tuarascáil, moltar athruithe suntasacha a chur le hÓglaigh na hÉireann agus tá raon leathan i gceist lena moltaí a chuimsíonn socruithe ceannasaíochta ardleibhéil, struchtúir Óglaigh na hÉireann, cumais agus maoiníú cosanta, agus na hÓglaigh Cúltaca. I mí Iúil 2022, cuireadh an Plean Gníomhaíochta Ardleibhéil (HLAP) faoi bhráid an Rialtais agus fuarthas faomhadh le haistriú go Leibhéal Uaillmhian (LOA) 2, mar atá leagtha amach sa chreat cumais a cheap an Coimisiún ar Óglaigh na hÉireann. Mar thoradh air sin ardófar an buiséad Cosanta ó €1.1 billiún go €1.5 billiún, de réir phragsanna 2022, faoi 2028, is é sin an méadú is mó ar an maoiníú Cosanta i stair an Stáit. Ceadófar dá réir don chlaochlú agus don infheistíocht shubstaintiúil is gá san earcaíocht agus i dtrealamh a d'aithin an Coimisiún.

Tá Oifig Bainistíochta Forfheidhmithe an Airm sibhialta ag obair ar thacar de 38 Gníomh Luatha mar atá leagtha amach san HLAP agus, faoi Mhárta 2023, bhí 80% díobh curtha i gcrích agus dul chun cinn suntasach déanta ar an gcuid eile díobh. Táim ag tnúth leis an bPlean Forfheidhmithe mionsonraithe a fháil go luath is pleán ina leagfar amach go soiléir an obair is gá chun bunathrú Óglaigh na hÉireann agus soláthar cosanta in Éirinn a bhaint amach go hiomlán.

Bunaíodh an Grúpa Athbhreithnithe Neamhspleách, is grúpa faoi cheannas Breithiúna, in 2022 chun scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le mí-iompar gnéasach, bulaíocht, ciapadh agus leatrom in Óglaigh na hÉireann.

Fuarthas an tuarascáil deiridh i mí Feabhra 2023 agus cuirfeadh moltaí na tuarascála, a bhfuil 13 cinn ar aghaidh go pras. Cé go n-aithnítear sa tuarascáil an t-ardmheas atá ar Óglaigh na hÉireann, léirítear inti freisin an gá ríthábhachtach atá le bunathrú cultúrtha agus láithreach a ndéanfaidh mé maoirsiú air chun a chinntiú gur féidir le gach ball d'Óglaigh na hÉireann a chuid dualgas a chomhlíonadh i dtimpeallacht shábháilte a bhfuil dínit agus comhionannas mar bhonn agus mar thaca leis, agus go mbeidh neamhfhuilaint ar an iompar do-ghlactha. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an nGrúpa Athbhreithnithe as an obair atá déanta acu agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do mhiseach na mball d'Óglaigh na hÉireann sin a roinn a gcuid taithí freisin, agus leis na Mná Onóracha, agus na Fir agus na Mná Onóracha, a rinne an oiread sin chun feasacht a ardú ar na saincheisteanna seo.

In 2022, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis an gclár bonneagair a sheachadadh i bPlean Forbartha Bonneagair Óglaigh na hÉireann (IDP) agus maidir le suiteálacha míleata Óglaigh na hÉireann ar fud na tíre a nuachóiriú, lena n-áiríthítear go bhfuil an bonneagar riachtanach ag Óglaigh na hÉireann lena gcur ar a gcumas tabhairt faoina ról. Déanfar infheistíocht bhreise de €55 milliún sa bhliain 2023, an méid is mó riamh, rud a thaispeánfaidh tiomantas an Rialtais chun a chinntiú go mbainfeadh amach nuachóiriú ár bhFórsaí Cosanta faoi láthair agus amach anseo.

Ba é 2022 bliain chomórach 100 bliain an Aerchóir agus cuireadh tionscadail mhóra éadála chun cinn freisin. Le déanaí, ghlacamar le seachadadh ceann amháin de dhá Aerárthach Patróil Mhuirí nua a ordaíodh. Soláthróidh na haerárthaí seo raon leathan seirbhísí lena n-áirítear tacaíocht lóistíochta agus iompar trúpaí agus trealamh, aslonnú leighis agus aer-otharcharr, cuardach agus tarrtháil agus ról fóntais ghinearálta.

Chuir an Roinn fáilte freisin roimh Thuarascáil um an Athbhreithniú Inniúlacht Eagraíochta (OCR) i mí Aibreáin; thug an Rialtas an Tuarascáil agus an Plean Forfheidhmithe gaolmhar faoi deara i mí Iúil. Leis an Athbhreithniú Inniúlacht Eagraíochta agus Tuarascáil an Choimisiúin ar Óglaigh na hÉireann, tá deis againn an eagraíocht a mhúnlú chun seachadadh a dhéanamh ar bhealach nua-aimseartha, bealach atá éifeachtach do shaoránaigh na hÉireann agus chun an bealach a n-oibrímid ar fud na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann a athrú ó bhonn.

I mí na Samhna tugadh ómós don ról a bhí ag oibríthe deonacha na Cosanta Sibhialta le linn na paindéime COVID-19. Chabhraigh na hoibríthe deonacha seo lena bpobail i ngach contae ar fud na tíre agus thug siad faoi bhreis is 10,000 tasc le linn na paindéime mar thaca leis na hÚdaráis Áitiúla, FSS agus an Garda Síochána. Fuair beagnach 1,500 ball bonn a bhí saindeartha chun aitheantas a dhéanamh ar ár mbuíochas as an méid a chuir siad leis an eagraíocht dheonach iontach seo. Le déanaí, chonaiceamar an méid a chuireann an Chosaint Sibhialta chun cuidiú leis an iarracht chun freastal ar na daoine sin de mhuintir na hÚcráine atá ag lorg tearmainn in Éirinn.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun mo bhuíochas a chur in iúl don Ard-Rúnaí agus don Cheann Foirne agus dá bpearsanra sibhialta agus míleata as an obair shuntasach ar fad a rinne siad le linn 2022, sa tír seo agus thar lear.



Micheál Martin, TD
Tánaiste agus Aire Cosanta

Forbhreathnú 2022

Bhí **7,840** lá oibre sna Fórsaí Cosanta, san iomlán, tionsaithithe don vacsaíniú roimh COVID-19, tástáil, don rianú teagmhálaithe, do thacaíochtaí lóistíochta agus do thacaíochtaí eile i rith 2022



Phróiseáil an Brainse Airgeadais

27,215 idirbheart le linn 2022



D'fhóin **1,550** ball den BFC thar lear i misin éagsúla



Chríochnaigh **306** an tAerchór misean Tacaíochta Aerleighis Éigeandála (TAE) in 2022

Thug an tSeirbhís Chabhlaigh faoi

702 lá patróil iascaigh, ar an iomlán



491 Reáchtáladh Cúrsa Cosanta Sibhialta agus d'fhreastail

2,988 duine orthu



Chríochnaigh **819** pearsa ó na hÓglaigh Chúltaca (FCÓÉ)

16,632 lá oiliúna caighdeánach

Buachphointí

LE LINN 2022, DHÉILEÁIL FOIREANN NA ROINNE COSANTA AGUS ÓGLAIGH NA HÉIREANN LEIS NA MÍREANNA SEO A LEANAS:

252,249

Míreanna comhfhreagrais ar an teileafón, tríd an bpost nó trí ríomhphoist



1,036

Ceisteanna Parlaiminte



491

Uiríll



39

Meamraim don Rialtas

412

Iarratais um Shaoráil Faisnéise a fuarthas:

281 ag Óglaigh na hÉireann
131 ón Roinn Cosanta



5

Cruinnithe Thascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála



138

Grúpaí Tras-Rannacha arna seirbheáil ag oifigigh den Roinn

50

MTanna & CLSanna na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann atá i bhfeidhm le Ranna agus Eagraíochtaí Rialtais eile



687

Aighneachtaí lena gCeadú ag an Aire



37

Imeachtaí Searmanacha Airm agus Stáit



6

Cruinnithe Airí Cosanta an AE

3

Cruinnithe Ceannairí Cosanta an AE (CHOD)

Gnóthachtálacha Príomhúla i 2022

Seo a leanas cuid d'éachtaí ardleibhéil atá bainte amach sa Roinn Cosanta agus ag Óglaigh na hÉireann in 2022:

- » Chríochnaíodh tuarascáil an Choimisiún ar Óglaigh na hÉireann (CÓÉ) i mí Feabhra agus fuair an tAire í. Plean Forfheidhmithe Ardleibhéil (HLAP), ag eascairt as Tuarascáil an CODF, arna fhorbairt ag foirne Sibhialta/Míleata agus arna chomhaontú ag an Rialtas i mí Iúil agus mar thoradh air sin tháinig an Rialtas ar chomhaontú maidir le haistriú go Leibhéal Uaillmhian 2, mar atá leagtha amach i dtuarascáil an CODF, le maoiniú a mhéadú go €1.5 billiún (i bpragsanna 2022) faoi 2028, an infheistíocht is mó sa Chosaint i stair an Stáit. Cuireadh tús le Luath-Ghníomhartha arna gcomhaontú san HLAP agus roinnt díobh tugtha chun críche faoi dheireadh na bliana.
- » Críochnaíodh Athbhreithniú ar Chumas Eagraíochta na Roinne i mí Aibreáin agus foilsíodh plan gníomhaíochta ardleibhéil i mí Iúil atá dírithe ar cheithre réimse, is iad sin an cheannaireacht, an ceapadh beartais, an seachadadh agus feidhmeanna tacaíochta gnó.
- » Grúpa Athbhreithnithe Neamhspleách faoi cheannas Breithimh, arna bhunú an 25 Eanáir 2022, chun scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le dínit, leithcheal, bulaíocht, ciapadh, gnéaschiapadh agus mí-iompar gnéasach in Óglaigh na hÉireann.
- » An Plean um Bonneagar 5 bliana agus an Plean Forbartha Trealaimh rollach 5 bliana d'Óglaigh na hÉireann a chur i bhfeidhm go leanúnach.
- » In 2022, rinneadh an leithdháileadh is mó de mhaoiniú caipitil ar bhonneagar tógtha Óglaigh na hÉireann, agus leithdháileadh déanta de €45 milliún san iomlán.
- » Soláthraíodh tionscadail shuntasacha trealaimh lena n-áirítear 30 feithicil armúrtha áirgiúlachta, 220 feithicil neamharmúrtha agus uasghrádú ar an bhflít de Chosaint 80 lompróir Pearsanra Armúrtha, dhá Ártach Patróil cladaigh a ceannaíodh le seachadadh in 2023 agus dhá Aerárthach Patróil Muirí nua Airbus C-95 gar do bheith críochnaithe lena seachadadh in 2023.
- » Bhronn an tAire boinn COVID-19 ar 400 Oibrí Deonacha den Chosaint Sibhialta; san iomlán, fuair 1,500 oibrí dheonacha na boinn seo.
- » Córas nua Bainistíochta Oibrithe Deonacha agus Trealaimh a dhearadh agus a thógáil don Chosaint Sibhialta a rachaidh beo in 2023.
- » Cuireadh roinnt tionscnamh earcaíochta agus coinneála i bhfeidhm lena n-áirítear síneadh a chur le Scéim Gealltanais Seirbhíse an Aerchóir, Scéim Tiomantas Muirí na Seirbhíse Cabhlaigh agus síneadh le Creidmheas Cánach Pearsanta de Chomhaltaí Muirí na Seirbhíse Cabhlaigh. Comhaontú eatramhach le DPER le Sáirsintí a earcaíodh tar éis 1 Eanáir 1994 a choinneáil ar a gcoinníollacha reatha, i ndiaidh a ndáta scoir reatha. Comhaontú ar Shíneadh an Chomhaontaithe Pá "Ag Dul ó Neart go Neart", lena gceadaítear méaduithe pá 6.5% thar shaolré an chomhaontaithe. Ballraíocht chomhlach ICTU (sealadach ar feitheamh reachtaíochta) do Chomhlachais Ionadaíochta deonaithe.
- » I réimse na Reachtaíochta cuireadh tús le hobair chun na Cinn Bhille a dhréachtú le haghaidh an leasú reachtach ar an Acht um Am Oibre lena mbainfeadh an díolúine uileghabhálach d'Óglaigh na hÉireann, a chuirfeadh faoi bhráid Oifig an Ard-Aighne agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta tar éis di a bheith ceadaithe ag an Tánaiste. Cuireadh tús leis an Acht Cosanta (Leasú), 2021, achtaíodh an tAcht Fórsaí Cosanta (Fianaise) agus cheadaigh an Rialtas téacs an Bhille um Chosaint Sibhialta.



- » Caibidlíocht rathúil agus glacadh Compás Straitéiseach an AE i mí an Mhárta 2022.
- » Faomhadh faighte ón Rialtas agus ón Dáil go rachaidh Éire isteach i gceithre thionscadal PESCO mar rannpháirtithe, agus faomhadh an Aire faighte chun suas le 12 thionscadal nua a nascadh mar Bhreathnadóir.
- » Foilsíodh Treoirdhoiciméad 6 um Bainistíocht Straitéiseach Éigeandála (SEM) - Pleanáil agus Cleachtadh agus an Tuarascáil ar Mheasúnú ar Chumais Bainistíochta Riosca.
- » D'óstáil an Oifig um Pleanáil Éigeandála an chéad Chomhdháil Uile-Oileáin riamh um Laghdú ar Riosca Anachaine le comhghleacaithe ó Thuaisceart Éireann.
- » Tuarascáil ar Fhorbairt Inniúlachta, (ionchur sibhialta/míleata), críochnaithe agus aonad nua le bunú go luath in 2023.
- » Cuirteanna a thug an Taoiseach agus Aire Cosanta mar aon leis an Ard-Rúnaí agus an Ceann Foirne ar thrúpaí Éireannacha sa Liobáin le UNFIL i mí Feabhra, Márta, Bealtaine agus Deireadh Fómhair.
- » Seoladh ardán nua um an gCogadh Cathartha ar shuíomh gréasáin Bhailiúchán Pinsean na Seirbhísí Míleata i mBealtaine 2022.
- » Soláthraíodh tacaíochtaí mar fhreagra ar na Géarchéimeanna sa Úcráin, lena n-áirítear tailte a chur ar fáil chun freastal ar áititheoirí, agus an Cosaint Sibhialta a sholáthar ionaid scíthe chun freastal ar Úcránaigh arna n-easáitiú ag 16 Aonad Cosanta Sibhialta ar fud na tíre. I measc na dtacaíochtaí breise a chuirtear ar fáil áirítear tacaíochtaí neamh-mharfacha a sholáthar ar nós béilí agus armúr colainne.
- » Tar éis iarratas ón Aire Iompair cuireadh comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann ar fuireachas chun cabhrú le hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (daa) le dualgais slándála eitlíochta a sholáthar ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, más gá, mar theagmhas gearrthéarmach a bhaineann leis an ngníomhú éigeandála.



Brollach

Déantar athbhreithniú sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar fheidhmíocht na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann le linn 2022. Déantar an fheidhmíocht a athbhreithniú de réir gach cinn de na Spriocanna Straitéiseacha atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann, 2021 – 2023.

Is é an Sprioc Ardleibhéal sa Ráiteas Straitéise 2021 - 2023 ná:

Soláthar a dhéanamh do chosaint mhíleata an Stáit, cur le síocháin agus slándáil náisiúnta agus idirnáisiúnta agus gach ról eile a shannann an Rialtas a chomhlíonadh.

Teastaíonn trí ghné straitéiseacha ar leith ach a chuireann lena chéile, chun an Sprioc Ardleibhéal a sholáthar. Is iad sin:

1. Beartas Cosanta
2. An Cumas chun Soláthar a Dhéanamh
3. Aschur Oibríochtúil Óglaigh na hÉireann

Leagtar amach na codanna aonair den tuarascáil seo leis na ceannteidil sin.

Comhlíonann an Tuarascáil seo ceanglais Alt 4(1)(b) den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997 chun tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire maidir le feidhmíocht de réir cuspóirí straitéiseacha.

Cuid 1

SPRIOC STRAITÉISEACH

Beartas agus comhairle mhíleata iomchuí a chur ar fáil go tráthúil

Beartas Cosanta

Cuimsíonn beartas cosanta gach limistéar de sholáthar Cosanta agus cuireann sí taca faoin riachtanas lena chinntiú go gcothaíonn agus go bhforbraíonn an Stát cumas cuí cosanta agus aird ar an timpeallacht chosanta agus slándála. Anuas air sin, cuireann an Roinn Cosanta réimse fairsing tacaíochtaí ar fáil don Aire chun cabhrú leis ina ról mar cheann na Roinne.

Tá gnéithe sibhialta agus míleata ann, a chomhoibríonn le chéile chun a chinntiú go soláthraítear riachtanais an Aire agus an Rialtais maidir le cosaint. Is é an tArd-Rúnaí príomhchomhairleoir beartais an Aire, agus is é an Ceann Foirne príomhchomhairleoir míleata an Aire.

Maidir le slándáil agus tacaíocht intíre, cuimsítear sa chreat beartais cosanta, i measc rudaí eile, beartas cosanta agus ionchur beartas cosanta isteach i gcreat uileghabhálach slándála an Stáit, obair na hOifige Pleanála Éigeandála, Cosaint Sibhialta agus Meabhráin Tuisceana agus Comhaontuithe Seirbhíse a fhorbairt le ranna rialtais agus gníomhaireachtaí stáit eile, i measc réimse fairsing ról.

Cuimsítear sa chreat beartais cosanta, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha, ionchur cosanta chun an tsíocháin agus an tslándáil dhomhanda agus réigiúnach a chaomhnú, lena n-áirítear forbairt leanúnach ar Chomhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) an AE; tacaíocht na hÉireann leis an iltaobhachas agus leis an gcomhshlándáil trínár rannpháirtíocht in oibríochtaí bainistíochta géarchéime agus oibríochtaí tacaíochta síochána atá údaraithe ag na NA; ár rannpháirtíocht i gComhpháirtíocht na Síochána (CPS) ECAT agus an tacaíocht a thugaimid don Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (an ESCE). I rith 2022, lean Éire uirthi ag glacadh páirte san fhorbairt leanúnach maidir le cumas bainistíochta géarchéime sibhialta agus míleata de chuid an AE faoin CBSC, laistigh de chreat an tiomantais do phríomhacht na Náisiún Aontaithe i dtaobh síocháin agus slándáil idirnáisiúnta a chothú.

Rinneadh ionadaíocht d'Éirinn ag sé chruinniú Aireachta in 2022 – trí chruinniú neamhfhoirmiúla d'Airí Cosanta an AE agus trí chruinniú fhoirmiúla de Chomhairle Gnóthaí Eachtracha an AE i gcumraíocht Chosanta. Rinneadh ionadaíocht d'Éirinn ag gach ceann de na trí chruinniú freisin le Stiúirthóirí Beartais Cosanta a cuireadh ar bun i rith na bliana, cruinniú le Ceannasaithe Cosanta Míleata ECAT (CHOD) a thit amach in Eanáir, i mBealtaine agus i nDeireadh Fómhair.

I rith 2022, ghlac an Roinn agus Óglaigh na hÉireann páirt i roinnt idirchaidreamh déthaobhach le réimse Bhallstáit an AE agus tíortha agus eagraíochtaí eile maidir le saincheisteanna beartais agus oibríochtúla. Tá tiomantas na Roinne chun a rannpháirtíocht dhéthaobhach le Ballstáit eile a mhéadú léirithe ann, go háirithe i ndáil le forbairt bheartas slándála agus cosanta an AE.



Tháinig deireadh le téarma dhá bhliain Éire a bheith mar chomhalta tofa de Chomhairle Slándála na NA an 31 Nollaig 2022. Le linn an ama sin, ghlac Éire páirt ghníomhach ar fud chlár oibre leathan na Comhairle.

Bhí trí chroíphrionsabal mar bhonn agus thaca againn do théarma 2021-2022:

- » an tsíocháin a thógáil, lena n-áirítear coimeád na síochána agus tógáil na síochána a neartú ar fud an domhain;
- » cosc coinbhleachtaí a neartú, trí aghaidh a thabhairt ar fhachtóirí a spreagann an choibhleacht;
- » an chuntasacht a áirithiú, trí oibriú chun deireadh a chur le saoirse ó phionós dóibh siúd atá freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus ar chearta an duine.

I rith an téarma dhá bhliain, thacaigh foireann mhíleata agus foireann de na Roinn Cosanta arna sannadh do Bhuan-Mhisean na hÉireann chuig na Náisiúin Aontaithe i Nua-Eabhrac le gnéithe cosanta bhallaíocht Chomhairle Slándála na hÉireann. Bhí comhoibriú tras-rannach sármhaith ann ar gach ábhar a bhain le beartas síochánaíochta agus le hathnuachan shainorduithe na NA i ndáil leis na hoibríochtaí thar lear uile.

Ag tógáil ar na scórtha bliain d'fheabhas i síocháin a choimeád thar lear ag Óglaigh na hÉireann agus an tairní atá ag Éirinn ar chothú na síochána, rinne Éire idirbheartaíocht ar Rún den chéad chineál ar aistriú Síochánaíochta. Bhí sé mar aidhm aige seo a chinntiú, nuair a fhágann coimeádaithe síochána na NA, go gcoimeádtar an tsíocháin. Thacaigh na 15 chomhalta ar fad de Chomhairle Slándála na NA le Rún 2594 ó Chomhairle Slándála na NA in 2021 agus bhí sé ceannródaíoch maidir le cosaint na sibhialtach, cuimsiú na sochaí sibhialta a chomhtháthú, agus lena áirithiú go bhfoghlaímíonn an Chomhairle ceachtanna ó aistriú roimhe seo amháil an Libéir agus an tSúdáin. Le linn 2022 dhírigh an obair ar chur i bhfeidhm an Rúin chun síocháin níos inbhuanaithe agus níos cuimsithí a sholáthar tar éis imeacht na trúpaí síochánaíochta.

I rith 2022, phléigh an Coiste Bainistíochta Straitéisí (an CBS) cúrsaí cosanta straitéiseacha ar bhonn míosúil. Is comhchoiste sibhialta-míleata é an CBS a chuimsíonn Ard-Rúnaí na Roinne Cosanta (Cathaoirleach), an Ceann Foirne, an ceathrar Ard-Rúnaithe Cúnta, an bheirt Leas-Ceann Foirne, an Stiúrthóir agus an Ceann Foirne Cúnta. Bíonn an Ginearóifigeach i gCeannas ar an Aerchór agus an Ceannasóir i gCeannas na Seirbhíse Cabhlaigh i láthair i dtaobh cúrsaí a théann i bhfeidhm ar a gcuid seirbhísí. Is tosaíocht é an comhoibriú dlúth ar gach ceist idir na gnéithe sibhialta agus míleata. Leagtar amach in Aguisín A comhdhéanamh an Bhoird Bhainistíochta agus na Foirne Ginearálta.




Comhghrúpa sibhialta-míleata ardleibhéil é an Grúpa Pleanála agus Soláthair Ardleibhéil (an GPSAL) arb é a ról chun pleananna rollacha ilbhliantúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun trealamh a sholáthar agus a dhiúscairt, agus d'fhorbairt bhonneagrach bunaithe ar na tosaíochtaí beartais sa Pháipéar Bán. Chas an GPSAL le chéile 10 n-uaire in 2022.

Tá AD mar bhallchuid lárnach don bhforbairt chumais. Le linn 2019, bhunaigh an tAire le freagracht as Cosaint Grúpa AD Straitéiseach sibhialta-míleata ardleibhéil nua (GADS). Tá pearsanra sinsearach sibhialta agus míleata sa Ghrúpa agus déanann an Rúnaí Cúnta, an Rannán Inniúlachta (Daoine), agus an Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht) comhchathaoirleacht air. Is é ról an Ghrúpa tosaíochtaí acmhainní daonna straitéiseacha a shainnigh laistigh de chreat beartais an Pháipéir Bháin ar Chosaint agus, sa chomhthéacs seo, chun pleananna agus gníomhaíochtaí na Cosanta a chomhordú le soláthar a chinntiú. Tháinig an GADS le chéile ceithre huair le linn 2022.

Cuireann Oifig an Aire Cosanta nasc ar fáil idir an tArd-Rúnaí agus an tAire, an Roinn, na húdaráis mhíleata agus an pobal i gcoitinne, agus tá sí freagrach as monatóireacht agus comhordú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na Roinne i leith gnó parlaiminteach. I rith 2022, d'fhreagair an tAire 1,036 Ceist Pharlaiminte, ar an iomlán, agus rinneadh 491 uiríoll sa bhreis air sin leis an Aire a riar i rith na bliana, i measc a réimse fairsing de ghnó eile parlaiminteach agus Aire.

I rith 2022, chuir an Fhaisnéis Mhíleata 169 faisnéisiú ar fáil, ar chruinnithe faisnéise ó bhéal 106 díobh agus ar chruinnithe faisnéise scríofa 63 díobh, lena n-áirítear cruinnithe míosúla faisnéise agus slándála, faisnéisiú réamh-implonaithe agus iar-implonaithe don phearsanra a bhí ag fónamh in Oibríochtaí Tacaíochta Síochána, agus faisnéisiú Aireachta. Reáchtáil an Fhaisnéis Mhíleata mórán cruinnithe inmheánacha feasachta agus slándála freisin do chúrsaí gairm bheatha mhíleata d'fhoireann Óglaigh na hÉireann.



AN COIMISIÚN UM ÓGLAIGH NA hÉIREANN

Foilsíodh Tuarascáil an Choimisiúin ar Óglaigh na hÉireann (CÓÉ) an 9 Feabhra, 2022. I bhfianaise na moltaí suntasacha atá iontu, rinne an Roinn agus Óglaigh na hÉireann mionbhreithniú ar na moltaí seo thar thréimhse cúig mhí, lena n-áirítear comhairliúchán suntasach idir-rannach. Cuireadh Plean Gníomhaíochta Ardleibhéal (PGA) CÓÉ a bhí mar thoradh ar an bpróiseas seo faoi bhráid an Rialtais agus ghlac an Rialtas cinneadh i mí Iúil 2022 chun aistriú go Leibhéal Uaillmhian (LOA) 2 a cheadú. Beidh méaduithe maoinithe ilbhliantúla i gceist leis seo, ag tosú in 2023, chun buiséad cosanta de thart ar €1.5 billiún a bhaint amach faoi 2028, innéacsnaicthe le boilsciú le méaduithe incriminteacha ar líon pearsanra Óglaigh na hÉireann de thart ar 2,000 sa bhreis ar an mbunú reatha de 9,500. Is é sin an méadú is mó riamh i stair an Stáit i ndáil leis an maoiniú Cosanta. Ceadófar dá réir don chlaohlú agus don infheistíocht shubstaintiúil is gá san earcaíocht agus i dtrealamh a d'aithin an Coimisiún.





Sa tuarascáil, sainaitníodh cúig phríomhréimse le hathchóiriú lena n-áirítear athrú bunathraithe chun an Cultúr Eagrúcháin, an Straitéis Acmhainní Daonna agus na cleachtais a nuachóiriú; chun Ceannasaíocht agus Rialú Ardleibhéil a athchóiriú agus Comhcheanncheathrú Straitéiseach a chruthú; chun na hÓglaigh Chúltaca a athbheochan; na Seirbhísí a athchóiriú agus a Athstruchtúrú – Arm, Cabhlach agus Aerfhórsa nua-aimseartha a sholáthar atá deartha agus struchtúrtha chun fórsa comhtháite a sholáthar don todhchaí chun críocha na cosanta náisiúnta, misin thar lear agus Cúnamh Cumhachta Sibhialta/Cúnamh don Údarás Sibhialta (ATCP/ATCA); agus Forbairt Chomhchumais mar atá leagtha amach sa tábla thíos.

D'aithin an Coimisiún go raibh géarghá le hathrú acmhainní daonna agus cultúir laistigh d'Óglaigh na hÉireann. Chun móiminteam agus creidiúnacht a chur ar fáil don phróiseas AD agus athraithe cultúir, cuireadh tús le próisis earcaíochta do roinnt post nua lena n-áirítear dhá phost sibhialtach Ceann Claochlaithe agus Ceann Acmhainní Daonna Straitéiseach.

Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Ardleibhéil freagairt an Rialtais ar gach ceann de 130 moladh aonair a rinneadh i dtuarascáil an Choimisiúin. Tá céad agus trí ceann de na moltaí sin glactha ag an Rialtas anois lena gcur i bhfeidhm, nó glactha i bprionsabal, agus tá cinn ar na 27 moladh eile le déanamh go dtí go ndéanfar tuilleadh breithnithe orthu. Tá liosta na moltaí agus an seasamh ina leith sin leagtha amach in Aguisín B. D'oibrigh an Oifig um Bainistíocht Forfheidhmithe sibhialta/míleata (OBF) le comhghleacaithe sibhialta agus míleata ar thacar de 38 Gníomh Luatha atá le seachadadh laistigh de shé mhí tar éis don Rialtas a Chinneadh a dhéanamh. Tá tábla de na gníomhartha luatha seo leagtha amach in Aguisín C. Ina measc, áirítear an Plean Cur Chun Feidhme Mionsonraithe a leagann amach conas a dhéanfar moltaí Thuarascáil an CÓÉ a sheachadadh sna blianta atá le teacht. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar chur i bhfeidhm na 38 gníomh luath seo faoi dheireadh 2022, agus an formhór díobh tugtha ar aghaidh go suntasach ó thaobh seachadta.

Cúig Chroí-réimse agus Cuspóirí Straitéiseacha Gaolmhara

Leag tuarascáil an Choimisiúin béim ar chúig chroí-réimse nach mór aghaidh a thabhairt orthu i bplean forfheidhmithe mionsonraithe de bhun cinní beartais maidir le leibhéal uailmhéine agus buiséid:

Athrú claochlaithe Chun cultúr na hEagraíochta, a Straitéis AD agus cleachtais a nua-aoisiú	Athchóiriú ar Ordú agus Rialú Ardleibhéilil Agus Comh-Ceanncheathrú Straitéiseach a chruthú	Athchóiriú agus Athstruchtúrú Seirbhísí	Athbheochan na bhfórsaí Cosanta Cúltaca	Forbairt Chomhchumais
Acmhainní daonna – muintir Óglaigh na hÉireann – a chur i lár an aonaigh, trí ath-rannpháirtíocht a dhéanamh ar bhealach eile lena chroiluchanna, athnuachan a dhéanamh ar a 'chonradh' lena ndaoine le cleachtais oibre nua-aimseartha, córais bhainistíochta ghairme agus córais arduithe céime thrédhearcaha bunaithe ar fhiúntas.	Éilítear ceapachán Ceann Cosanta (CHOD), le ceannas agus rialú iomlán Óglaigh na hÉireann, agus freagracht ar cóimhéid, tacaíthe ag trí Phríomh-Oifigeach Seirbhísí. Comh-Cheanncheathrú Straitéiseach a chruthú ar a mbeidh gach seirbhís mar bhall foirme ann, lena n-áirítear saíneolaithe sibhialtacha chun tacú leis an gCeann Óglaigh na hÉireann 2030+ a sholáthar	Chun Arm, Cabhlach agus Aerfhórsa nua-aimseartha a sholáthar atá deartha agus struchtúrtha chun soláthar a dhéanamh d'fhórsa comhtháite sa todhchaí le haghaidh cosaint náisiúnta, misin thar lear agus ATCP/ATCA.	Chun fórsa cúltaca a chruthú ar féidir leis gan uaim traenáil, oibriú agus imscaradh leis an mBuan Óglaigh na hÉireann, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta	Chun tacú le gach Seirbhís I bhforbairt an Chomh-fhórsa sa todhchaí, lena soláthrófar roghanna míleata don Rialtas a bheidh ullamh le haghaidh oibríochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

GRÚPA ATHBHREITHNITHE NEAMHSPLEÁCH

Fuarthas faomhadh an Rialtais an 25 Eanáir 2022 chun Grúpa Athbhreithnithe Neamhspleách faoi cheannas na mBreithiúna a bhunú chun scrúdú a dhéanamh ar na beartais, na córais agus na nósanna imeachta reatha chun déileáil le hábhair a bhaineann le dínit, leithcheal, bulaíocht, ciapadh, gnéaschiapadh agus mí-iompar gnéasach in Óglaigh na hÉireann.

In ainneoin na n-athchóirithe atá déanta in Óglaigh na hÉireann le 20 bliain anuas maidir le cúrsaí dínite agus comhionannais, ba léir ón taithí a bhí ag comhaltaí reatha agus iarchomhaltaí Óglaigh na hÉireann araon, lena n-áirítear Grúpa na mBan Onórach agus Grúpa na bhFear agus na mBan Onórach, go bhfuil an cultúr sin fós i réim, agus nár éirigh leis na beartais, córais agus gnásanna chun déileáil leis an iompar doghlactha, freastal go maith ar phearsanra uile Óglaigh na hÉireann, agus nach bhfuil ag éirí leo feasta.

Ba chéad chéim ríthábhachtach é an tAthbhreithniú Neamhspleách chun a chinntiú go bhfuil gach ball d'Óglaigh na hÉireann in ann a gcuid dualgas a chomhlíonadh in ionad oibre sábháilte, le dínit agus comhionannas mar bhonn agus mar thaca aige agus gur áit í nach bhfuil an t-iompar in-ghlactha ar bhealach ar bith agus ina bhfoghlaimitear ceachtanna ón taithí stairiúil.

Go déanach in 2021, bhí rannpháirtíocht fairsing le geallsealbhóirí éagsúla, lena n-áirítear comhaltaí atá ar seirbhís agus iarchomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann, na Cumainn Ionadaíochta, PDFORRA, RACO agus CIÓC ar bhunú an Athbhreithnithe Neamhspleách agus ar a Théarmaí Tagartha a thabhairt chun críche. Leagtar amach Téarmaí Tagartha in Aguisín D.

Bhí sé mar aidhm ag an Athbhreithniú:

- » scrúdú a dhéanamh ar chreataí, beartais, nósanna imeachta agus cleachtais reachtacha reatha,
- » measúnú a dhéanamh ar an gcultúr atá i réim san ionad oibre agus, bunaithe ar an obair sin,
- » moltaí a dhéanamh faoi bhearta agus straitéisí a theastaíonn le buntacú le hionad oibre bunaithe ar dhínit, comhionannas, cóimheas, agus dualgas cúraim do gach comhalta Óglaigh na hÉireann.

Bhí na Téarmaí Tagartha don Athbhreithniú fadréimseach agus rinneadh foráil iontu go bhféadfadh an Rialtas tuilleadh oibre a bhreithniú tar éis dó torthaí an Athbhreithnithe Neamhspleách a fháil, lena n-áirítear nithe de chineál stairiúil.

Rinne foráil iontu freisin go raibh Tuarascáil Deiridh lena dtugtar obair an Ghrúpa chun críche le cur ar fáil don Aire laistigh de 12 mhí, agus tuarascáil eatramhach tar éis sé mhí. Ina dhiaidh sin cuirfear an Tuarascáil Deiridh faoi bhráid an Rialtais, a fhéadfaidh aon chomhlachtaí oibre eile a d'fhéadfadh a bheith riachtanach a mheas, agus torthaí an Ghrúpa Athbhreithnithe Neamhspleách a chur san áireamh, roimh an bhfoilsíú. Táthar ag súil leis sin i R1 2023.

Bhí an Grúpa Athbhreithnithe Neamhspleách go hiomlán neamhspleách agus é ag dul i mbun a chuid oibre.

SPRIOC STRAITÉISEACH

An páipéar bán ar chosaint a chur i bhFeidhm

Leagtar amach sa Pháipéar Bán ar Chosaint an creat beartais cosanta go dtí 2025. Ó foilsíodh an Páipéar Bán, aithníodh 95 tionscadal ar leith a bhí le críochnú thar thréimhse deich mbliana.

Cuireadh creataí Rialachais Bainistíochta Tionscadal agus Clár i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar stádas leanúnach tionscadal aonair agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar scóip tionscadal laistigh den chlár.

Foireann shibhialta-mhíleata í an Chomhfhoireann Éascaithe um Chur i bhFeidhm an Pháipéir Bháin (an Chomhfhoireann) a oibríonn i gcáil mhaoirseachta, agus a sholáthraíonn tacaíocht agus a dhéanann monatóireacht ar dhul chun cinn thionscadail an Pháipéir Bháin seo. I rith 2022, lean an Chomhfhoireann le tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn a rinneadh chun an CBS a chur i bhfeidhm mar chuid den Soláthraíonn na tuarascálacha seo faisnéis stádais cothrom le dáta don Aire agus don bhainistíocht shinsearach shibhialta agus mhíleata, agus thug úsáid creata bainistíochta tionscadail chun feidhmiú an Pháipéir Bháin a éascú deis don Roinn Cosanta agus d'Óglaigh na hÉireann beart dírithe agus praiticiúil a dhéanamh.

San iomlán, as an líon 95 tionscadal an Pháipéir Bháin, tá 52 díobh críochnaithe go foirmiúil agus dúnta anois agus tá 43 ceann fágtha agus 13 díobh siúd atá gníomhach faoi láthair. As na 13 ceann atá gníomhach, tá ceithre cinn sa phróiseas dúnta. Is é an tosaíocht atá ann faoi láthair ná tionscadail leanúnacha WP a thabhairt chun críche agus meastóireacht a dhéanamh ar ailíniú na dtionscadal WP atá fós gan réiteach leis an bPlean Gníomhaíochta Ardleibhéil (PGA) a foilsíodh le déanaí don Choimisiún um Óglaigh na hÉireann. Tháinig an SMC le chéile i mí na Samhna agus chomhaontaíodh go ndéanfaí 26 tionscadal a chumasc le PGA le sé cinn eile le cur chun cinn mar thionscadail aonair. Ina theannta sin, dúnfar ceithre tionscadal agus déanfar athbhreithniú breise ar na seacht gcinn eile.

SPRIOC STRAITÉISEACH

Cur le beartas slándála agus cosanta náisiúnta agus idirnáisiúnta

AN COISTE SLÁNDÁLA NÁISIÚNTA (AN CSN)

Tá Ard-Rúnaí an Rialtais ina chathaoirleach ar an CSN, lena gcuimsítear ionadaithe ar an leibhéal is airde ó na Ranna Cosanta, DLí agus Cirt, Gnóthaí Eachtracha, Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus ón nGarda Síochána agus ó Óglaigh na hÉireann araon. Is é an Lárionad Náisiúnta um Anailísiú Slándála i Roinn an Taoisigh a sholáthraíonn rúnaíocht an Choiste. Tá sé de chúram ar an gcoiste a chinntiú go gcuirtear an Rialtas agus an Taoiseach ar an eolas faoi shaincheisteanna slándála ardleibhéil agus faoi na freagraí orthu, ach ní bhaineann sé le cúrsaí slándála oibríochtúla. Cuireann Coimisinéir an Gharda Síochána agus oifigigh ábhartha an Taoiseach ar an eolas go rialta maidir le staid na slándála náisiúnta agus idirnáisiúnta agus maidir le haon teagmhais aonair a d'fhéadfadh tarlú. Cuireann na hAíre iomchuí an Rialtas ar an eolas freisin maidir le saincheisteanna slándála a thagann faoina sainchúram de réir mar is gá. Tá socrúithe speisialta i bhfeidhm freisin chun déileáil le cúinsí ar leith a d'fhéadfadh teacht chun cinn, ar nós an chibear-ionsaí ar chórais TF FSS in 2021. D'fhreastail an tArd-Rúnaí, an Roinn Cosanta agus Ceann Foirne Óglaigh na hÉireann ar chruinnithe an NSC in 2022, le tacaíocht ó Stiúrthóir Faisnéise Óglaigh na hÉireann agus Stiúrthóir Oibríochtaí, Éigeandála agus Maoirseachta Bonneagair na Roinne.

AN LÁRIONAD ANAILÍSE SLÁNDÁLA NÁISIÚNTA (AN LASN)

Bhunaigh an Rialtas an LASN in 2019. Is é an príomhchúram atá aige ná anailís straitéiseach ardchaighdeáin a sholáthar don Taoiseach agus don Rialtas ar na príomhbhagairtí do shlándáil náisiúnta na hÉireann. Déanann pearsanra ar iasacht ó na Ranna éagsúla agus ó chomhlachtaí Stáit eile a bhfuil feidhmeanna acu sa réimse slándála an anailís straitéiseach ar bhagairtí, agus déantar é sin freisin trí idirchaidreamh agus dlúthchomhordú leis na Ranna agus na gníomhaireachtaí comhpháirtíochta sin, lena n-áirítear leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála. Tá idirchaidreamh leanúnach ann freisin le comhghleacaithe AE agus idirnáisiúnta agus le daoine eile. Tá beirt phearsanra ón Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann, pearsa sibhialta amháin (leibhéal an Phríomhoifigigh Chúnta) ar iasacht agus oifigeach idirchaidrimh míleata amháin (leibhéal an Cheannfoirt), sannta don LASN.

CÓRAS UM ULLMHACHT ACMHAINN CHOIMEÁDTA SÍOCHÁNA NA NÁISIÚN AONTAITHE (AN CUACS)

Cláraíonn Éire agus tíortha eile a chuireann trúpaí ar fáil acmhainní agus buíonta atá ar fáil lena n-implonú go dtí Oibríochtaí Coimeádta Síochána na Náisiún Aontaithe thar lear sa CUACS. Anuas ar na hacmhainneachtaí atá curtha i bhfeidhm nó atá geallta le hoibríochtaí eile, cuireann siad catalóg dhinimiciúil cothrom le dáta de na fórsaí siúd atá oile agus ar fáil a sholáthar do na NA ar féidir iad a chur chun feidhme nuair a bhíonn misean na NA á bhunú nó á neartú. Gheall Éire idir phearsanra agus trealamh do CUACS na NA agus gheall sí freisin oiliúint a sholáthar in Éirinn agus thar lear do thíortha a chuireann saighdiúirí ar fáil, a dhéantar a implonú go misinna NA.

I rith 2022, thug Éire tacaíocht airgeadais de níos mó ná €88,000 do UNITAR i dtreo 'Tionscnamh Garchabhrach Cairde' na NA. Mar gheall air sin, bhíothas in ann trealamh Garchabhrach 'Buddy' a sholáthar do bhreis is míle coimeádaí síochána ó Gána de chuid na NA a bhí ag fónamh in éineacht le baill d'Óglaigh na hÉireann in UNIFIL (Liobáin) agus MINUSMA (MALI).

Chuir máistir-oiliúinóir Feistí Pléascacha Seiftithe a implonú in Eanáir 2022 le gealltanais reatha na hÉireann chun oiliúint a sholáthar, a oibreoidh le Seirbhís Gníomhaíochana Náisiún Aontaithe maidir le Mianaigh Thalún (UNMAS) in Entebbe agus soláthraíodh máistir- oiliúinóir (an Garda Síochána) chun ceannas a ghlacadh as cúrsaí oiliúna don oiliúinóir Faisnéise faoi Stiúir na Coireachta ar feadh ceithre seachtaine sa bhliain.

STRAITÉIS DOMHANDA AN AE UM AN MBEARTAS EACHTRACH AGUS SLÁNDÁLA

I ndiaidh Straitéis Dhomhanda an AE 2016, a shainaithin tosaíochtaí do bheartas eachtrach an AE, lean forbairtí Comhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC). I dtaobh comhar cosanta a fhorbairt idir Ballstáit, áiríodh le tionscnaimh rathúla an CBSC Buanchomhar Struchtúrtha (BCS) a sheoladh, Athbhreithniú Bliantúil Comhordaithe ar Chosaint (ABCC) a bhunú, an Ciste Eorpach Cosanta a chruthú - agus a dhá réamhchlár - Saoráid Síochána Eorpach seachbhuiséid agus comhar breise le ECAT - agus an dá réamhchlár a ghabhann leis - Saoráid Síochána Eorpach seachbhuiséid agus comhar breisithe le ECAT.

In 2022, mhéadaigh Éire a rannpháirtíocht i dtionscadail BCS ó a haon go dtí ceithre cinn¹ agus tá stádas Breathnóra aici ar sé² dtionscadail BCS eile. Luaitear i gClár an Rialtais go gcothófar rannpháirtíocht na hÉireann i dtionscadail BCS ar bhunús 'roghnú bheith páirteach', agus déanfar ranníocaíochtaí go hiomlán saorálach. Mar cheist bheartas an Rialtais, teastaíonn cead ón Rialtas agus ó Dháil Éireann ó pháirt iomlán a ghlacadh in aon dtionscadail BCS. D'fhormheas an tAire Cosanta freisin moladh d'Éirinn líon na dtionscadail a bhfuilimid ag breathnú orthu a mhéadú agus bhí suil aige go bhféadfaí an próiseas sin a thabhairt chun críche go luath in 2023.

1 (1) Córais Mhuirí (leath) Uathrialach le haghaidh Frithbhearta Mianraí (2) Uasghrádú ar Fhaireachas Muirí (3) Cibearbhagairtí agus Freagairt ar Theagmhais Ardán Comhroinnte Faisnéise (4) Pacáiste In-implonaithe um Chumas Fóirithint i dTubaiste Míleata
2 (1) Feidhm Oibríocháin Fuinnimh (2) Raidió Bogearraí-Shainithe Slán Eorpach (3) Réiteach Raidió-Loingseoireachta an AE (EURAS) (4) Aerchóras Gan Fhoireann (5) Soghluaiasteacht Mhíleata (6) Lárionad Oiliúna Leighis SOF (SMTC)

Córas dhá bhliain é an tAthbhreithniú Bliantúil Comhordaithe ar Chosaint (an ABCC) agus tá mar aidhm aige trédhearcacht níos fearr a chruthú trí eolas Ballstát faoi bheartas cosanta, forbairt acmhainní, buiséid agus cláir infheistíochta amach anseo a roinnt d'fhonn léirmheas leathan ar an timpeallacht inacmhainne um Chosaint san Eoraip a chur ar fáil. Leis an bpróiseas sin, déantar monatóireacht ar phleananna cosanta lena n-áirítear forbairt inniúlachta náisiúnta agus tograí infheistíochta agus soláthair, chomh maith le cur chun feidhme tosaíochtaí an CDP, déantar measúnú leis ar shonraí maidir le comhar cosanta san Eoraip, agus saináithnítear deiseanna comhoibríochais leis freisin. Críochnaíodh an chéad timthriall iomlán CARD i mí na Samhna 2020, nuair a ghlac na hAirí Cosanta le tuarascáil CARD agus leis na moltaí inti. Saináithníodh i dTuarascáil 2020 sé réimse fócais atá ailínithe le Tosaíochtaí Forbartha Inniúlachta 2018 agus a chuireann poitéinseal ar fáil do chomhoibriú. Is iad na sé réimse fócais ná (1) Soghluasteacht Mhíleata Feabhaisithe, (2) Cosaint sa Spáis, (3) Príomh-Umar Cath, (4) Córais Saighdiúir, (5) Long Dromchla Aicme Patróil na hEorpa agus (6) Frithchórais Aeir Gan Fhoireann.

Seoladh an dara timthriall de ABCC i mí na Nollag 2021, bhuaíl gach Ballstát ina aonar leis an GEC agus leis an EUMS chun a bpróifíl chosanta agus pleannanna gaolmhara don todhcháil i gcomhthéacs an AE a phlé. Tar éis na gcomhphlé déthaobhacha, dáileadh Anailís Chomhiomlánaithe CARD ar na Ballstáit i mBealtaine 2022, agus thug na hAirí Cosanta an Anailís seo agus a moltaí faoi deara i mí na Samhna 2022.

D'fhreastail an fhoireann ón mBuanionadaíocht sa Bhruiséil agus an fhoireann atá bunaithe sa cheanncheathrú ón Roinn Cosanta le tacaíocht ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ar chruinnithe den Chiste Eorpach Cosanta (an CEC). Rinne Coiste an Chláir an Clár Oibre a fhorbairt don bhliain 2022 agus bhain idirbheartaíocht le Clár Oibre 2023 a tosaíodh in 2022 chun a chríochnú níos luaithe a éascú agus le níos mó deiseanna a sholáthar le cuibhreas a fhorbairt ag an tionscal agus ag institiúidí taighde.

Leanfaidh oifigigh den Roinn Cosanta, agus iad ag gníomhú mar Phointí Fócais Náisiúnta (NFPanna) don CEC, ag obair go dlúth leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus stiúran siad iarrachtaí na Roinne Cosanta chun a chinntiú gur féidir le hinstiúidí frontair agus taighde na hÉireann leas a bhaint as na deiseanna a chuireann an CEC ar fáil. D'éirigh le ceithre chuibhreas trasteorann le heintitis Éireannacha sa bhliain 2021, (an chéad ghla CEC).

Ionstraim sheachbhuiséid é an tSaoráid Síochána Eorpach (SSE), ar bunaíodh i Márta 2021, atá dírithe ar bharr feabhais a chur ar chumas an Aontais cosc a chur ar choimhlintí, an tsíocháin a chothú agus slándáil idirnáisiúnta a neartú, trína chumasú gníomhartha oibríochtúla a mhaoiniú faoin gComhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) a bhfuil impleachtaí míleata nó cosanta acu.

Is é cuspóir an SSE ciste aonair seachbhuiséid a sholáthar don AE a chuirfead ar bun i gcomhthráth leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (an CAIB) eile, chun gach impleacht gníomh de chuid an Chombheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES) a mhaoiniú a bhfuil impleachtaí míleata nó cosanta acu.

De réir Ghealltanais Chláir Rialtais maidir leis an SSE, chinntigh Éire, anuas ar roinnt Stát atá faoin tuairim chéanna i rith idirbheartaíochta leis an SSE a bhunú, gur cuireadh foráil san áireamh a cheadaigh do Bhallstát staonadh cuiditheach a fheidhmiú ó bhearta cúnaimh lena mbaineann trealamh fórsa mharfaigh a sholáthar.

Is uirlis an-úsáideach é an SSE chun bunús dlí iomchuí a sholáthar don AE d'fhonn tacaíocht a thabhairt d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine. Agus gealltanais don Úcráin agus áiteanna eile á gcur san áireamh, tá thart ar 86% de uasteorainn fhoriomlán an SSE, a socraíodh ar dtús ar feadh tréimhse seacht mbliana, idithe.

Chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh sin agus chun a áirithiú go leanann an Ciste ar aghaidh ag comhlíonadh a uailmhianta in áiteanna eile, chomhaontaigh an Chomhairle an 12 Nollaig an uasteorainn airgeadais fhoriomlán a mhéadú €2 billiún (i bpragsanna 2018) in 2023, agus an fhéidearthacht go bhféadfaí méadú breise a dhéanamh ar a céim níos déanaí. B'ionann an t-ardú iomlán ar uasteorainn airgeadais fhoriomlán an SSE go 2027 agus suas le €5.5 billiún (i bpragsanna 2018). Cuirfear bonn foirmiúil leis an gcomhaontú go luath in 2023.

D'fhormheas na hairí gnóthaí eachtracha agus cosanta an dréacht deiridh de Chompás Straitéiseach an AE ag an gComhairle Gnóthaí Eachtracha an 21 Márta 2022 agus d'fhormhuinigh ceannairí AE ina dhiaidh sin an 24 - 25 Márta. Is cleachtadh é an Comparáid Straitéiseach a bhfuil sé d'aidhm aige treoir pholaitiúil agus straitéiseach fheabhsaithe a sholáthar do bheartas slándála agus cosanta an AE go ceann cúig go deich mbliana agus é dírithe go háirithe ar chumasú an AE bagairtí a thuar ar bhealach níos fearr, freagairt ar ghéarchéimeanna, agus comhar le comhpháirtithe a dhoimhniú. Cuireadh tús le cur i bhfeidhm an Chompáis Straitéisigh an lá tar éis a rinneadh é a ghlacadh. Tá os cionn 80 gníomh nithiúla cuimsithe sa Chompás, agus tá amlínte soiléire ag an gcuid is mó díobh le cur i gcrích agus 51 acu le cur i bhfeidhm in 2022. Ghlac oifigigh Éireannacha páirt iomlán i bhforbairt an Chompáis Straitéisigh, ag cinntiú go léirítear na príomhábhair inní atá ag Éirinn sa téacs deiridh.

Lean an Roinn Cosanta le páirt iomlán a ghlacadh i rith 2022 sna próisis chomhfhreagracha i measc na dtionscnamh cosanta agus slándála uile seo ar leibhéal an AE, agus rinne sí idirbheartaíocht ar leasanna na hÉireann agus iad a chur chun cinn i gcomhréir leis na beartais a leagtar amach sa Pháipéar Bán, ina gcuimsítear comhairle a d'iarr Óglaigh na hÉireann agus i gcomhairle leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus ranna agus gníomhaireachtaí rialtais ábhartha eile. Lean obair ar aghaidh i rith 2022 le comhaontais a fhorbairt le Ballstáit den dearcadh céanna maidir le comhleasanna a chur chun cinn.

AN GHNÍOMHAIREACHT EORPACH UM CHOSAINT (AN GEC)

Ós rud é go bhfuil Éire páirteach sa GEC, tugtar deis dúinn coinneáil ar chomhchéim le dea-chleachtas maidir leis an teicneolaíocht nua-aimseartha agus le forbairt inniúlachtaí ar féidir leo cabhrú leis na Fórsaí Cosanta. Cuirtear taighde agus faisnéis ar fáil léi i ndáil leis an gcumas gairmiúil a fhorbairt agus a chóiméad nach bhfuilimid in ann a athghiniúint muid féin chun críche an bhainistiú ghéarchéime agus ar mhaithe le hOibríochtaí Tacaíochta Síochána idirnáisiúnta.

In 2022, ghlac Éire páirt i roinnt cruinnithe agus foirne tionscadail leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (an GEC). Tá Éire ag tabhairt faoi thionscadail a dhíríonn ar limistéir cosúil le hoiliúint ar chuardach míleata, frith-theicnící oiliúna seiftithe, cibearchúrsaí, cumarsáid satailíte, faireachas muirí, oiliúint chabhlaigh agus fuinneamh.

COMHAR AN AE-ECAT

Le linn 2022, leanadh den obair chun an tSraith Choiteann Tograí maidir le cur chun feidhme Dhearbhu Comhpháirteach 2016 ar Chomhar idir AE agus ECAT a thabhairt cothrom le dáta. Díríonn na tograí seo ar chomhar sna príomhréimsí seo a leanas: cur in aghaidh bagairtí hibride, comhar oibríochtúil, saincheisteanna muirí ina measc, cibearshláid agus cosaint, acmhainn chosanta, an tionscal cosanta agus taighde ar chosaint, cleachtaí agus acmhainní cosanta agus slándála a fhorbairt. I mBealtaine 2021, foilsíodh an séú tuarascáil ar dhul chun cinn chur i bhfeidhm na comhsraithe tograí ag an AE agus ECAT. Sainithníodh roinnt saincheisteanna trasghearrthacha mar phríomhrudaí um chur chun cinn a mbaineann ábharthacht leo don dá eagraíocht. Áirítear leo siúd an athléimneacht, teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí bunathraitheacha, an bainistiú géarchéime, impleachtaí slándála agus cosanta a bhaineann leis an athrú aeráide agus iomaíocht straitéiseach atá ag dul i méid ar an mbonn domhanda. Comhaontaíodh an Dearbhú Comhpháirteach nua i mí Eanáir 2023.

SCIRBIS





1916

1916

UN

UN



COMHPHÁIRTÍOCHT NA SÍOCHÁNA (CS)

Mar chomhpháirtí de chuid EACT, déantar an caidreamh atá ag Éirinn le ECAT trí shásra an Phróisis Phleanála agus Athbhreithnithe (PPAA) CS. Tá an bhaint a bhíonn ag Éirinn sa PPAA dírithe ar bharr feabhais a chur ar idir-inoibritheacht Óglaigh na hÉireann inoibríochtaí ilnáisiúnta agus i dtaobh cur le acmhainní míleata a fhorbairt i gcomhréir le caighdeán idirnáisiúnta. In 2022, chríochnaigh Éire an Measúnú PARR, tugadh aon sprioc amháin chun críche agus leanfar ag cur na 14 Sprioc eile chun cinn.

Ar aon dul leis an bPáipéar Bán ar Chosaint, lean Éire le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an nGrúpa Abhcóideachta um Idir-inoibritheacht Chomhpháirtíochta (an GAIC) agus lean sí ag glacadh páirte sa Choincheap Cumais Oibríochtúil (CCO) (an Colún Meastóireachta agus Aiseolais) i rith 2022. Leis an GAIC, cuirtear deis ar leith ar fáil chun idir-inoibritheacht a uasmhéadú agus comhar agus idirphlé le baill eile an ghrúpa a chothú, a fhorbairt agus a fheabhsú ar rannpháirtithe in PfP iad ach nach comhaltaí ECAT iad. Is í an phríomhthairbhe a bhaineann le páirt a ghlacadh in CCO ná go ndéantar tagarmharcáil ar thraenáil Óglaigh na hÉireann trí mheasúnú seachtrach ag ECAT de réir na gcaighdeán idir-inoibritheach is airde.

Tá Éire ag glacadh páirte in CCO ó 2016 i leith. Tugtar “Leibhéal 1” ar ár leibhéal rannpháirtíochta, a dhíríonn ar an gcomh-inoibritheacht. Ghlac roinnt aonad d’Óglaigh na hÉireann páirt i bpróiseas CCO - Scuadrún Marcra Armúrtha; Sciathán Fiannóglaigh an Airm; An tSeirbhís Chabhlaigh agus, i mí na Samhna 2022, Ceallraí Airtléire Bhriogáid 1. Beidh aonaid eile rannpháirteach sa phróiseas sna blianta amach anseo.

SPRIOC STRAITÉISEACH

An comhoibriú ar bheartas trasghearrthach a fheabhsú

Tá gnéithe tábhachtacha idir-rannacha ag baint le hobair na Cosanta, agus is minic a bhíonn baint amach spriocanna ag brath go mór ar ionchur agus ar chomhoibriú le ranna agus le gníomhaireachtaí eile. I rith 2022, rinneadh ionadaíocht thar ceann oifigigh na Roinne agus phearsanra Óglaigh na hÉireann, ar raon leathan de ghrúpaí idir-rannacha agus de choistí – féach Mír 4.9 le haghaidh liosta iomlán.

D’fhorbraíomar an Eagraíocht Chosanta an úsáid a bhaintear as Meabhráin Tuisceana (MTanna) agus Comhaontuithe Seirbhíse (CSanna) ina gcuimsítear seirbhísí a sholáthraítear do réimse ranna agus gníomhaireachtaí eile. Ag deireadh 2022, bhí 50 MT agus CS i bhfeidhm againn le Ranna Rialtais agus Eagraíochtaí eile chun tacú le spriocanna ardleibhéil ár spriocanna. Tá liosta de na MTanna agus na CSanna go léir ar fáil i Mír 4.10.

Cuirtear in iúl sa Pháipéar Bán ar Chosaint an tábhacht a bhaineann le cur chuige uile-rialtais maidir le slándáil an Stáit. Le linn 2022, leanamar linn ag comhoibriú le raon leathan ranna agus gníomhaireachtaí a bhfuil freagrachtaí slándála orthu. Tugtar cuntas ar fhorbairtí maidir le roinnt den chaidreamhtrasghearrthach seo i rith 2022 thíos.



TASCFHÓRSA AN RIALTAIS UM AN BPLEANÁIL ÉIGEANDÁLA

Déanann an tAire Cosanta cathaoireacht ar Thascfhórsa an Rialtais (TFR) um Pleanáil Éigeandála, ina gcuimsítear na hAíre agus/nó oifigigh shinsearacha siúd ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais a bhfuil príomhról nó ról tacaíochta acu i mbainistíocht éigeandála straitéiseach, oifigigh shinsearacha ón nGarda Síochána agus Óglaigh na hÉireann san áireamh. Tagann an TFR le chéile ar bhonn rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna pleanála éigeandála agus le faisnéis a roinnt. Chas an TFR le chéile cúig huaire in 2022.

Tá ceithre fhoghrúpa ghníomhacha an TFR ag oibriú faoi láthair ar na príomh-shaincheisteanna seo a leanas lena mbaineann bainistíocht éigeandála straitéiseach: athléimneacht; bainistíocht riosca; cumarsáid éigeandála; agus feachtais faisnéise poiblí a ullmhú. Bunaíodh foghrúpa nua um rannpháirtíocht idirnáisiúnta in 2022 chun tabhairt faoin mbainistíú géarchéime agus laghdú riosca tubaiste sa chomhthéacs idirnáisiúnta. Baintear ballraíocht na bhfoghrúpaí seo ó limistéir fud fad na Ranna agus na nGníomhaireachtaí Rialtais, faoi mar is cuí.

Tacaíonn an Oifig Pleanála Éigeandála (an OPÉ), ar chomhoifig shibhialta-mhíleata laistigh den Roinn Cosanta í, leis an TFR. Feidhmíonn an OPÉ mar phointe fócasach i gcúrsaí pleanála éigeandála straitéiseacha agus bainistíocht riosca straitéiseach. Oibríonn an OPÉ le gach roinn agus gníomhaireacht Rialtais chun feabhas a chur ar chomhordú na bainistíochta éigeandála ar fud an Rialtais. Is é dul chun cinn i ndáil leis an obair seo príobhábhair Tuarascáil Bhliantúil a chuirtear faoi bhráid an Rialtais maidir le Pleanáil Éigeandála a ullmhaíonn an tAire Cosanta.

Déanann an OPÉ an tIonad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí (an INCÉ) a bhainistiú agus is é an t-ionad ina dtionóltar cruinnithe an TFR agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le bainistíocht éigeandála. Úsáidtear é chun cruinnithe an Ghrúpa Comhordaithe Éigeandála Náisiúnta (an GCÉN) agus preasagallaimh ghaolmhara a thionól.

BAINISTÍOCHT ÉIGEANDÁLA STRAITÉISEACH: STRUCHTÚIR AGUS CREAT NÁISIÚNTA

D'óstáil an Oifig um Pleanáil Éigeandála an chéad Chomhdháil Uile-Oileáin riamh um Laghdú ar Riosca Anachaine an 9 Samhain 2022 in Óstán Áras Bhaile Mhic Scanláin. Bhí an chomhdháil, arbh chuid den Tionscnamh Oileán Comhroinnte í, dírithe ar athléimneacht uile-oileáin agus thug sí le chéile saineolaithe acadúla, rialtais agus san earnáil phríobháideach ar athléimneacht ó áiteanna ar fud an oileáin. Chuir an tAire Stáit Niall Collins tús leis na himeachtaí agus bhí aitheasc ón Ard-Rúnaí Jacqui McCrum, den Roinn Cosanta agus ón Rúnaí Buan Dennis McMahon, Ceann Oifige Fheidhmeannacht Thuaisceart Éireann. Ba é an príomhchainteoir ná an Stiúrthóir Justin Knighten ó Gníomhaireacht Bainistíochta Éigeandála Feidearálach na SA.

Rud eile a rinneadh in 2022, d'fhoilsigh an Oifig um Pleanáil Éigeandála, faoi choimirce Thascfhórsa an Rialtais (TFR) ar Phleanáil Éigeandála, treoirdhoiciméad ó den Bainistíocht Straitéiseach Éigeandála: Sraith doiciméad maidir le Struchtúir agus Creat Náisiúnta (SEM). Soláthraíonn an doiciméad seo treoir do Ranna Ceannais Rialtais maidir le conas pleanáil agus cleachtadh éigeandála práinnfhreagartha cineálach agus sainiúil a dhéanamh. Rinneadh ceistneoirí féinmheasúnaithe a fhorbairt agus a eisiúint do gach ceann de na príomh-ranna rialtais freisin, rud a chuir ar chumas na ranna sin measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta acu go dtí seo i ndáil le riachtanais an SEM.

Ag deireadh na bliana, tar éis dó maoirsiú a dhéanamh ar fhoilsiú 'Tuarascáil um Mheasúnú ar Chumais Bainistíochta Riosca 2022', bhí Foghrúpa an TFR um Riosca ag féachaint don Mheasúnú Náisiúnta Riosca na hÉireann 2023 a ullmhú. Bhí an Foghrúpa TFR um Riosca ina óstach freisin ar sheimineár ar scanadh spéire agus riosca éiritheach i mí na Nollag 2022.

AN GRÚPA COMHORDAITHE ÉIGEANDÁLA NÁISIÚNTA

Tháinig an Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála le chéile go hoifigiúil trí huaire i rith na bliana. Bhain na cruinnithe sin le haon teagmhais aimsire amháin, a tharla idir 11 agus 13 Nollaig 2022. Rinne an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, arb í an Phríomh-Roinn Rialtais maidir le héigeandálaí a bhaineann le stoirmeacha, cathaoirleacht ar na cruinnithe.

Tháinig an Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála le chéile ceithre huaire freisin chun pleananna náisiúnta agus straitéisí cumarsáide a thástáil maidir le géarchéim soláthair ola, teagmhas raideolaíoch, briseadh sa soláthar leictreachais agus gáis agus eachtra náisiúnta cibearshlándála. Ina theannta sin, tionóladh cruinniú den Ghrúpa seo le haghaidh seimineár eolais maidir le pleanáil do theagmhais aimsire.

AN FEACHTAS 'BÍ RÉIDH DON SAMHRADH'

Sheol an tAire Coveney an feachtas faisnéise poiblí Bí Réidh don Samhradh an 6 Aibreán 2022, le tacaíocht ón Aire Butler agus ón Aire Naughton. Ba é fócas an fheachtais ná "Aire a Thabhairt do do Shláinte Mheabhrach sa Samhradh, i mBliana". Bhí an feachtas ar siúl ó Aibreán go deireadh mhí Mheán Fómhair 2022.

Bhí seoladh an fheachtais clúdaithe go láidir sna meáin agus meastar gur ionann an lucht féachana agus éisteachta, curtha le chéile mar aon, agus thart ar 500,000 duine, lá an tseolta. Áiríodh na meáin thraidisiúnta agus na meáin shóisialta araon san fheachtas fógraíochta do Bí Réidh don Samhradh, ag am an tseolta agus le linn sé mhí an fheachtais. Bhí trácht sna nuachtáin, ar an raidió, na meáin shóisialta (idir náisiúnta agus áitiúla) agus dáileadh fisiciúil leabhrán trí leabharlanna, Stáisiúin na nGardaí agus oifigí poiblí eile mar bhunús le scaipeadh faisnéise ar an bpobal. Seoladh teachtaireachtaí poiblí freisin trí réamhaisnéis Met Éireann ar nuacht RTÉ, agus trí chomharthaí leictreonacha mótarbhealaigh an Údarás um Bóithre Náisiúnta. Aistríodh teachtaireachtaí don fheachtas go Úcráinis agus Rúisis freisin ionas go raibh sé inrochtana ag an líon mór daoine arna n-aisáitiú ón Úcráin mar gheall ar Chogadh Ionsaithe na Rúise.

Léiríú dearfach ar an bhfeachtas ab ea an méadú mór ar ghníomhaíocht ar na meáin shóisialta, mar gheall ar chur chuige réamhghníomhach na foirne Cumarsáide san OPÉ. Tháinig méadú ar líon iomlán na n-imprisean ar Twitter ó 4.9 milliún in 2021 go 9.3 milliún in 2022.

Bhí rath iomlán an fheachtais mar gheall ar thacaíocht leanúnach na Ranna agus na nGníomhaireachtaí ar fad a phostáil nó a d'athfhiteáil teachtaireachtaí thart ar 'Bí Réidh don Samhradh', trí leabhráin feachtais a scaipeadh agus trí aird a tharraingt ar shuíomh gréasáin an fheachtais www.gov.ie/summerready.



AN FEACHTAS 'BÍ RÉIDH DON GHEIMHREADH'

Sheol an tAire O'Donovan, atá freagrach as Oifig na nOibreacha Poiblí agus an tAire Naughton, atá freagrach as lompár Idirnáisiúnta, lompár ar Bhóthar agus Lóistíocht an feachtas Bí Réidh don Gheimhreadh 2022-2023, Déardaoin, an 10 Samhain. Chuir Oifig na nOibreacha Poiblí an teachtaireacht spríoc-dhírthe ar fáil don fheachtas, is é sin, "Treoir maidir le Tuilte".

Tar éis an tseolta, bhí clúdach forleathan ar an teilifís agus sna meáin chlóite araon. Bhí clúdach ar an bhfeachtas san Irish Times, san Irish Examiner, sa Daily Star agus san Irish Daily Mail. Ar an gclúdach ar líne, bhí clúdach san Irish Times agus thejournal.ie. Rinne RTÉ 1 clúdach forleathan ar nuacht 6 a chlog. Cuirtear leis an bhfeachtas trí fhógraíocht raidió íoctha ar 20 stáisiún raidió náisiúnta agus áitiúil, agus scaipeadh 120,000 bileog feachtais tríd an Irish Independent. Ina theannta sin, scaipeadh 20,000 leabhrán trí leabharlanna, na hÚdaráis Áitiúla, An Garda Síochána, an Chosaint Shíbhialta, áiseanna FSS agus an Roinn Iompair. Fógraíodh an feachtas ar na meáin shóisialta freisin agus bhí sé clúaithe go forleathan ag comharthaí leictreonacha mótarbhealaigh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta.



AN CHIBEARSHLÁNDÁIL

Is dúshlán uile-rialtais fós é an fhreagairt ar chibearbhagairtí, agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ag glacadh an phríomhróil, tríd an Lárionad Náisiúnta Cibearshlánda (LNCS), agus le hionchuir sa réimse slándála ón nGarda Síochána, Óglaigh na hÉireann agus an Lárionad Náisiúnta Anailíse Slándála (LNAS). Chuir an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide nuashonruithe rialta ar fáil don GTF le linn 2022 ar shaincheisteanna cibearshlánda, lena n-áirítear cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta Cibearshlánda 2019-2024.

Oibríonn oifigigh sa Roinn Cosanta agus baill d'Óglaigh na hÉireann go dlúth le Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais, chun tacú le bearta chun déileáil le cibeardhúshláin. Áirítear leis sin rannpháirtíocht ghníomhach ar an gCoiste Idir-Rannach a dhéanann maoirsiú ar chur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta Cibearshlánda, a bhfuil an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ina cathaoirleach air. Ina theannta sin, tá ball d'Óglaigh na hÉireann ar iasacht sa Lárionad Sármhaitheasa Cibearchosanta ECAT i dTallainn, an Eastóin, mar atá molta sa Straitéis Náisiúnta Cibearshlánda. Trí bhall d'Óglaigh na hÉireann a bheith san Ionad Sármhaitheasa tugtar léargas tábhachtach dúinn ar threochtaí atá ag forbairt i gcibearshlándaíl agus neartaítear cumas an Stáit freagairt do bhagairtí cibearshlánda, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh i gcleachtaí cibearshlánda móra arna n-eagrú ag an Lárionad Sármhaitheasa.

Leanann Brainse TFC na Roinne le hardchaighdeáin TFC/cibear-slándála a chur i bhfeidhm agus cuireann sé bonneagar agus feidhmchláir TFC slán láidir ar fáil a sheachadann leibhéal chúí rúndachta, sláine agus infhaighteachta sonraí. Déantar monatóireacht ar bhagairtí ar bhonn leanúnach le frithbhearta cuí. Chuir an brainse an chibearfheasacht chun cinn trí chúrsaí ríomhfhoghlama a reáchtáladh i rith 2022.

TREOIR ÓN AE MAIDIR LE HATHLÉIMNEACHT AN BHONNEAGAIR CHRITICIÚIL

Leagadh an tasc ar an Oifig um Pleanáil Éigeandála in 2021 an seasamh náisiúnta maidir le Treoir bheartaithe an AE maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil a stiúradh agus a chomhordú. Éascaíodh an comhordú idir-rannach don seasamh Éireannach le linn a hidirbheartaíochta i rith 2022 trí fhoghrúpa Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála ar Athléimneacht. Tar éis an chaibidlíocht a thabhairt chun críche, foilsíodh an Treoir in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh an 27 Nollaig 2022.

Tá sé mar aidhm ag an Treoir seo feabhas a chur ar athléimneacht na n-eintiteas ríthábhachtach a sholáthraíonn seirbhísí atá riachtanach le haghaidh feidhmeanna ríthábhachtacha sochaíocha nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa mhargadh inmheánach. Áirítear ar na hearnálacha atá clúdaithe sa Treoir: fuinneamh, iompar, baincéireacht, bonneagair an mhargaidh airgeadais, sláinte, uisce óil, fuíolluisce, bonneagar digiteach, riarachán poiblí, spás agus bia. Déantar foráil leis an Treoir seo do shainghrúpa a bhunú, ar a dtugtar an Grúpa um Athléimneacht um Eintitis Chriticiúil (GAEC), chun faisnéis a mhalartú, lena n-áirítear dea-chleachtais, ar shaincheisteanna a bhaineann leis an Treoir. Is í an Oifig um Pleanáil Éigeandála an Pointe Aonair Teagmhála don ghrúpa seo.

Cuirfear tús leis an bpróiseas chun an treoir a thrasú i ndlí na hÉireann in 2023 agus tógfaidh sé thart ar 21 mí. Sular achtaíodh an treoir seo agus mar gheall ar an mbagairt mhéadaithe ar bhonneagar criticiúil de dheasca an staid gheopholaitiúil reatha, comhaontaíodh go spreagar na Ballstáit chun tástálacha struis a dhéanamh ar bhonneagar ríthábhachtach san earnáil fuinnimh. Is é an t-amlíne don obair seo ná go ndéanfar bonneagar ríthábhachtach san earnáil fuinnimh a dteastaíonn tástálacha struis uaidh a shainathint faoin gcéad ráithe de 2023 agus go ndéanfar na tástálacha iad féin faoi dheireadh na bliana 2023.

MEITHEAL OIBRE AD-HOC AN AE UM ATHLÉIMNEACHT

Ó d'athbhunaigh Uachtaránacht an AE an Mheitheal Ad-Hoc ar Athléimneacht in 2022, tá an Oifig um Pleanáil Éigeandála freagrach as rannchuidiú na hÉireann le Líonra Scanadh Fís an AE a chomhordú. Bunaíodh an Líonra seo chun comharthaí luathrabhaidh a shainathint a d'fhéadfadh a bheith ina dtáscaire ar ghéarchéimeanna atá á bhforbairt, nó a d'fhéadfadh cineál agus cruth géarchéimeanna amach anseo a thabhairt le fios a bhféadfadh go mbeadh ar an AE aghaidh a thabhairt orthu, agus a d'fhéadfadh go n-éileodh gníomhachtú an AE. Socruithe Comhtháite Freagartha ar Ghéarchéim Pholaitiúil (CFGP). Tá socruithe feabhsaithe CFGP ina n-ábhar plé sa Bhruiséil freisin.

LÍONRA STIÚRTHÓIRÍ LÁRIONAD BAINISTÍOCHTA GÉARCHÉIME AN AE

Déanann an Oifig um Pleanáil Éigeandála ionadaíocht ar son leas na hÉireann san fhóram seo, ar a dtagann le chéile ceannairí na n-ionad bainistíochta géarchéime ar fad san AE. In 2022, shínigh an Oifig um Pleanáil Éigeandála go foirmiúil le Prótacal Comhair an Líonra.


San fhóram seo, pléitear an comhar agus dúshláin a neartú i ndáil le bainistíocht géarchéime náisiúnta agus idirnáisiúnta. Is ábhar spéise faoi láthair iad géarchéimeanna amhail paindéim COVID-19, tuilte ar scála náisiúnta, géarchéim na himirce agus cogadh ionsaitheach na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Déantar dea-chleachtais ó thíortha éagsúla a cuireadh i bhfeidhm le linn na ngéarchéimeanna seo a phlé agus a roinnt i measc chomhaltaí an Líonra.

SEARMANAIS AGUS CUIMHNEACHÁIN

Ghlac Óglaigh na hÉireann páirt i mbreis agus 37 imeacht tábhachtach searmanais mhíleata agus Stáit in 2022.







I mí Eanáir ghlac Óglaigh na hÉireann páirt i searmanas Stáit mar chomóradh céad bliain ar aistriú foirmiúil chaisleán Bhaile Átha Cliath ar ar fhreastail Uachtarán na hÉireann. Ghlac Óglaigh na hÉireann páirt i gComóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir, a reáchtáladh i mbliana in Iarsmalann Náisiúnta an Ghorta Mhóir, Béal na mBuillí, Co. Ros Comáin i mí Bealtaine ar a raibh an Taoiseach i láthair. Bronnadh onóracha searmanais ar an Uachtarán nuair a d'imigh sé go Málta le haghaidh cuairt Stáit i mBealtaine. Léiríodh onóracha searmanais Stáit nuair a thug Uachtarán Phoblacht na Portaingéile cuairt ar Éirinn i mí Dheireadh Fómhair. Bronnadh onóracha míleata freisin ar Uachtarán Fidsí nuair a thug sé cuairt ar Scoil Oilíúna na Náisiún Aontaithe, Éireann (SONAÉ) agus Aonad Traenála Óglaigh na hÉireann (ATÓÉ) i mí Iúil.



Rinne Óglaigh na hÉireann ceiliúradh ar Lá na n-Ársaí i nDún Mhic Aoidh i mí an Mheithimh áit a raibh baill de ONE, IUNVA agus ARCO ag spaisteoireacht in éineacht le Cumainn Aonaid na n-Ársaí. Bhí searmanas ar siúl i mBeál na Blá, Co. Chorcaí i mí Lúnasa mar chomóradh ar chomóradh céad bliain ó bhás an Ghinearálta Michael Collins agus thacaigh Óglaigh na hÉireann go mór leis an imeacht seo.

Cuireadh Searmanas Cuimhneacháin Óglaigh na hÉireann ar siúl ag an gCuimhneachán Náisiúnta, Cearnóg Mhuirfean, i mí na Samhna chun cuimhneamh ar an 10 comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann a maraíodh le 12 mhí anuas. Mar chuid den searmanas seo, leag an tAire Cosanta, an Ceann Foirne agus teaghlaigh na marbh fleasca ag an gCuimhneachán Náisiúnta.









I mí na Nollag, réachtáladh searmanas i nDún an Chustaim, faoi stiúir an Aire Cosanta, chun cloch chomórtha a nochtadh chun ómós a thabhairt do theaghlaigh Chompacht A, 35ú Cathlán Coisithe ONUC le linn Chath Jadotville.

Ghlac Óglaigh na hÉireann páirt sna cuimhneacháin bhliantúla chomórtha Stáit, ar chothrom 106 bliain i ndiaidh Éirí Amach na Cásca ag Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill ar Dhomhnach Cásca; Cuimhneachán Cheannairí 1916 ag Cnoc an Arbhair agus ag an Lá Náisiúnta Cuimhneacháin san Ard-Mhúsaem, Dún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath. Rinneadh ceithre athbhreithniú Aireachta ar mheitheal thar lear ar fud na tíre chun imeacht le haghaidh dualgais síochánaíochta le UNDOF agus UNIFIL a chomóradh.





AN CHARTLANN MHÍLEATA

Rinne an Chartlann Mhíleata agus Cumann Stair Mhíleata na hÉireann, le tacaíocht ó Bhriogáid 2 an Airm agus ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán comhdháil stairiúil dhá lá a óstáil ar Chogadh Cathartha na hÉireann Dé hAoine, an 23 agus Dé Sathairn, an 24 Meán Fómhair 2022. Tionóladh é i Halla Éisteachta na Briogáide, ina bhfuil 114 suíochán, ag Dún Chathail Brugh, Ráth Maonais. Bhí thart ar 90 duine i láthair ar an dá lá agus rinne Teicneolaíocht Chruthaitheach, tríú páirtí ar conradh trí rannóg Bainistíochta Imeachtaí an OOP, na seisiúin ar fad a thaifead agus a bheosruthú. Tháinig na céadta úsáideoir uathúla ar an sruth beo thar an dá lá.

Is éard a bhí sa chomhdháil ná plé painéil agus léachtaí ó shaineolaithe suntasacha ar ghnéithe míleata go sonrach an Chogaidh Chathartha. Mar a bhí beartaithe, bhí an t-imeacht ag teacht le Treoir an

Dara Céime Deich mBliana na gCéad Bliain 2018-2023, agus anuas air sin, tugadh deis leis aird a tharraingt ar go leor de na léargais nua atá le fáil ar stair thréimhse réabhlóideach na hÉireann a cuireadh chun solais le linn na Deich mBliana na gCuimhneachán Comóradh Céad Bliain, go háirithe mar gheall ar Bhailiúchán Pinsean na Seirbhíse Míleata agus obair na Cartlainne Míleata i gcoitinne.

Lean Cartlann Mhíleata Óglaigh na hÉireann leis an tionscadal chun comhaid phearsanta stairiúla a chatalógú go gairmiúil agus a bhfócas a aistriú go Ceanncheathrú na 2 Briogáid, le breis agus 40,000 comhad pearsanta próiseáilte agus curtha i dtaisce sa Chartlann Mhíleata. Ina theannta sin, lean an Chartlann Mhíleata ag obair leis an Roinn Cosanta ag catalógú sraith comhad 'A/' na Roinne, cuid acu a théann siar go dtí na 1920idí.



The Military Service (1916-1923) Pensions Collection The Brigade Activity Reports

BAILIÚCHÁN PINSEAN SEIRBHÍSE MÍLEATA

Tionscadal Rialtais é tionscadal an Bhailiúcháin Pinsean Seirbhíse Míleata (an BPSM) (1916-1923), atá faoi cheannaireacht na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann agus a chuireann le Deich mBliana na gCuimhneachán. Gineadh an t-ábhar cartlainne atá sa BPSM tar éis d'Oireachtas Shaorstát Éireann an cinneadh a dhéanamh i Meitheamh 1923 aitheantas agus cúiteamh a thabhairt do chomhaltaí gortaithe, agus do bhaintreacha, leanaí agus cleithiúnaithe chomhaltaí nach maireann d'Óglaigh na hÉireann, lena n-áirítear na Fórsaí Náisiúnta, Óglaigh na hÉireann, Arm Poblachtach na hÉireann agus Arm

Saoránach na hÉireann, trí liúntais agus aiscí a íoc. Le himeacht ama, cuireadh feabhas ar an soláthar agus fairsingíodh é chun níos mó ball de na Raidhfílí Ibeirneacha (Hibernian Rifles), Cumann na mBan, Fianna Éireann agus roinnt ball de Connaught Rangers a chur san áireamh. Baineann tábhacht le dhá shraith reachtaíochta i ndáil leis an ábhar atá sa bhailiúchán:

- » Na hAchtanna Arm-Phinsean, ó 1923 go 1953
- » Achtanna na bPinsean Seirbhíse Míleata, 1924, 1934 agus 1949.

Tá de shainchúram ag tionscadal an BPSM comhaid agus taifid na Roinne Cosanta a dhéileáil le seirbhís bhaill cháilitheacha na n-eagraíochtaí seo sa tréimhse ó Aibreán 1916 go dtí an 30 Meán Fómhair 1923 a chaomhnú agus a chur ar fáil. Is éard a bhaineann leis sin ná breis agus 275,000 comhad a chatalógú agus a dhigitiú.

Cuirtear scaoileadh ábhar poiblí ón mbailiúchán ar fáil ar líne trí láithreán gréasáin na Cartlainne Míleata www.militaryarchives.ie. Go dtí seo, scaoileadh aon ábhar déag ar líne, agus rinneadh dhá scaoileadh ón mbailiúchán i rith 2022, ceann amháin i mBealtaine agus an dara ceann i Samhain 2022. Go suntasach, scaoileadh gach éileamh pinsin seirbhíse a rinne mná/baill de chuid Chumann na mBan leis an eisiúint is déanaí. Tá na comhaid sin catalógaithe go hiomlán, digitithe agus curtha ar fáil ar líne anois. Ó scaoileadh leis an gcéad ábhar in 2014, rinne foireann an BPSM breis agus 113,500 comhad a chatalógú ar bhonn aonair, agus tá breis agus 45,700 comhad scanta go hiomlán ar fáil ar líne faoi láthair. Tá breis is 2.4 milliún leathanach d'ábhar cartlainne digitithe agus curtha ar fáil ag an Tionscadal ar líne anois.

In 2022, d'fhorbair foireann Tionscadail BPSM ardán nua ar líne chun staidéar a dhéanamh ar an gCogadh Cathartha agus na sonraí loma a baineadh go díreach ó chomhaid BPSM. Cuimsítear sé, i measc ábhair eile, léarscáil inchuardaithe de bhásanna ón gCogadh Cathartha, liosta de dhaoine a cuireadh chun báis le linn an Chogaidh Chathartha mar thoradh ar a seirbhís leis na fórsaí frith-Chonartha - agus a bhfuil a gcuid comhad sa Chnuasach - chomh maith le alt atá tiomnaithe do staidéar a dhéanamh ar roinnt cásanna cleithiúnaithe ag iarraidh scéalta na gcleithiúnaithe a maraíodh le linn an Chogaidh Chathartha a insint. Sna cásanna seo, léirítear an tionchar mór agus buan a bhí ag na básanna seo ar a muintir agus déantar iniúchadh iontu ar ghnéithe sóisialta agus gnéithe sóisialta an tsaoil sa stát atá ag teacht chun cinn.

Tá Bailiúchán na bPinsean Seirbhíse Míleata rithábhachtach anois do chuid den taighde is dinimiciúla ar thréimhse réabhlóideach na hÉireann. Mar gheall ar a nádúr agus a inneachar, ligtear leis staidéar a dhéanamh ar théamaí ar bhealach níos iomlánaíoch, thar na teorainneacha ama traidisiúnta sriantacha agus thacaigh sé le teoracha nua staire, cibé acu i dtéarmaí leibhéal ghníomhaíochta a mheas, costais an fhoréigin a tharla nó a fheictear a chomhaireamh, ag scrúdú stair ar na haicmí nó na hinscní, i measc go leor bealaí nua taighde eile.



COSAINT SHIBHIALTA

Bhí 2,561 oibrí deonach gníomhach ann sa Chosaint Shibhialta ag deireadh 2022. Le linn 2022, thug na hoibrithe deonacha seo faoi 3,471 oibríocht, ar an iomlán. I measc na ngníomhaíochtaí bhí 779 tasc ag tacú le hÚcránaigh ag lorg cosanta in Éirinn agus 756 tasc a bhaineann le COVID-19.

Thacaigh flít Feithiclé Cosanta Sibhialta leis na hoibrithe deonacha seo, jípeanna faoi thiomáint ceithre roth, veaineanna, otharcharranna agus mionbhusanna san áireamh.

I measc na dtascanna a ghabhann le daoine easáitithe ón Úcráin faoinar thug oibrithe deonacha Cosanta Sibhialta, bhí:

- » Ionaid Sosa Éigeandála a bhunú, agus tacaíocht a thabhairt leo,
- » Pubaill a sholáthar do shuímh Ionaid Sosa Éigeandála,
- » Daoine easáitithe a iompar ó Ionaid Sosa Éigeandála go cóiríocht gheallta,
- » Daoine easáitithe a iompar chuig coinní liachta agus clárúcháin scoile, agus
- » Míochainí a bhailiú ó chógaslanna thar ceann daoine easáitithe.



I measc na dtascanna a ghabhann le COVID-19 faoinar thug oibríthe deonacha Cosanta Sibhialta, bhí;

- » Cúnamh riaracháin agus garchabhrach a sholáthar ag Ionaid Vacsaínithe FSS,
- » Cúnamh riaracháin a sholáthar do Sheirbhís Fuilaeistriúcháin na hÉireann,
- » Daoine a iompar go dtí agus ó choinnithe ospidéal
- » Daoine a iompar go dtí agus ó ionaid tástála agus ionaid vacsaínithe
- » Pacaí tástála COVID-19 a shórtáil agus a sheachadadh chuig ionaid tástála,
- » Cabhrú le daoine leochaileacha laistigh de phobail trí bhia agus cógais a sheachadadh agus a bpinsin a bhailiú.

Chomisiúnaigh an tAire Cosanta bonn d'oibríthe deonacha na Cosanta Sibhialta mar aitheantas ar a seirbhís ag déileáil leis an bpaindeim COVID-19 le linn 2020 agus 2021. Bhronn an tAire Coveney an chéad cheann de na boinn seo ar ghrúpaí ionadaíocha oibríthe deonacha ar fud na tíre ag searmanas i bPáirc an Chrócaigh i mí na Samhna. Bronnadh boinn ar na hoibríthe deonacha incháilithe eile ag imeachtaí áitiúla.




An Chosaint Shibhialta 2022

Gníomhaíochtaí Cosanta Sibhialta:

In 2022 chuir oibríthe deonacha Cosanta Sibhialta 3,471 i gcrích.

Rinneadh tascanna mar seo a leanas:



Cúnamh Deontais le haghaidh Flít Feithiclí: Íocadh Deontas de €995,182 san

iomlán le hÚdarás Áitiúla chun flít feithiclí na Cosanta Sibhialta a uasghrádú.




Oiliúint Choláiste:

Críochnaíodh 491 cúrsa oiliúna san iomlán



Tá 2,917 Deimhníú eisithe



Fuair 2,988 mac léinn oiliúint

Cuireadh oiliúint ar fáil sna disciplíní seo a leanas:



I DTREO 2030

Leagtar amach beartas an rialtais maidir le Cosaint Shibhialta sa cháipéis 'I dtreo 2030' ('Towards 2030'), a foilsíodh in 2020. Mar chuid de chur i bhfeidhm an bheartais seo, tháinig an Roinn Cosanta le chéile leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha, tríd an bhFoireann Treorach Idirghníomhaireachta um Chosaint Shibhialta agus le húdarás áitiúla, trí Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach. Cabhraíonn na cruinnithe seo lena chinntiú go bhforbraítear seirbhísí agus cumas Cosanta Sibhialta agus chun freastal ar riachtanais na bPríomhghníomhaireachtaí Freagartha.

REACHTAÍOCHT NUA UM CHOSAINT SHIBHIALTA

Sa Pháipéar Bán ar Chosaint, 2015, cuimsítear gealltanais Acht um Chosaint Shibhialta chomhdhlúite agus nuashonraithe a chur in ionad na sraithe reachtaíochta reatha a bhaineann le Cosaint Shibhialta, lena gcuimsítear na hAchtanna um Réamhchúraimí in Aghaidh Aer-Ruathar, 1939 go 1946 agus an tAcht um Chosaint Shibhialta, 2012. Tar éis athbhreithniú fadréimseach a dhéanamh ar an reachtaíocht reatha agus comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, ullmhaíodh dréacht-Bhille um Chosaint Shibhialta. I mí na Nollag, cheadaigh an Rialtas go ndéanfar an Bille nua a fhoilsiú. Táthar ag súil le go gcuirfeadh an Bille um Chosaint Shibhialta seo ar aghaidh tríd an Oireachtas in 2023.

TREALAIMH NUA

Chabhraigh an Roinn Cosanta in 2022 le hAonaid Chosanta Sibhialta údaráis áitiúil réimse trealamh nua a fháil. Áiríodh leis seo roinnt córas sonóir nua a fuarthas le húsáid i gcuardach daoine ar iarraidh. Ag teacht le Rialacháin na hEorpa agus na Éireann um Aerárthaí Gan Fhoireann, feistíodh 14 drón den Chosaint Shibhialta le Córais Foirceannadh Eitilte agus paraisiúit.

Fuair an Roinn Raidiúnna Móibíleacha Digiteacha UHF nua freisin mar chuid den aistriú ó Analógach go Digiteach. Rinneadh roinnt feithiclí cumarsáide/rialaithe teagmhais breise a cheannach agus fheistiú i rith 2022.

Fuair an Roinn madra Téarnaimh Íospartaigh nua mar aon le hoiliúint do láimhseálaí in 2022, agus tá an measúnú deiridh le déanamh in Eanáir 2023. Chuir Police Scotland madra Téarnaimh Íospartaigh eile ar fáil go deonach agus tiocfaidh sé in áit ceann de na madraí atá againn cheana féin agus atá le dul ar scor.

Fuarthas 150 Seaicéad Tarrthála breise in 2022 chun cur leis an 350 a fuarthas in 2021 mar chuid dár gclár athsholáthair.



CÓRAS BAINISTÍOCHTA OIBRITHE DEONACHA AGUS TREALAIMH (CBODT)

In 2021 rinne an Roinn Cosanta infheistíocht shuntasach i dtodhchaí na Cosanta Sibhialta, ag dul isteach i gconradh chun Córas Bainistíochta Oibríthe Deonacha agus Trealaimh (CBODT) a fhorbairt ar líne. Déanfaidh CBODT nuachóiriú ar an gcaoi a bhfeidhmíonn oifigigh Cosanta Sibhialta, oibríthe deonacha agus an Roinn thar roinnt réimsí.

Cabhróidh an córas seo le hoifigigh Cosanta Sibhialta ina gcuid oibre ó lá go lá ag bainistiú, agus ag imscaradh oibríthe deonacha, agus ag cur oiliúint orthu freisin. Cuirfidh sé faisnéis chruinn agus cothrom le dáta ar fáil don Roinn Cosanta maidir le gníomhaíochtaí Cosanta Sibhialta ar fud na tíre. Beidh rochtain ag oibríthe deonacha ar CBODT trína bhfón cliste, a dtáblaead nó a ríomhaire glúine.

Críochnaíodh an obair forbartha ar an gcóras i mí na Samhna 2022. Tá tús curtha le tástáil úsáideora ceann-go-ceann agus táthar ag súil go rachaidh an córas beo i lár 2023.

CISTE NA gCUNTAS DÍOMHAOIN

Fuarthas €500,000 ó na Cuntais Dhíomhaoine agus leithdháileadh é seo ar chlár leanúnach athnuachana feithiclí Cosanta Sibhialta. Áiríonn an clár seo athsholáthar seanfeithiclí agus feistiú veaineanna mar fheithiclí rialaithe cumarsáide. I rith 2022, bhain 17 nAonad Cosanta Sibhialta de chuid na nÚdarás Áitiúil leas as an gclár seo.

Rinne an Roinn Cosanta iarratas eile ar mhaoiniú ó Chuntais Dhíomhaoine do 2023 agus tá €400,000 faighte chun leanúint ar aghaidh ag uasghrádú an chabhlaigh Cosanta Sibhialta. Áiritheofar dá réir gur féidir leis an gCosaint Sibhialta leanúint ar aghaidh lena ról chun tacú leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha a chomhlíonadh mar a leagtar amach in 'An Chosaint Sibhialta - I dTreo 2030'.

TRAENÁIL CHOSANTA SIBHIALTA

Lean an Coláiste um Chosaint Sibhialta ar aghaidh ag soláthar oiliúna agus deimhniúcháin ar ardchaighdeán agus ar bhealach tráthúil agus éifeachtach i rith 2022. Anuas air sin, leanann comhlachtaí caighdeán idirnáisiúnta agus náisiúnta leis an gColáiste a aithint agus a fhorhmeas mar sholáthraí oiliúna. Chríochnaigh an Coláiste próiseas dearbhaithe cáilíochta ar chéatadán an-ard de chúrsaí agus deimhnigh sé sin an caighdeán ard oiliúna a chuirtear ar oibríthe deonacha Cosanta Sibhialta.

Uirlis fhíorluachmhar a bhí san Ardán Tacaíochta Foghlama (ATF) chun oiliúint foghlama cumaisc a sholáthar d'oibríthe deonacha. Lean an coláiste ag iniúchadh roghanna agus cumas an AFT chun tacú le teagasc agus foghlaim. Is féidir le hOibríthe Deonacha na Cosanta Sibhialta anois cúrsaí áirithe a dhéanamh ó chompond a dtithe féin nó go deimhin óna n-aonad oiliúna áitiúil.

De réir mar a cuireadh deireadh leis na srianta a bhain leis an bpaindéim, sholáthair teagascóirí oibríthe deonacha Cosanta Sibhialta go leor oiliúna laistigh dá nÚdarás Áitiúil, oiliúint arna deimhniú ag an gcoláiste. Áiríodh le hoiliúint an choláiste oibríthe deonacha sa Chosaint Sibhialta a dhearbhu mar Theagascóirí Freagróra ón gComhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal (CCÉRO), mar Theagascóirí Cuardaigh Daoine ar Iarraidh, mar Theagascóirí Láimhsiú agus Láimhsiú Daoine. Déantar na cúrsaí go léir a éascú trí oiliúint ar líne. Tosaíodh cúrsa Teicneoir Éigeandála Leighis (TÉL) Cosanta Sibhialta do bhreis agus 70 oibrí deonach i bhfómhar 2021, rud a d'fhág go raibh breis is 50 TÉLanna deimhnithe in 2022. Bhí pribhléid ar bhreis agus 200 TÉL Cosanta Sibhialta cleachtadh d'Údarás Áitiúla faoi threoirínthe na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéal (an CCÉRO).

Thacaigh an Brainse um Chosaint Sibhialta leis na hÚdarás Áitiúla chun na caighdeáin rialála a chomhlíonadh chun fanacht i bhfeidhm, go háirithe maidir le soláthar cúram réamh-ospidéal (CCÉRO) agus oibríocht drón (IAA).




I measc na n-oiliúint theicniúil eile a críochnaíodh in 2022 bhí oiliúint seacht dTeagascóirí Cumarsáide nua. Cuireadh oiliúint ar 49 Píolótach Dróin chuig an gcaighdeán nua um Chatagóir Oscailte A2 le haghaidh oibríochtaí riosca íseal. Cuireadh oiliúint ar 22 Phíolóta Dróin chuig an gcaighdeán nua um Chatagóir Sonrach d'oibríochtaí meánriosca agus ardriosca. Cuireadh oiliúint freisin ar ochtar Teagascóirí in úsáid Bogearraí Bainistíochta Cuardach Daoine ar Iarraidh. Le linn 2022, cuireadh oiliúint ar naonúr Oibreoirí Sonóir freisin.

Tugtar cuntas i gCairt 1.1 ar líon na gcúrsaí a cuireadh ar siúl, na líonta daoine ar cuireadh oiliúint orthu agus líon na ndeimhniúcháin a eisíodh i rith 2022, agus déantar comparáid ann idir figiúirí na blianta 2020 agus 2021.

Cairt 1.1

Sonraí faoi chúrsaí Chosanta Sibhialta a soláthraíodh agus teastais a eisíodh 2020-2022

* Ní áirítear leis na figiúirí seo deimhnithe a eisíodh roimh an 10 Eanáir 2023 agus ní áirítear leo oiliúint neamhdeimhnithe a cuireadh ar fáil go háitiúil.





OILIÚINT SEOLTÓIREACHTA ÉIREANN (SAIL TRAINING IRELAND)

Bunaíodh Oiliúint Seoltóireachta Éireann sa bhliain 2011. Tugann Oiliúint Seoltóireachta na hÉireann daoine óga, ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste den chuid is mó, ar thurais chun forbairt óige a dhéanamh chomh maith le daoine óga a mhúineadh conas seoltóireacht a dhéanamh. Chomhaontaigh an Rialtas €85,000 a sholáthar d'Oiliúint Seoltóireachta Éireann (Sail Training Ireland) in 2019 agus 2020, a fhad agus a sholáthraíonn an grúpa eispéiris bhreise oiliúna seoltóireachta do dhaoine óga ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste. Níorbh fhéidir aon oiliúint seoltóireachta a dhéanamh in 2020 nó 2021 mar gheall ar shrianta COVID-19 agus níor cuireadh aon chistiú ar fáil in 2021.

Tar éis atosú ar oiliúint seol in 2022, íocadh iarmhéid an airgid a bhí dlíte ó 2020 le hOiliúint Seoltóireachta Éireann. Íocadh freisin €50,000 breise ó Chiste na gCuntas Díomhaoin. Bhí an maoiniú seo faoi réir chomhlíonadh dhá Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta, a rinneadh idir an Roinn Cosanta agus Oiliúint Seoltóireachta Éireann in 2019 agus 2020.

SPRIOC STRAITÉISEACH

An gníomhú ar son na hAeráide

2030 – SPRIOCANNA AGUS PLEANANNA

Leis an Sainordú um Gníomhú ar son na hAeráide, leagtar síos spriocanna laghdaithe astaíochtaí agus éifeachtúlachta fuinnimh do chomhlachtaí poiblí mar a leanas:

- » Astuithe Gáis Tithe Glasa (GTG) a laghdú 51% faoi 2030.
- » An feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí a mhéadú ón sprioc roimhe seo de 33% faoi 2020 go laghdú 50% ar thomhaltas fuinnimh faoi 2030.
- » Treochlár Gníomhaíochta Aeráide a chur i bhfeidhm don Roinn faoi dheireadh Ráithe 1, 2023.

Beidh an sprioc um astaíochtaí CO₂, atá le tosú le foilsiú thuarascáil SEAI don bhliain 2022, bunaithe ar astaíochtaí dearbha ón tréimhse 2016-2018, agus níl measúnú déanta go fóill ar bhonnlíne na Roinne. Tá an Roinn i riocht maith lena spriocanna 2030 agus 2050 a bhaint amach, mar gheall ar na feabhsuithe a rinneadh le cúpla bliain anuas.

Léiríonn tuarascáil 2021 an SEAI ar fheidhmíocht fuinnimh agus astaíochtaí don Roinn cheana féin laghdú 35% ar astaíochtaí CO₂ ón tréimhse 2016-2018. Tá tuarascáil 2022 an SEAI le bheith ag deireadh R1 2023.

FEABHSÚCHÁIN BHREISE

1. Staidéar ar Phainéal Gréine PV, Droichead Nua
Chuaigh an Roinn i dteagmháil le hOifig na nOibreacha Poiblí agus le Carbóin Care chun staidéar féidearthachta a sholáthar ar shuiteáil Painéil PV ar dhíonta cothroma fhoirgneamh an Droichid Nua. Tá an staidéar críochnaithe á mheasúnú ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus beidh an measúnú seo mar bhonn eolais do chúrsaí gníomhaíochta na Roinne amach anseo.
2. An Rinn Mhór a uasghrádú le haghaidh astuithe foirgneamh nialais
Tá an Rinn Mhór sainaitheanta ag Oifig na nOibreacha Poiblí d'uasghrádú foirgnimh le nialas astuithe a bhaint amach sna blianta amach romhainn. Tá staidéar féidearthachta déanta ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) agus an SEAI maidir leis sin agus thug siad le fios go mbainfeadh an foirgneamh leas as uasghrádú mór a bhféadfadh cuid díobh seo a leanas nó iad go léir a áireamh: cumhdach/inslíú seachtrach; athsholáthair fuinneoige; suiteáil córas malartaithe teasa; Feistiú painéil PV. Táthar ag fanacht le freagra foirmiúil ón OOP/SEAI agus soiléireoidh sé seo cúrsaí gníomhaíochta a bheidh le déanamh ag an Roinn amach anseo.
3. Pointí luchtaithe feithiclí leictreacha (EV)
Tá suiteáil pointí luchtaithe EV d'fhoirgnimh na Roinne á athbhreithniú faoi láthair i gcomhairle leis an OPW.
4. Foirgneamh Ros Cré (Cosaint Shíbhialta).
Déanfar staidéar féidearthachta ar roghanna don foirgneamh seo a fhorbairt i gcomhairle le hOifig na nOibreacha Poiblí.

ÓGLAIGH NA HÉIREANN

Cláir iad éifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú a dtugtar tús áite dóibh in Óglaigh na hÉireann. Is é an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2023 (CAP23) an dara nuashonrú ar Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2019, d'Éirinn agus is é an chéad nuashonrú é faoin Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, tar éis tabhairt isteach in 2022 ar bhuiséid charbóin ar fud an gheilleagair agus uasteorainneacha astaíochtaí eanála.

Mar chuid den phlean seo, tá spriocanna sonracha leagtha amach ag an rialtas maidir le giniúint cumhachta, bonneagar tógtha, iompar, talmhaíocht, tionscal agus úsáid talún. Mar chomhlacht poiblí, ceanglaíonn an rialtas ar Óglaigh na hÉireann a bhfeidhmíocht fuinnimh a thuairisciú gach bliain. Déantar seo tríd an ardán Monatóireachta agus Tuairiscithe a oibríonn an SEAI.

Leis an gcuspóir reatha Aeráide Náisiúnta a bhaint amach, tá pleananna á gcur i bhfeidhm ag Óglaigh na hÉireann le laghdú 7% bliain ar bhliain ar idiú fuinnimh a bhaint amach.

Trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht, suiteáil na dtionscadal Foinsí Fuinnimh In-athnuaite (FFI), uasghrádú agus iarfheistiú córais téimh leictreach agus rolladh amach iompar bóthair feithiclí leictreonacha, tá an DF tiomanta do bheith ina eiseamláirí agus ina gceannairí sa réimse seo agus le comhlachtaí poiblí eile le foghlaim agus le saineolas a fháil chun go mbíonn an cumas is fearr acu na spriocanna seo a bhaint ar bhealach cost-éifeachtúil agus éifeachtúil.

Seo a leanas roinnt tionscnaimh um Ghníomhú ar son na hAeráide atá ar siúl in Óglaigh na hÉireann:

- » Suiteáladh 17 gcóras fhótavoltacha i bhfoirgnimh ÓÉ ag a bhfuil acmhainn 1.4MWp.
- » Tá luchtairí EV le haghaidh feithiclí míleata agus sibhialta araon curtha isteach i nDún Mhíche Aoidh, agus táthar ag súil go gcuirfear luchtairí ar fáil i sé ionad eile go luath in 2023.
- » Tionscadal rathúil feasachta fuinnimh agus fo-mhéadraithe déanta i nDún Mhíche Aoidh mar chuid de thionscnamh OOP Optimising Power at Work.
- » Tá DF ar an sprioc faoi láthair chun an sprioc feabhsaithe feidhmíochta fuinnimh 50% a bhaint amach mar atá sainordaithe ag an SEAI.

SPRIOC STRAITÉISEACH

Nuálaíocht



TAIGHDE, TEICNEOLAÍOCHT AGUS NUÁLAÍOCHT (TTN)

Déantar soláthar i Ráiteas Straitéise 2021-2023 na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann d'aonad taighde, teicneolaíochta agus nuálaíochta sibhialta/míleata a bhunú lena chinntiú go mbíonn teacht ag an Roinn agus ag Óglaigh na hÉireann ar thaighde, teicneolaíocht agus nuálaíocht chun tacú le forbairt cumais. Leagtar dualgas ar an Aonad TTN freisin as tacú le tionscal agus institiúidí taighde Éireannacha chun teacht ar chistiú an AE ón gCiste Eorpach Cosanta.

Chuaigh an Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann i gcomhpháirtíocht le Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) chun Dúshlán FEÉ/Eagraíochta Cosanta a fhorbairt, a seoladh in 2021. Tar éis roinnt céimeanna, bhí cúig fhoireann san iomaíocht sa chéim síl agus chuir siad a bpáirceanna deiridh i láthair do phainéal athbhreithnithe idirnáisiúnta an 9 Samhain 2022. Ba é an buaiteoir foriomlán an tionscadal Co-Pilot AI a fuair duais de dheontas taighde €1 milliún. Tá sé mar aidhm aige ardán bogearraí a chruthú do na chéad fhreagróirí ag tinte fiáine a chuirfidh ar a gcumas na sócmhainní atá ar fáil dóibh a imscaradh ar an mbealach is fearr. Bronnadh an dara duais de dheontas taighde €0.5 milliún ar an tionscadal MISTRAL, a bhfuil sé mar aidhm aige líonra dróin imscartha uathrialaitheach a chruthú a mhéadóidh na córais cumarsáide ar an talamh trí chumais athchraolacháin aerbheirthe a bheith daingnithe sna dróin.





Is clár nua nuálaíochta é DefenceSparx (forbairt scileanna agus meon) arna fhorbairt ag an Aonad TTN. Cuireadh tús leis an gclár ar 12 Deireadh Fómhair 2022. Roghnaíodh cúig fhoireann ar fud na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann chun réitigh chruthaitheacha a fhorbairt chun dul i ngleic le fíordhúshláin in Óglaigh na hÉireann (ÓÉ) agus sa Roinn Cosanta (RC) agus cuirfidh siad a réitigh nuálacha ar fhíorfhadhbanna ÓÉ agus RC faoi bhráid na gceannairí sinsearacha i R1 2023.

Is é DefenceInnovate clár Maoinithe Dúshlán Nuálaíochta Inmheánach na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann a d'fhorbair an tAonad TTN freisin agus a seoladh go déanach in 2022. Tugann an clár deis do phearsanra ÓÉ agus an RC leas a bhaint as deontais airgeadais aonuaire (suas go €15,000) chun réitigh ar dhúshláin a d'aithin siad ina dtimpeallacht oibre a fhréamhshamhail, a thástáil agus a chur i bhfeidhm.





SPRIOC STRAITÉISEACH

An clár dhigiteach

Leanann Óglaigh na hÉireann (ÓÉ), ar aon dul le Straitéis Dhigiteach an Rialtais, le heagraíocht atá cumasaithe ó thaobh líonra a chruthú ó pheirspictíocht ghnó agus ó thaobh taicticí de araon.

Tá an próiseas tairisceana don Timpeallacht Oibre don Chéad Ghlúin Eile (TOCGE) chun an líonra DF a uasghrádú críochnaithe agus tá tús curtha leis an gcur i bhfeidhm tosaigh. Sa bhealach sin, cuirfear ar chumas Óglaigh na hÉireann a bheith níos solúbtha agus freagairt do riachtanais na nÓglach amach anseo, lena n-áirítear rochtain timpeallachta oibre soghluaiste a mhéadú do phearsanra na nÓglach.

Ó pheirspictíocht oideachais, chuir paidéim COVID-19 dlús le cur chuige foghlama cumaisc, go háirithe nuair a dhéantar comhoibriú le hInstitiúidí Tríú Leibhéal seachtracha. Cuireadh teagasc agus ábhar ar fáil ar líne do mhic léinn sa chás gur chuí agus gurbh fhéidir. Soláthróidh leathnú an tionscadail TOGCE idir-inoibritheacht fheabhsaithe le soláthraithe seachtracha.

Ar leibhéal taicticiúil, lean Óglaigh na hÉireann d'Inniúlacht atá Cumasaithe ó thaobh Líonra de a fhorbairt. Is é an clár Raidió Bogearraí-Shainithe (RBS) an chéad rud a thiocfaidh chun cinn sa phróiseas seo. Cuirfidh RBS feabhas ar an gcumas eolas a sholáthar don cheannasaí, trí mheáin iolracha, a chuirfear i láthair ar Chóras Bainistíochta Láthair Chatha ÓÉ.

D'fhonn slándáil, idir-inoibritheacht agus rochtain ar Sheirbhísí SCF a áirithiú, tá an Stiúrthóir Seirbhísí Cumarsáide agus Faisnéise ag déanamh athbhreithniú faoi láthair ar mholtaí an Coimisiúin ar Óglaigh na hÉireann agus ar thograí cur chun feidhme a bhaineann le CIS/Cibear.

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE (TFC)

Leanann an Brainse TFC ar aghaidh ag seachadadh agus ag tacú le seirbhísí TFC nua-aimseartha agus slán don Roinn Cosanta chun a cuspóirí gnó a bhaint amach agus luach ar airgead a sheachadadh. Oibríonn an brainse go dlúth freisin le hÓglaigh na hÉireann chun comhthionscadail a sheachadadh agus chun feidhmchláir agus bunachair shonraí comhroinnte a bhainistiú.

Chuir an brainse tús le forbairt straitéise TFC nua a spreagfaidh clár claochlaithe digiteach laistigh den Roinn go ceann cúig bliana. Bhí próiseas fairsing comhairliúcháin agus comhoibrithe i gceist leis an obair seo le príomhpháirtithe leasmhara chun fíis shoiléir a bhunú le cuspóirí tacaíochta agus cumasóirí chun freastal ar an eagraíocht ar feadh shaolré na straitéise. Déanfar an straitéis TFC nua seo a sheachadadh i R1 2023.

CUR I BHFEIDHM EDOCS SA ROINN COSANTA

In 2022 críochnaíodh aistriú na Roinne go dtí an córas taifid leictreonacha faofa, eDocs. Tá athrú suntasach tagtha ar an mbealach a dhéantar gnó sa Roinn mar gheall air sin. Ní bheadh oibreacha an phróisis aistrithe curtha i gcrích gan comhoibriú iomlán na foirne go léir laistigh den Roinn.

Bhí 60% den fhoireann aistrithe cheana féin in 2021, agus tugadh aistriú an 40% eile chun críche faoi Bhealtaine 2022, de réir sceidil agus laistigh den bhuiséad pleanáilte. Cuireadh os cionn 20 seisiún oiliúna ar fáil don Roinn, agus ghlac breis agus 250 ball foirne páirt iontu, agus d'fhreastail ar sheisiúin oiliúna roimh aistriú dóibh go eDocs. Tar éis na haistrithe a chríochnú, réachtáladh roinnt ranganna athnuachana agus réamhoiliúna, agus líon ard ag glacadh leis na ranganna sin sa chás seo freisin.

D'fhormheas an Bord Bainistíochta Beartas Bainistíochta Taifead na Roinne i mBealtaine 2021 agus chuaigh an beartas i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2022. Príomhbheartas don Roinn a bhí ann chun a chinntiú go leanfaimid de bheith ag cloí leis an Acht um Chartlann Náisiúnta maidir le taifid a bhainistiú, a choinneáil agus a chartlannú.

Leanann an Roinn ar aghaidh ag déanamh breithmheasa ar gach comhad atá le seoladh chuig an gCartlann Mhíleata, agus beagnach 10,000 comhad seolta in 2022, lena n-áirítear go leor comhad le measúnú le haghaidh Bhailiúchán Pinsean Seirbhíse Míleata (BPSM).



Cuid 2

An Cumas chun Soláthar a Dhéanamh

SPRIOC STRAITÉISEACH

Inniúlachtaí a fhorbairt agus a chothabháil

ASCHUR AGUS MÓR-SHOLÁTHAR SA GPSAL (HLPPG) IN 2022

Le linn na bliana 2022, rinne an GPSAL maoirseacht ar dhul chun cinn suntasach, a rinneadh trí chomhoibriú sibhialta-míleata, leis an bPlean Forbartha Trealaimh cúig bliana (PFT). Soláthraíonn an Plean maoirseacht straitéiseach agus infheictheacht don phróiseas fála trealaimh, i dtéarmaí costais, sceidil agus riachtanais phleanála forbartha cumais don Arm, don Aerchór agus don tSeirbhís Chabhlaigh. I rith na bliana d'fhaomh an GPSAL 52 conradh arbh fhiú thart ar €408 milliún iad san iomlán agus 29 iarratas eile chun dul chuig an margadh dar luach thart ar €144 milliún.

Leanadh ar aghaidh leo ag sealbhú trealamh cosanta fórsa ag leibhéal an tsaighdiúra agus cuireadh comórtas ar siúl chun armúr coirp seirbhíse ginearálta nua a fháil d'Óglaigh na hÉireann, agus beidh clogad comhraic nua ag teacht amach ar aon dul leis. Socraíodh conradh in 2022 le haghaidh ordú mór feisteas cosanta Ceimiceach-Bitheolaíoch-Raideolaíoch agus Núicléach (CBRN) le seachadadh in 2023. Cuireadh conradh freisin chun faireachas fis oíche, éadail sprice agus ardáin taiscéalaíochta a sholáthar don Chór Coisithe.

Rinneadh dul chun cinn breise i gcaitheamh 2022 ar an gclár ilbhliantúil uasghrádaithe agus cothabhála meánaoise maidir le flít lompróirí Armúrtha Pearsanta an Airm. Nuair a chuirfear seo i gcrích, sínfídh é seo áirgiúlacht an fhlít agus cuirfídh sé leibhéal níos airde de chosaint, soghluaisteacht agus cumhacht lámhaigh ar fáil agus lorgóidh sé le hinmharthanacht an fhlít a chinntiú go dtí 2030 agus ina dhiaidh sin. Tá an clár le críochnú in 2023.

In 2020, cuireadh conradh le haghaidh 28 bhFeithicil Fónais Armúrtha agus ordaíodh dhá fheithicil bhreise sa bhliain 2021. Seachadadh sé fheithicil is fiche agus tá sé beartaithe na ceithre fheithicil deiridh a sheachadh, de réir an sceidil, in 2023. Méadóidh na feithicil seo an líon feithicil sa fhlít faoi láthair breis agus faoi dhó agus cuirfídh siad leibhéal de shoghluaisteacht chosanta ar fáil idir na leibhéil iompair éadroim gan armúrtha agus feithicilí armúrtha níos troime.

Leanadh d'obair ar an tionscadal Raidió Bogearraí-Shainithe i rith 2022. Déanann an tionscadal seo soláthar do bhonneagar cumarsáide reatha Óglaigh na hÉireann a ionadú agus áireofar leis idir-inoibritheacht fheabhsaithe agus tarchur sonraí ardleithhead banda. Tá comórtas tairisceana ar siúl.

Leanadh le linn na bliana le lón lámhaigh a fháil le haghaidh oiliúna agus imscaradh thar lear, lena n-áirítear seachadadh líon mór muinisean airtléire agus babhtaí traenála coisithe.

I mí na Nollag, bronnadh conradh chun Aerárthach Iompair Mhíleata Sciathán Seasta a sholáthar d'Óglaigh na hÉireann. Tá an t-aerárthach Airbus C295W thar a bheith ilúsáideach agus soláthróidh sé sócmhainn thiomnaithe chun tacú le riachtanais aeríompair mhíleata Óglaigh na hÉireann agus chun cumas teagmhasach leathan a sholáthar. Cuirfidh an t-aerárthach ar chumas an Aerchoir raon leathan seirbhísí a sholáthar lena n-áirítear tacaíocht lóistíochta agus iompar trúpaí agus trealaimh, aslonnú leighis agus otharcharr aeir, oibríochtaí Fórsaí Oibríochtaí Speisialta agus ról fóntais ghinearálta. Táthar ag súil leis an seachadadh in 2025.

Leanadh de dhul chun cinn maith a dhéanamh i rith 2022 ar an dá Aerárthach Patróil Mhuirí Airbus C-295 nua a chur i dtoll a chéile a thiocfaidh in ionad dhá Aerárthach Patróil Mhuirí CASA 235 an Aerchoir. Tá na haerárthaí le soláthar de réir an sceidil in 2023. Nuair a sheachadfar iad, cuirfidh siad feabhas ar chumas faireachais mhuirí an Aerchoir agus cuirfidh siad leibhéal níos airde d'áirgiúlacht ar fáil freisin i gcomhair taisc iompair agus iompair lastais.

Leanadh leis an gclár um Lár-Saoil a Leathnú do Rang P50 na Seirbhíse Cabhlaigh in 2022. Críochnaíodh an obair ar an LÉ Roisín le linn 2021 agus ina dhiaidh sin rinneadh obair den chineál céanna ar an LÉ Niamh, atá le críochnú in 2023. Ceannaíodh dhá Áarthach Patróil Chladaigh ó Rialtas na Nua-Shéalainne in 2022 chun thabhairt isteach in ionad an dá shoitheach P40 a díchoimisiúnaíodh in 2022. Tá clár oibreacha á dhéanamh orthu faoi láthair agus táthar ag súil go dtiocfaidh siad go hÉirinn in 2023.

I measc na bpríomhéadálacha a bhain le hiompar in 2022, rinneadh 70 feithicil 4 x 4 trí cheathrú tonna, 30 Trucail Iompair Trúpaí 4 x 4, 10 salún leictreacha, 10 bhfeithicil leictreacha stórais, aon chraein amháin lorraí-socraithe, 3 fhorcardaitheoir leictreonach, 30 Chriúchábán, 21 mhionbhus, trí tharracóir agus leantóir earcaíochta amháin a éadail. Cuireadh cistiú ar fáil freisin ar bhonn leanúnach chun feithicilí a chothabháil sa fhlít iompair mhíleata, sa bhaile agus thar lear araon.

COMHTHASCFHÓRSA SOLÁTHAIR NA COSANTA

Tá tionchar diúltach suntasach ag an gcogadh san Úcráin ar threalamh agus lón lámhaigh a sheachadadh. Tá cur isteach ar an slabhra soláthair ag cur isteach ar infhaighteacht na n-amháibhar agus na gcomhpháirteanna do mhonaróirí. Mar thoradh air sin, ní féidir le soláthróirí táirgeadh a eagrú laistigh de na tréimhsí ama a bhfuiltear ag súil leo, rud a fhágann riaráiste d'orduithe nár comhlíonadh, rud atá ag éirí níos measa. Ina theannta sin, tá brúnna boilscithe á bhfulaingt mar thoradh díreach ar an gcogadh san Úcráin agus tá arduithe suntasacha tagtha ar phraghsanna trealaimh agus lón lámhaigh mar thoradh ar choinníollacha an gheilleagair dhomhanda.

In 2022 ghlac Brainse na gConarthaí páirt i roinnt cruinnithe le Comh-Thascfhórsa Soláthair Cosanta an AE agus leis an EDA chun féachaint an bhféadfaí dul i ngleic le comhthionscadail soláthair áirithe. Tá trí shainréimse cumais á scrúdú ag an EDA maidir le comhsholáthar, is iad sin (1) cosaint aonair agus trealamh CBRN, (2) trealamh aonair saighdiúir agus (3) lón lámhaigh de chailibre éagsúla. Tá obair ag leanúint ar aghaidh in 2023 chun na comhthionscadail soláthair fhéideartha seo a fhorbairt.



BAINISTÍOCHT RÉADMHAOINE AGUS INFHEISTÍOCHT MHÓR I MBONNEAGAR 2022

Leagann Plean Forbartha Bonneagair (PFB) Óglaigh na hÉireann amach clár seachadta tionscadail réamh-mheasta. Léirítear sa Chlár an timpeallacht chasta ina n-oibrítear Óglaigh na hÉireann agus an gá comhfhreagrach atá le bonneagar cuí chun soláthar a dhéanamh do chóiríocht agus oiliúint a sholáthar don phearsanra agus do threalamh le haghaidh riachtanais oibríochtúla ar talamh, ar muir agus san aer a chothabháil agus a stóráil.

Chríochnaigh an Roinn agus Óglaigh na hÉireann athbhreithniú meántearma ar an bPlean, a seoladh in 2020, in 2022. Leagtar amach san athbhreithniú nuashonraithe seo na tionscadail atá le cur chun cinn sa tréimhse 2022/2027.

Caitheadh breis agus €19 mhilliún in 2022 ar oibreacha tógála i suiteálacha agus dúnta míleata fud fad na tíre faoi ghné infheistíochta caipitil Chlár Bonneagair Thógtha Óglaigh na hÉireann. Anuas air sin, tá clár oibreacha leanúnacha lena chinntiú go ndéantar foirgnimh agus áiseanna a chothabháil agus a dheisiú go ginearálta do phearsanra Óglaigh na hÉireann. Caitear leis na hoibreacha seo mar chaiteachas reatha faoin gClár agus b'ionann an méid a caitheadh in 2022 agus €9.8 milliún.



Dhírigh gné chaipitil an Chláir go príomha ar thionscadail bhonneagracha ina dtógtar foirgnimh nua agus ina ndéantar foirgnimh agus áiseanna reatha a athchóiriú. Ag deireadh na bliana 2022, bhí luach os cionn €100 milliún de thionscadail chaipitil ag céimeanna éagsúla den phíblíne soláthair, ó dhearadh, pleanáil agus tógáil go críochnú substaintiúil, lena n-áirítear na tionscadail shuntasacha seo a leanas:

- » Uasghrádú agus athchóiriú ar dhá fhoirgneamh ag Dún Mhic Aoidh, Cóiríocht Oifige ag Dún Mhic Aoidh - €18.6 milliún.
- » Saoráid Leighis Mhíleata Mhic Easmainn (athlonnú Ospidéal Míleata Naomh Bricín) - €15.4 milliún.
- » Uasghrádú ar dhá fhoirgneamh (Cóiríocht Bloc 8 agus Cóiríocht Oifige Bloc 9) ag an mBunáit Chabhlaigh, Inis Sionnach - €13.3 milliún.
- » Uasghrádú ar iar-Bhloc USAC, Gaillimh - €10 milliún.
- » Uasghrádú ar Chóiríocht Bhloc 4, Inis Sionnach - €9.5 milliún.
- » Saoráid nua Cheardlainne CIS, Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann - €9.4 milliún.
- » Dún Uí Choileáin - dhá Fhoirgneamh - (i) Bloc Nua Cóiríochta agus (ii) Athchóiriú ar Bhloc 1 - €9.2 milliún.
- » ARW - Foirgneamh Ceannteathrú - €7.8 milliún.
- » Ceannteathrú Scoil na nDaltaí - Ionad Traenála Óglaigh na hÉireann - €4.1 milliún.
- » Clóphreas a Athlonnú, Dún Mhic Aoidh - €1.9 milliún.
- » Athlonnú Naomh Bricín - MAP agus DMED - Iar-Cheann Foirne - €1.5 milliún.





MÁNNA AN CHURRAIGH A BHAINISTIÚ

D'aontaigh an Roinn Cosanta agus Comhairle Contae Chill Dara i mí na Nollag 2019 ar sheirbhísí foireann sainchomhairleoireachta ildisciplíneach a fhostú chun dul i ngleic le sraith saincheistanna agus deiseanna a shainaithint chun bainistíocht agus cur i láthair níos fearr a dhéanamh ar Mhánna an Churraigh.

Ceapadh The Paul Hogarth Company i Meitheamh 2020 ina sainchomhairleoirí don Staidéar Sainchomhairleoireachta ar Mhánna an Churraigh. Is é costas an staidéir €148,600 (gan CBL a áireamh) agus tá sé á chomhchistiú ag an Roinn agus Comhairle Contae Chill Dara.

Is iad cuspóirí an Staidéir na rudaí seo a leanas a sholáthar:

- » Plean Cuimsitheach Bainistíochta Caomhantais a sholáthróidh creat chun bainistíocht inbhuanaithe amach anseo a dhéanamh ar Mhánna an Churraigh; agus
- » Plean Léirmhínte/Brandála ina bhfuil straitéis treoshúimh agus treo a chuirfidh aitheantas amhairc do Mhánna an Churraigh ar fáil.

Críochnaíodh comhairliúchán poiblí ar líne don Staidéar in Aibreán 2021. Bunaíodh an comhairliúchán seo ar shuirbhé ar fuarthas beagnach 3,700 freagairt ón bpobal dó. Tá toradh an tsuirbhé ar fáil ar www.curraghplains.ie.

Reáchtáladh an dara comhairliúchán poiblí a chuimsigh suirbhé ar líne agus imeacht buail isteach i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2022. Lorg an dara comhairliúchán poiblí seo ionchur an phobail ar naoi mbeartas don Phlean Bainistíochta Caomhantais agus moltaí don Phlean Léirmhínte agus Aimsithe Bealaí atá bunaithe ar aighneachtaí ón gcéad phróiseas comhairliúcháin.

Táthar ag súil go mbeidh tuarascáil deiridh críochnaithe sa chéad ráithe de 2023.

DIÚSCAIRTÍ

Riarann an Roinn Cosanta an Phunann Réadmhaoine Cosanta (thart ar 8,300 heicteár) ina gcuimsítear talamh agus foirgnimh ag láithreacha iolracha ar fud na tíre, ar meascán d'áiseanna oibríochtúla míleata, tailte traenála, ceathrúna do lucht pósta, dúnfoirt agus de réadmhaoine eile atá inti.

Ó 1998, tá an Roinn Cosanta ag tabhairt faoi chlár leanúnach comhdhlúthaithe dúnta agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an bpunann réadmhaoine. Rinneadh réimse réadmhaoine a saináithníodh mar réadmhaoine nach dteastaíonn a thuilleadh ó thaobh riachtanais mhíleata de a dhiúscairt mar thoradh ar an gclár seo. Chuige sin, diúscaíodh réadmhaoine/páirtmhaoine i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus in Uíbh Fhailí in 2022.

Faoi mar a leagtar amach sa Pháipéar Bán ar Chosaint, rinne an Rialtas an cinneadh go bhfuil 100% de na fáiltais ó dhiúscairtí réadmhaoine le athinfheistiú sa chlár caipitiúil cosanta agus go bhfuil na coigeartuithe riachtanacha le déanamh i soláthairtí airgeadais.

PLEAN FORBARTHA CUMAIS

I bpríomh-mholadh a rinne an Coimisiún ar Óglaigh na hÉireann iarradh go mbunófaí próiseas pleanála um fhorbairt cumais ó bharr anuas láithreach trí struchtúr buan nua sibhialta-míleata a chruthú. Ghlac an Rialtas leis an moladh seo i mí Iúil 2022. Tar éis an chinnidh sin, tugadh faoi obair shuntasach le linn an dara leath de 2022 chun Brainse nua buan sibhialta-míleata a bhunú laistigh den Roinn Cosanta. Mar thoradh ar an obair sin, tá Brainse Forbartha Cumais nua á bhunú laistigh den Roinn Cosanta agus cuirfear tús le hobair forbartha cumais le linn 2023.

ATHBHREITHNIÚ AR CHEANNAS AGUS RIALÚ ARDLEIBHÉIL

Ag eascairt as gealltanais a rinneadh sa Pháipéar Bán freisin, rinne comhfhoireann tionscadail sibhialta-míleata athbhreithniú ar Cheannas agus Rialú ardleibhéil a bhain le hÓglaigh na hÉireann. Tá an obair seo anois le cur faoi raon feidhme ar na moltaí a rinne an Coimisiún ar Óglaigh na hÉireann sa réimse seo atá mar chuid den líon beag moltaí atá le filleadh ar an Rialtas.

AN COISTE UM FHIONTRAÍOCHT COSANTA

I rith 2022, lean comhoibriú idir an Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann agus Fiontraíocht Éireann trí chruinnithe an Choiste Fiontraíochta Cosanta. Lean Óglaigh na hÉireann freisin le páirt a ghlacadh in aon thionscadal Horizon 2020 a bhaineann le forbairt cumais, AI-ARC. Forbróidh an tionscadal AI-ARC spás oibre comhoibríthe bunaithe ar sheirbhísí AI nuálacha agus éifeachtacha, Seomra Rialaithe Fíorúil a chuirfidh go mór le slándáil teorann agus sheachtrach, chomh maith le comhar a thacóidh le bainistiú teorainneacha seachtracha san Artach agus san Ard-Mhuir Thuaidh.

Is í Fís Eorpach (Horizon Europe) an clár taighde agus nuálaíochta is mó san AE a réachtáladh riamh anall agus beidh cistiú nach mór €95.5 billiún curtha ar fáil i gcaitheamh tréimhse seacht mbliana (2021-2027). Glacfaidh an Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann araon le tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann, páirt i gclár Fís Eorpach, sa chás gurb iomchuí chun freastal ar riachtanais forbartha cumais na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann araon.

REACHTAÍOCHT

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le reachtaíocht le linn 2022 agus cuireadh na míreanna seo a leanas chun cinn:

An tAcht Cosanta (Leasú), 2021

Shínigh an tAire an tOrdú Tosach Feidhme i ndáil leis an Acht seo agus cuireadh tús le forálacha uile an Achta le héifeacht ón 4 Aibreán 2022. Áirítear leis an Acht forálacha maidir le himscaradh pearsanra míleata thar lear, liostáil mionaoiseach chomh maith le leasuithe ilghnéitheacha eile ar an Acht Cosanta 1954. Anuas air sin, déantar foráil san Acht Cosanta (Leasú) do chur le ról na nÓglach Cúltaca chun tacú leis an mBuanfhórsa Cosanta anuas ar na toirmisc dhearbha a bhaint laistigh de na hAchtanna Cosanta atá ar chomhaltaí an Chúltaca a fhónann thar lear.

An tAcht Fórsaí Cosanta (Fianaise), 2022

Ritheadh an reachtaíocht seo sa dá Theach den Oireachtas le linn 2022 agus shínigh an tUachtarán í an 6 Iúil 2022. Is é cuspóir an Achta foráil a dhéanamh do chomhaltaí na bPóilíní Míleata chun samplaí DNA agus fóiréinseacha eile a thógáil agus a úsáid chun críocha a gcuid imscrúduithe, go háirithe lasmuigh den dlínse nuair a imscartar pearsanra d'Óglaigh na hÉireann thar lear. Tá gá le rialacháin a bheith críochnaithe agus nósanna imeachta riaracháin a bheith curtha i bhfeidhm sula gcuirfear tús leis an Acht. Leanfar ar aghaidh leis an obair seo le linn 2023.

An Bille um Chosaint Shibhialta

Tar éis don Rialtas Scéim Ghinearálta an Bhille seo a cheadú an 1 Iúil 2022, críochnaíodh dréachtú na reachtaíochta ag druidim isteach le deireadh na bliana. Cheadaigh an Rialtas an Bille lena fhoilsiú i mí na Nollag 2022 agus foilseofar é go luath in 2023. Is é cuspóir an Bhille nuachóiriú a dhéanamh ar an reachtaíocht atá ann cheanna féin a bhaineann le hábhair chosanta sibhialta atá laistigh de na hAchtanna um Réamhchúraimí in Aghaidh Aer-Ruathar, 1939 go 1946 agus an tAcht um Chosaint Shibhialta, 2012.

Reachtaíocht Thánaisteach

Rinneadh dul chun cinn leanúnach le linn 2022 maidir leis an reachtaíocht tánaisteach a leasú agus a nuachóiriú. Críochnaíodh athscríobh cuimsitheach ar Rialacháin Óglaigh na hÉireann a bhaineann leis na hÓglaigh Chúltaca (R5 agus S7) agus Boird Suirbhé (L7) i rith na bliana. Clúdaíonn Rialacháin nuashonraithe Óglaigh na hÉireann R5 raon leathan saincheisteanna a bhaineann leis na hÓglaigh Chúltaca, lena n-áirítear oifigeach a liostáil agus a cheapadh, agus arduithe céime, oiliúint, leanúnachas seirbhíse, smacht, éide agus forálacha airgeadais freisin. Tugann na Rialacháin nua R5 d'Óglaigh na hÉireann éifeacht freisin d'fhorálacha san Acht Cosanta (Leasú), 2021 a bhaineann leis an gCúltaca. Críochnaíodh leasuithe ar raon de Rialacháin reatha Óglaigh na hÉireann de réir mar is gá.

SPRIOC STRAITÉISEACH

Acmhainní a bhainistiú go héifeachtach agus go nuálach

BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS

Cuirtear sonraí cuimsitheacha ar fáil faoi chaiteachas an Vóta Cosanta agus Vóta Pinsean an Airm i rith 2022 i Mír 4.1 agus 4.2 sa tuarascáil seo agus tá i Mír 4.3 sonraí faoi mhéid na n-idirbheart a próiseáladh.

Maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí um Íoc Pras, íocadh 99.87% de na híocaíochtaí go léir a rinneadh in 2022, laistigh den Earnáil Chosanta, laistigh de 30 lá, agus rinneadh 93.33% de na híocaíochtaí go léir laistigh de 15 lá. Íocadh €2,197.28 mar ús um Íoc Pras le haghaidh íocaíochtaí déanacha ar 40 sonrasc (€463,381 san iomlán) de réir an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 (na Rialacháin um Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála, 2002).

Leanadh le tionchar a bheith aige ar COVID-19 le linn 2022, agus thabhaigh freagairt na hEarnála Cosanta caiteachas breise, gan choinne de bhreis is €2 mhilliún, as acmhainní reatha. D'ainneoin thionchar COVID-19, mar gheall ar an bhfreagairt solúbthach, nuálaíoch a rinne an Brainse Airgeadais rinneadh cinnte go ndearnadh gach íocaíocht le Soláthraithe, Pearsanra Óglaigh na hÉireann agus Pinsinéirí Airm a phróiseáil go héifeachtach le linn 2022.

SEIRBHÍSÍ COMHROINNTE BAINISTÍOCHTA AIRGEADAIS

Dhírigh obair ar an gclár Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais (SCBA) ar bhunachar cliant Thonn 1 agus ar phróiseáil choiteann airgeadais. Tá athbhreithniú déanta ag an bhfoireann NSSO ar an bplean imscartha foriomlán chuig seirbhísí comhroinnte a chinn aistriú na Roinne chuig seirbhísí comhroinnte a chur siar. Leanfaidh saineolaithe ábhair chosanta de bheith rannpháirteach i ndearadh na feidhmiúlachta a theastaíonn chun riachtanais ghnó a chomhlíonadh.

UASGHRÁDÚ AR AN GCÓRAS BAINISTÍOCHTA AIRGEADAIS AGUS FARDAIL



Bronnadh conradh ar Fujitsu (Ireland) Ltd. agus cuireadh tús le hobair leis an teicneolaíocht agus an ailtireacht slándála a athsholáthar agus le réitigh airgeadais, bhainistíochta fardail agus Acmhainní Daonna Óglaigh na hÉireann a uasghrádú. Sa chéad chéim den chlár seo deimhneofar iontaofacht chórais, slándáil, nuachóiriú, agus tacaíocht leanúnach shaoráideach agus cuirfidh sé ardán ar fáil ar ar féidir feabhsú leanúnach a dhéanamh.

DLÍTHÍOCHT

Déanann Brainse Dlíthíochta na Roinne bainistiú ar chásanna a ghlactar i gcoinne an Aire Cosanta, lena n-áirítear Éilimh ar Dhíobhálacha Pearsanta, Athbhreithnithe Breithiúnacha, Toghairmeacha Iomlánacha agus Billí Sibhialta. Agus é sin á dhéanamh, oibríonn an Brainse go dlúth leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (an GÉS) agus le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit (OPAS) agus amhlaidh á dhéanamh.

Cuirtear sonraí ar fáil i gCairt 2.1 agus Tábla 2.1 faoin staid maidir leis na cásanna dlíthíochta go léir a láimhseáladh i rith 2022.

Cairt 2.1
Sonraí faoi Chásanna Dlíthíochta i rith 2022



Tábla 2.1

Sonraí faoi chaiteachas Dlíthíochta i rith 2020, 2021 agus 2022

	OPAS			GÉS			Eile			Iomlán		
	Fostaíocht			Díobháil Phearsanta			Ilgheíteach					
	2020	2021	2022	2020	2021	2022	2020	2021	2022	2020	2021	2022
	€	€	€	€	€	€	€	€	€	€	€	€
Socraíochtaí	296,081	335,547	130,181	2,870,302	2,537,422	2,938,678	-	-	-	3,166,383	2,872,969	3,068,859
Costais Dlí an Ghearánaí	747,703	453,170	191,490	1,723,800	1,079,285	1,035,694	-	-	-	2,471,503	1,532,455	1,227,184
Costais Leighis	-	-	-	114,054	94,384	205,965	-	-	-	114,054	94,384	205,965
Táillí Aturnae Gníomhaireachta	-	-	-	967,584	742,889	497,895	-	-	-	967,584	742,889	497,895
Táillí Abhcóide Gníomhaireachta	-	-	-	179,604	224,781	531,391	-	-	-	179,604	224,781	531,391
Measúnú den Bhord Díobhála Táillí	-	-	-	5,400	13,200	6,900	-	-	-	5,400	13,200	6,900
Costais Ilchineálacha	-	-	-	86,348	52,674	74,998	394	13,376	480,897	86,742	66,050	555,895
Costais Dlí DLP	-	-	-	-	-	-	5,585	10,626	59,228	5,585	10,626	59,228
Iomlán	1,043,784	788,717	321,671	5,947,092	4,744,635	5,291,521	5,979	24,002	540,125	6,996,855	5,557,354	6,153,317



GEARÁIN A RINNEADH LEIS AN gCOIMISIÚN UM CHAIDREAMH SAN ÁIT OIBRE


Bainistíonn Brainse Beartais Phearsanra Óglaigh na hÉireann de chuid na Roinne cásanna a thionscnaítear in aghaidh an Aire Cosanta leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus leis an gCúirt Oibreachais. Agus é sin á dhéanamh, oibríonn an Brainse go dlúth le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit (OPAS).

I gCairt 2.2, soláthraítear sonraí faoi Ghearáin um Chaidreamh san Ionad Oibre (OPAS) a rinneadh i rith 2022.

Cairt 2.2

Sonraí faoi Ghearáin Chaidrimh san Ionad Oibre (OPAS) i rith 2022

- Idir lámha 31/12/2022 (4)
- Imréitithe in 2022 (3)
- A fuarthas in 2022 (0)
- Idir lámha 01/01/2022 (7)



CUMANN CROISE DEIRGE NA HÉIREANN

Déantar foráil leis an Acht Croise Deirge, 1938 do bhunú, le hOrdú Rialtais, Cumann Croise Deirge náisiúnta. De bhun an Achta seo, bunaíodh an Cumann le hOrdú Chumann Croise Deirge na hÉireann, 1939, inar leag an Rialtas amach an bonn ar a riartar an Cumann. Forálann an tOrdú, arna leasú, go bhfeidhmeoidh Comhthionól Ginearálta an Chumainn cumhachtaí an Chumainn, go n-eagróidh sé an Cumann agus go ndéanfaidh sé a ghnóthaí a rialú agus a bhainistiú. Cé gur comhlacht carthanachta neamhspleách é Cumann Croise Deirge na hÉireann atá freagrach as a ghnóthaí inmheánacha féin a láimhseáil, is é an tAire Cosanta a rinne urraíocht ar reachtaíocht na Croise Deirge go traidisiúnta agus a tugadh faoi bhráid an Rialtais í.

Chuir Comhthionól Ginearálta Chrois Dhearg na hÉireann tús lena théarma trí bliana i mí Iúil 2022. D'ainmnigh an Rialtas triúr comhaltaí don Chomhthionól Ginearálta de réir Ordú Chumann Croise Deirge na hÉireann (Leasú), 2012.

Cuireann an Roinn Cosanta deontas i gcabhair bliantúil ar fáil don Chomhlachas ar ranníocaíocht í i dtreo thuarastal agus chostais riaracháin reáchtála cheanncheathrú an Chumainn. €975,000 a bhí sa deontas in 2022, agus b'ionann €130,000 de agus ranníocaíocht bhliantúil an Rialtais le Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge.



SPRIOC STRAITÉISEACH

Ár nDaoine a fhorbairtagus
pleanáil a fheabhsú do
riachtanais acmhainní daonna
amach anseo

LÁIDREACT AN BHUANFHÓRSA COSANTA

Tá an tArm, an tAerchór agus an tSeirbhís Chabhlaigh sa Bhuanfhórsa Cosanta (an BFC).

Amhail an 31 Nollag 2022, b'ionann neart an BFC ó thaobh poist choibhéise lánaimseartha (CLA) agus 7,977 pearsanra, ina raibh 6,478 de phearsanra an Airm, agus 709 de phearsanra an Aerchóir agus 800 de phearsanra na Seirbhíse Cabhlaigh.

EARCAÍOCHT LEIS AN MBUANFHÓRSA COSANTA

Tá Óglaigh na hÉireann freagrach as earcaíocht sna Buan-Óglaigh. Chun pearsanra a mhealladh chuig Óglaigh na hÉireann, rinne an rannóg Earcaíochta agus lomaíochta idirchaidreamh leis an déimeagrafach earcaíochta (18–27 bliain) agus leis an déimeagrafach réamhearcaíochta (níos óige ná 18 mbliana d'aois bliain) trí ardáin éagsúla. Áiríodh leis na hardáin fhisiciúla imeachtaí earcaíochta, móraonaigh phost agus cuairteanna ar scoileanna. Baineadh leas as ardáin éagsúla fhíorúla freisin, cosúil le cainteanna ar líne, láithreach bhreise sna meáin shóisialta agus trí ardáin earcaíochta, cosúil le LinkedIn agus láithreán gréasáin Óglaigh na hÉireann. Ó thaobh fógraíochta de, úsáideadh socrúcháin urraithe na meán sóisialta, tháinig fógraí físeáin aníos ar YouTube agus cuireadh fógraí ar an raidió agus sna meáin chlóite. In 2022 cuireadh straitéis mhargaíochta nua i bhfeidhm, a forbraíodh lenár gcomhpháirtithe meáin, le líne lipéid nuashonraithe “BE MORE”. Mar thoradh air seo scoireadh an líne lipéid roimhe seo “Join Our Team” le haghaidh Earcaíochta in Óglaigh na hÉireann.

I dtaobh láidreacht Óglaigh na hÉireann a mhéadú, rinneadh dhá chomórtas rollacha earcaíochta a chur ar siúl don Arm agus don tSeirbhís Chabhlaigh in 2022, agus seoladh an earcaíocht rollach le haghaidh an Aerchóir i Samhain 2022. De bhreis orthu seo, d'éirigh linn 20 comórtas earcaíochta a chríochnú, comórtais Phrintíseachta Dalta, Oifigeach Cógaseolaíochta, Oifigigh Fiaclóireachta, Oifigigh Leighis agus Stiúrthóir sa Scoil Cheoil ina measc, gan ach cúpla díobh a lua.


Rinneadh ionductaithe agus oiliúint chun cinn in Óglaigh na hÉireann i rith 2022. Dhírigh earcaíocht in 2022 ar Earcaigh Sheirbhíse Ginearálta, Daltaí, Teicneoirí Printísigh Aerárthaí an Aerchóir agus speisialtóirí don Arm, an tAerchór agus an tSeirbhís Chabhlaigh. Rinneadh 435 pearsan, ar an iomlán, a ionductú, faoi mar a léirítear i gCairt 2.3, mar thoradh ar iarrachtaí in 2022.





Cairt 2.3

Sonraí faoi ionduchtúcháin leis an BFC in 2022



I measc na n-ionduchtúcháin daltaí sa chatagóir seo tá triúr ionadaithe airm chun triúr a scaoileadh saor ón arm a chlúdach sna seachtainí oiliúna tosaigh, agus seisear (cúigear san arm agus duine amháin san Aerchór) pearsanra ar bronnadh Daltaí orthu.







BEARTA FAOINAR TUGADH IN 2022 CHUN DUL I NGLEIC LE RIACHTANAIS EARCAÍOCHTA AGUS CHOINNEÁLA

D'aithin an Rialtas na dúshláin leanúnacha earcaíochta agus choinneála atá roimh Óglaigh na hÉireann agus leanann an bhainistíocht Shibhialta/Mhíleata lena gcuid iarrachtaí chun cabhrú leis na dúshláin siúd a mhaolú. Tugadh roinnt beart isteach agus/nó tá siad á n-úsáid, atá dírithe ar acmhainn a bhaint amach arís/a choimeád agus ar líonta speisialtóirí a mhéadú, agus áirítear leo seo:

Seoladh feachtas earcaíochta ar 1 Samhain 2022 a dhírigh go sonrach ar an earcaíocht i Seirbhís an Aerchóir. Chomh maith le hearcaíocht thraidisiúnta, leathnaíodh Iontráil Dhíreach in 2022 le comórtais do Chógaiseoir agus Oifigigh Fiaclóireachta. Úsáideadh Iontráil Dhíreach do 13 chomórtas earcaíochta in Óglaigh na hÉireann, Oifigigh Leighis, Cógaiseoir, Oifigigh Fiaclóireachta, Teicneoirí Aerárthaí an Aerchóir, Feisteoirí Teicneora Mótair agus ocht gcomórtas sa tSeirbhís Chabhlaigh, go sonrach do Mheicneoirí Seomra Innill sa tSeirbhís Chabhlaigh, Meicneoirí Cabhlach, Meicneoirí Leictreacha, Teicneoirí Raidió/Radair, Chefanna, Faire Droichid, Innealtóireacht Mhuirí agus Innealtóireacht Leictreach.

PEARSANRA A CHOINNEÁIL

Chabhraigh na scéimeanna leanúnacha a cheadaíonn laroifigh a athchoimisiúnú agus iarphearsanra liostáilte an Bhuanfhórsa Cosanta a athliostáilfreis le dul i ngleic le bearnaí ar leith scileanna. In 2022, athchoimisiúnaíodh Oifigeach amháin (an tAerchór) agus athliostaládh 14 pearsan liostáilte (an tArm 11, an tAerchór 1, agus an tSeirbhís Cabhlaigh 2).

Áirítear le bearta coinneála scéimeanna Tiomantais do Sheirbhís san Aerchór agus sa tSeirbhís Chabhlaigh i.e.:

- » Tugadh scéim na Seirbhíse Cabhlaigh isteach in Eanáir 2021 agus tá sí dírithe ar phearsanra taithíoch a choimeád agus an pearsanra siúd a dhreasú tabhairt faoi dhualgais mhara. Cheadaigh an tAire 103 iarratas go dtí seo (81 ó Phearsanra Liostáilte agus 22 ó Oifigh). Athsheoladh an scéim in 2022 agus tá iarratais á bpróiseáil.
- » Cuireadh scéim an Aerchóir i bhfeidhm in 2019 agus d'imir sé tionchar cobhsaíochta ar líonta píolótaí. Seoladh leagan eile den Scéim i Nollaig 2022 agus mheall sé trí iarratas go dtí seo, agus b'ionann an líon iomlán Oifigeach a ghlac páirt sa scéim, agus iad seo san áireamh, agus 31.
- » Méadaíodh Creidmheas Cánach na Seirbhíse Cabhlaigh a tugadh isteach san Acht Airgeadais, 2019, leis an bpearsanra a dhreasú chun tabhairt faoi dhualgais mhara, aníos go €1,500 do bhliain chánach 2021 agus cuireadh síneadh leis amach in 2022.

PLEAN UM AN GCUR I BHFEIDHM ARDLEIBHÉIL: “ÓGLAIGH NA HÉIREANN A NEARTÚ – CÉIM A HAON”

Foilsíodh Tuarascáil Choimisiún Pá na Seirbhíse Poiblí (CPSP) maidir le hEarcaíocht agus Coinneáil in Óglaigh na hÉireann an 4 Iúil 2019. Ghlac an Rialtas leis an tuarascáil ina hiomláine agus comhaontaíodh Plean Forfheidhmithe Ardleibhéil fairsing “Ár bhFórsaí Cosanta a Neartú”. Tá na tionscadail go léir ar tugadh fúthu chun feidhmiú mholtaí thuarascáil an CPSP a éascú tugtha chun críche anois, agus/nó á gcur chun cinn mar chuid de ghnáthghnó.

AOISEANNA SCOIR ÉIGEANTACHA SNA BUAN-ÓGLAIGH

Ag eascairt as na moltaí i dtuarascáil Choimisiún Pá na Seirbhíse Poiblí ar earcaíocht agus coinneáil sna Buan-Óglaigh, rinneadh co-athbhreithniú sibhialta/míleata ar na bacainní ar rannpháirtíocht leathnaithe sna Buan-Óglaigh. Ní mór don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe breithniú a dhéanamh ar na moltaí a eascraíonn ón athbhreithniú maidir le costais agus pinsin.

I mí na Nollag 2021, fuair an tAire Cosanta comhaontú leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, lena ligtear síneadh a chur le teorainneacha seirbhíse do Phríobháidigh agus do Chorpairí arna n-earcú chuig na Buan-Óglaigh ón 1 Eanáir 1994 ar aghaidh fanacht i mbun seirbhíse go dtí go bhfuil siad 50 bliain d'aois, faoi réir critéir áirithe a chomhlíonadh lena n-áirítear caighdeán leighis agus folláine.

I mí Dheireadh Fómhair 2022, fuair an tAire Cosanta socrú eatramhach ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a cheadóidh do Sáirsintí sna Buan-Óglaigh a bhí le dul ar scor ar fhorais aoise go dtí deireadh 2024 a choinneáil i seirbhís. Fágann sé sin nach mbeidh de cheangal ar na Sáirsintí sin arna n-earcú ón 1 Eanáir 1994 i leith agus a bheadh le dul ar scor ar bhonn na haoise scoir éigeantach i mbliana agus an bhliain seo chugainn, déanamh amhlaidh go dtí deireadh 2024.

Déanfar na moltaí san athbhreithniú ar bhacainní ar rannpháirtíocht leathnaithe sna Buan-Óglaigh, a bhaineann le céimeanna na nOifigeach Sinsear Neamhchoimisiúnta (OSN) agus Oifigigh Coimisiúnaithe, a mheas i bhfóram Meitheal Idir-Rannach, arna bhunú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun breithniú a dhéanamh ar aoiseanna scoir éigeantacha agus ar theorainneacha seirbhíse do ghrúpaí seirbhíse poiblí a bhfuil socrúithe pinsin cheirde 'mearfhabhráithe' acu.

AN MEABHAIRSHLÁINTE AGUS AN FHOLLÁINE MHEABHAIR

Sheol an tAire an Straitéis Meabhairshláinte agus Folláine d'Óglaigh na hÉireann 2020–2023 i mí na Nollag 2020. Is í aidhm na straitéise seo córas tacaíochta comhordaithe agus éifeachtach meabhairshláinte agus folláine a sholáthar do phearsanra Óglaigh na hÉireann trí ghlacadh le sraith beart idir 2020 agus 2023.

Déanann Buanchoiste Meabhairshláinte agus Folláine Óglaigh na hÉireann maoirseacht ar a cur i bhfeidhm agus cuireann sí leis an réimse fairsing seirbhísí agus tacaíochtaí leighis atá i bhfeidhm faoi láthair do bhaill d'Óglaigh na hÉireann.

Roghnaigh an Buanchoiste 15 gharisprioc ón straitéis go ndéanfar breithniú orthu. Leithdháileadh gach garsprioc ar ghrúpa oibre ina bhfuil comhaltaí roghnaithe den Buanchoiste agus príomhphearsanra agus saineolaithe ábhair eile, faoi mar a theastaíonn. Cruthaíodh pleannanna oibre agus déanann na Grúpaí Oibre tuairisciú míosúil le cruinniú iomlán an Buanchoiste.

Cuirfidh an Buanchoiste tuarascáil i dtoll a chéile ag deireadh 2023 agus beidh sé in ann Straitéis Meabhairshláinte leantach don tréimhse 2024–2029, a fhéachfaidh le cur leis an dul chun cinn a rinneadh agus le soláthar éifeachtach meabhairshláinte agus folláine laistigh de na Fórsaí Cosanta go dtí deireadh na tréimhse deich mbliana a chinntiú.

SCÉIM GEALLTANAS SEIRBHÍSE OIFIGIGH ÉITILTE

Ag eascairt as cur i bhfeidhm na moltaí i dtuarascáil Choimisiún Pá na Seirbhíse Poiblí maidir le hearcaíocht agus le coinneáil sna Buan-Óglaigh, tugadh isteach Scéim Gealltanais Seirbhíse arís do phiólótaí an Aerchóir agus tháinig sí i bhfeidhm i mí na Nollag 2019.

Leis an Scéim, tugadh deis d'iarratasóirí incháilithe gealltanais a thabhairt i ndáil le téarmaí fostaíochta trí, cúig nó ocht mbliana a ghlacadh mar chúiteamh le híocaíochtaí cnapshuime bliantúla a fháil. Anuas air sin, déantar íocaíocht bhónais deiridh leis na píolótaí siúd a gheallann fónamh ar feadh tréimhse iomlán cúig nó ocht mbliana agus i gcúinsí áirithe teoranta eile. Bhí an Scéim Tiomantais Seirbhíse oscailte ar dtús d'iarratais in 2019, 2020 agus 2021.

In 2022, fuair an Roinn Cosanta cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an scéim a leathnú go dtí deireadh 2024. Déanfar athbhreithniú ar éifeachtacht na Scéime roimh an dáta sin.

SCÉIM GEALLTANAIS UM SHEIRBHÍSÍ AR MUIR

Tháinig scéim nua tiomantais seirbhíse muiriompair do chomhaltaí na Seirbhíse Cabhlaigh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2021. Tá an Scéim dírithe ar phearsanra le taithí a choinneáil agus an pearsanra sin a dhreasú chun tabhairt faoi dhualgais farraige.

Tugann an Scéim deis do rannpháirtithe incháilithe €10,000 a fháil le haghaidh gealltanais seirbhíse farraige dhá bhliain, le seachadadh laistigh de thréimhse tagartha 48 mí. Tá an íocaíocht seo sa bhreis ar phá agus liúntais reatha, lena n-áirítear liúntas dleachta patróil.

Bhí an scéim oscailte ar dtús d'iarratais ó Oifigigh agus Pearsanra Liostáilte sa tSeirbhís Chabhlaigh, a raibh trí bliana ar a laghad de sheirbhís acu, agus atá ag fónamh ar bord Soitheach Cabhlaigh ag céimeanna liostáilte de Rátála Cumasaigh nó os a chionn, sin nó ag céimeanna Oifigigh Meirge agus os a chionn. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim in 2022, laghdaíodh na critéir cháilitheachta chun iarratas a dhéanamh ó sheirbhís trí bliana go dtí bliain amháin.

I gcomhréir le moladh i dtuarascáil an Choimisiúin ar Óglaigh na hÉireann, tá tús curtha le hathbhreithniú ar na liúntais mhuirí atá ann cheana féin chun breithniú a dhéanamh ar a n-ionad le bearta dualgais farraige nach bhfuil chomh casta.

CREIDMHEAS CÁNACH DO PHEARSANRA MARA AN CHABHLAIGH

Tugadh creidmheas cánach speisialta isteach san Acht Airgeadais, 2019 chun dualgais mhara a dhreasú i ndáil le comhaltaí na Seirbhíse Cabhlaigh. Cuireadh creidmheas cánach €1,270 do phearsanra mara i bhfeidhm i mbliain chánach 2020 do bhaill den tSeirbhís Chabhlaigh a chaith 80 nó ní b'fhaide ag fónamh ar muir ar bord ártach cabhlaigh in 2019.

Bhí an creidmheas cánach ar fáil ar dtús sa bhliain mheasúnaithe 2020 amháin. Síneadh é do na blianta chánach 2021 agus 2022 le méadú ar an luach go €1,500 in aghaidh na bliana. Tá síneadh curtha leis an gcreidmheas cánach ar feadh bliana eile go dtí an bhliain chánach 2023. Níl aon athrú ar luach an chreidmheasa do 2023 ag €1,500.

SCÉIMEANNA ATHBHALLRAÍOCHTA AN BHUANFHÓRSA COSANTA (AN BFC)

Scéim Athliostála

Seoladh scéim in Aibreán 2020 le hiarphearsanra liostáilte an Bhuanfhórsa Cosanta (an BFC) a athliostáil. Díríonn an scéim ar an iarphearsanra siúd den BFC a bhfuil tacair shainscileanna ar leith acu a shainiáthain an Ceann Foirne nach bhfuil ar fáil laistigh d'Óglaigh na hÉireann.

Tá athliostáil iarphearsanra a bhfuil na scileanna agus an taithí ábhartha acu ar cheann den iomaí gníomh a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic le ganntanais scileanna sa BFC. Cuireann an scéim bealach ar fáil chun iarbhaill liostáilte Óglaigh na hÉireann a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha bainte amach acu a athliostáil chun na poist theicniúla ríthábhachtacha siúd a líonadh. Faoi théarmaí agus coinníollacha na scéime, ar comhaontaíodh orthu leis an gCumann Ionadaíochta do chéimeanna liostáilte (CICEBÓ), ceadaítear faoin scéim athliostáil a dhéanamh i dtosach ar feadh ar a laghad sé mhí agus a fhaide le trí bliana agus braitheann fad na hathliostála a chuirtear ar tairiscint ar na folúntais atá ann. Is féidir síneadh ar thréimhse na liostála a chur ar fáil don duine aonair atá i gceist, a fhad agus a thug an Ceann Foirne le fios don Aire go bhfuil an t-iarratasóir oiriúnach i dtaobh leanúint ag dul i ngleic le heasnamh in acmhainn nó saíneolas míleata sa BFC agus a fhad agus atá folúntas oiriúnach ann sa bhunaíocht.

Fuarthas 92 iarratas ar athliostáil i rith 2022 agus cheadaigh an tAire 15 iarrthóir de bhun moltaí a rinne an Ceann Foirne, agus deimhníodh 14 díobh i rith na bliana. Tá súil leis go ndéanfaidh an Ceann Foirne moltaí breise a ndéanfaidh an tAire breithniú orthu in 2023. Ní chomhlíonann céatadán d'iarratais na critéir incháilitheachta arna bhfaomhadh ag an Roinn Cosanta. Ar an iomlán, cheadaigh an tAire 116 iarrthóir ón am ar tosaíodh an scéim athliostála agus deimhníodh 90 comhalta faoi théarmaí na scéime.

Scéim Athchoimisiúnaithe

Chruthaigh folúntais i sainphoist oifigigh áirithe, cosúil le Píolótaí, Rialaitheoirí Aerthráchta agus Teicneoirí áirithe, dúshláin ar leith.

Ar cheann de na bearta atá ceaptha dul i ngleic leis na ganntanais siúd ná an scéim chun iar-oifigigh an Aerchóir a athchoimisiúnú, a seoladh in 2019. D'fhéadfaí oifigigh a athchoimisiúnú freisin i sainsruthanna eile i measc Óglaigh na hÉireann, más ann do ghanntanais.

Áirítear leis na téarmaí agus coinníollacha don scéim athchoimisiúnaithe an fhoráil nach ndéanfar breithniú ar iar-oifigigh an BFC, san Aerchór san áireamh, a athchoimisiúnú ach faoi chúinsí ar leith inar aithin an Ceann Foirne ganntanas i bpearsanra, acmhainn mhíleata nó i saíneolas sa BFC, nach féidir a réiteach ar bhealach inbhuanaithe nó tráthúil laistigh de na hacmhainní reatha pearsanra.

Cuirtear coimisiún gearrshuibhíse ar tairiscint d'oifigeach athchoimisiúnaithe ar feadh tréimhse trí bliana agus ní féidir leo dul in iomaíocht sa tréimhse sin le haghaidh ardú céime, agus ní chuirfidh siad bac ar dheis ardaithe céime d'Oifigigh reatha. Faoi réir folúntas, is féidir ceapachán substainteach a chur ar tairiscint do na hOifigigh athchoimisiúnaithe tar éis trí bliana, má bhíonn an gá leis an tacar sainscileanna ann go fóill.

Fuarthas sé iarratas i rith 2022 faoi théarmaí na Scéime Athchoimisiúnaithe agus athchoimisiúnaíodh oifigeach amháin de bhun moltaí a rinne an Ceann Foirne. Ó seoladh an scéim in 2019, fuarthas 70 iarratas, ar an iomlán, agus astu siúd athchoimisiúnaíodh 15 oifigeach isteach san Aerchór, oifigeach amháin isteach sa tSeirbhís Chabhlaigh agus tríúr oifigeach isteach san Arm, agus ba é 19 líon iomlán na n-oifigeach athchoimisiúnaithe ag deireadh na bliana, agus iad siúd san áireamh.



RANNPHÁIRTÍOCHT BHAN SA BFC

Amhail an 31 Nollag 2022, b'ionann neart an BFC ó thaobh poist choibhése lánaimseartha (CLA) agus 564 pearsanra, ina raibh 456 de phearsanra an Airm, agus 43 de phearsanra an Aerchóir agus 65 de phearsanra na Seirbhíse Cabhlaigh. Is ionann seo agus 7.06% den neart reatha (CLA) 7,987.



LÁIDREACT NA NÓGLACH CÚLTACA

Is éard atá sna hÓglaigh Chúltaca (na ÓCanna) ná an Cúltaca Chéadlíne (an CCL), Cúltaca an Airm (CA) agus Cúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh (CSC). Aithníonn an Rialtas an ról tábhachtach a ghlacann na trí ghné de na ÓCanna maidir le cur le hacmhainn chosanta na hÉireann. Luaitear go soiléir sa Pháipéar Bán ar Chosaint go bhfuil riachtanas leanúnach ann chun na ÓCanna a choimeád agus a fhorbairt.

Tá 4,069 pearsanra i mbunáocht rialála Chúltaca an Airm (CA) agus i gCúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh (CSC), faoi mar a bhforáiltear dó i Rialachán Óglaigh na hÉireann CS4. Is é príomhról na ÓCanna chun cur leis na ÓCanna i gcásanna géarchéime agus chun rannchuidiú le himeachtaí searmanais Stáit.

Tá iarbhail den BFC sa CCL a gheall, go saorálach nó de bhun gealltanais conarthach, chun tréimhse sheirbhíse a chríochnú sa CCL. Daoine aonair atá i gCúltaca an Airm (CA) agus i gCúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh (CSC), ó réimse fairsing cúlraí, a gheall go saorálach chun tréimhse de sheirbhís mhíleata a sholáthar.

Ag deireadh 2022, b'ionann neart na nÓglach Cúltaca agus 1,798 pearsanra ina raibh:

Cúltaca na Chéad Líne: 280 pearsan; (as a raibh 134 pearsanra díobh san Arm, 120 pearsan díobh sa tSeirbhís Chabhlaigh agus 26 pearsan san Aerchór)

Cúltaca an Airm: 1,415 pearsa

Cúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh: 103 pearsa.

Rinneadh 90 ball breise nua a ionduchtú i rith na bliana, agus ionduchtaíodh gach duine díobh isteach i gCúltaca an Airm (CA) agus 0 isteach i gCúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh (CSC). Maidir le miondealú inscne ar na staitisticí seo, ionduchtaíodh 10 iarrthóirí bainneanna isteach in CA.

Tá an Rialtas tiomanta i gcónaí d'earcaíocht leanúnach chuig na ÓCanna agus lean roinnt tionscnamh ar bun ina leith seo i rith 2022, inar baineadh úsáid as na meáin shóisialta, Preasoifig Óglaigh na hÉireann, gníomhaíochtaí for-rochtana ag baill de na ÓCanna agus agallaimh scoir an BFC a úsáid a sholáthair eolas ar iarratas a dhéanamh leis na ÓCanna.

DUL CHUN CINN MAIDIR LEIS AN NGEALLTANAS AR TUGADH SA CHLÁR RIALTAIS DO 4,000 PEARSA MAR LÍON LÁN-RANNPHÁIRTÍOCHTA ÓGLAIGH CÚLTACA (ÓC)

I gClár an Rialtais tugadh gealltanais do Choimisiún Neamhspleách chun tabhairt faoi athbhreithniú cuimsitheach ar Óglaigh na hÉireann, a rinne tuairic i bhFeabhra 2022. Bhí go leor moltaí sa Tuarascáil seo maidir le ról agus struchtúr an ÓC amach anseo. Tá Oifig Bainistíochta Forfheidhmithe Sibhialta/Míleata bunaithe chun tacú le cur i bhfeidhm an chlár fhoriomláin, a dhíreoidh ar dtús ar thart ar 38 Gníomh Luath le críochnú laistigh de shé mhí ó chinneadh an Rialtais mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Ardleibhéil. Baineann dhá ghníomh dá leithéid leis an ÓC, is iad sin Oifig Gnóthaí Cúlta a bhunú, agus Plean Athghiniúna don Chúltaca a fhorbairt.

Is léir go bhfuil nasc díreach idir an dá phlean gníomhaíochta luath seo agus go mbeidh bunú na hOifige Gnóthaí Cúlta nó (OGC), mar chéad chéim riachtanach chun tabhairt faoi athbheochan na nÓglach Cúlta.

Tá tús curtha le planáil arna déanamh ag na húdaráis míleata, i gcomhar leis an Roinn, chun an OGC a bhunú agus nuair a bheidh sé sin bunaithe, beidh sé páirteach go gníomhach i gcur i bhfeidhm na moltaí a nglactar leo ó CÓÉ a chruthóidh fórsa cúlta a bheidh in ann oiliúint, oibriú agus imscaradh leis na Buan-Óglaigh gan stró, ar an mbonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

Sa phróiseas seo, cuirfear na moltaí eile a bhaineann le struchtúr agus láidreacht an ÓC san áireamh freisin, lena n-áirítear gur cheart bunú an ÓC amach anseo a mhéadú agus ba cheart go n-áireofaí ann, ar a laghad, 200 mar Cúlta Aerfhórsa agus 400 mar Chúltaca Cabhlaigh.

RIALACHÁN FÓRSA COSANTA R5 (CÚLCHISTE)

Is é DFR R5 an Rialachán atá mar thaca do na hÓglaigh Cúlta. Cuireadh tús le cleachtadh chun an Rialachán seo a thabhairt cothrom le dáta roinnt blianta ó shin agus tháinig borradh faoin obair chuige sin in 2021 agus in 2022. Tugadh faoi phróiseas fada comhairliúcháin, faoi cheannas Bhainse Bheartas Pearsanra Óglaigh na hÉireann (BBPÓE), leis an lucht bainistíochta míleata, an Brainse Reachtaíochta agus Cumann Ionadaíochta na nÓglach Cúlta (CIÓC) as ar tháinig comhaontú ar roinnt leasuithe ar an Rialachán. Shínigh an tAire an Rialachán athbhreithnithe go cuí in 2022. Baineann ceann de na príomhleasuithe le critéir incháilitheachta chun dul ar aghaidh trí na céimeanna. Cuireadh roinnt leasuithe breise ón CIÓC ar athló go dtí go ndéanfar tuilleadh breithnithe beartais. Sa chomhthéacs sin, tá an lucht bainistíochta sibhialta-míleata ag déanamh scrúdú faoi láthair ar chuid de na leasuithe breise atá beartaithe agus atá molta ag CIÓC.

NUASHONRÚ AR DHUL CHUN CINN IN 2022 MAIDIR LE TIONSCADAIL PÁIPÉIR BHÁNA (ÓC)

I bhfianaise na n-eilimintí fairsinge a bhaineann leis na hÓglaigh Cúlta, i dTearmaí Tagartha an Choimisiúin ar Óglaigh na hÉireann, socraíodh Tionscadail an Pháipéir Bháin a bhaineann leis an ÓC a chur siar go dtí go ndéanfaí breithniú ar na moltaí ó Thuarascáil an Choimisiúin agus ón bPlean Gníomhaíochta Ard-Leibhéil aontaithe.

Áirítear sa Phlean Gníomhaíochta Ardleibhéil an moladh go mbunófaí an Oifig Gnóthaí Cúlta agus Plean Athghiniúna don RDF, a rangáitear mar Ghníomhaíochtaí Luatha.

Idir an dá linn, cuireadh tús le cleachtadh mapála maidir le tionscadail iarchurtha an Pháipéir Bháin i gcomhthéacs na moltaí CÓÉ a bhaineann le ÓC. Tugadh faoin gcleachtadh seo d'fhonn gníomhartha atá curtha i gcrích cheana féin a bhunú, mar an bunús dlí chun pearsanra ÓC a imscaradh ar bhonn deonach chun tacú leis na Buan-Óglaigh ar an oileán agus thar lear, agus gníomhartha ar féidir iad a ionchorprú anois sna moltaí ó Thuarascáil an Choimisiúin arna gcomhaontú.

CUMANN IONADAÍOCHTA NA BHFÓRSAÍ COSANTA (CIÓC)

I rith 2022, bhuaíl CIÓC go rialta leis an Aire Cosanta, an tArd-Rúnaí agus Oifigigh Shinsearacha, an Ceann Foirne, an Ceann Foirne Cúnta, Oifigigh Ghinearálta i gCeannas (GOCanna) 1 Bgd, 2 Bgd agus ATÓÉ, agus an tOifigeach Bratach i gCeannas ar an tSeirbhís Chabhlaigh (FOCNS). Dhírigh na rannpháirtíochtaí sin ar chur i bhfeidhm moltaí a d'eascair ón gCoimisiún ar thuarascáil Óglaigh na hÉireann, agus ón bPlean Gníomhaíochta Ardleibhéil ina dhiaidh sin. In 2022, tugadh isteach Rialachán nua Óglaigh na hÉireann R5 freisin – an doiciméad lena rialaítear an chuid is mó de na gnéithe den tseirbhís Chúltaca – chomh maith leis na chéad chúltaca a thaistil thar lear chun críocha traenála, rud a d'fhéadfaí a dhéanamh leis an Acht Cosanta (Leasú), 2021.

RANNPHÁIRTÍOCHT BHAN IN CA AGUS CSC

Amhail deireadh na bliana 2022, tá 199 bean san iomlán ina gcomhaltaí de na hÓglaigh Chúltaca i.e. Cúltaca an Airm (AR) (182 ball) agus Cúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh (17 mball), arb ionann é sin agus breis is 13% den líon iomlán éifeachtach sa dá sheirbhís.

ASCHUR TRAENÁLA AGUS OIDEACHAIS IN ÓGLAIGH NA HÉIREANN IN 2022

I dtuarascáil 2022 an Choimisiúin ar Óglaigh na hÉireann déantar cur síos ar sheachadadh oiliúna agus oideachais in Óglaigh na hÉireann (DF) mar chloch choirnéil den saol míleata, agus mar sin tá sé ar cheann de na haschuir is tábhachtaí ag an eagraíocht. Díríonn Óglaigh na hÉireann, nuair nach bhfuiltear ag díriú ar oibríochtaí, ná an oiliúint agus an t-oideachas a fhorbairt agus, ina dhiaidh sin, a sholáthar. Lean na gníomhaíochtaí seo le páirt lárnach a ghlacadh i rith 2022 maidir le hathoiliúint agus forbairt cumais. Tá achoimre déanta i dTábla 2.2 ar an aschur a sholáthair Brainse Traenála agus Oideachais Óglaigh na hÉireann i rith na bliana.

Tábla 2.2

Sonraí faoi Chúrsaí Oiliúna a críochnaíodh i rith 2022

	Cúrsaí Teagascóra	Cúrsaí Scileanna	Cúrsaí Gairmeacha Beatha	Cúrsaí Eile*	Iomlán
Líon na gCúrsaí a críochnaíodh i suiteálacha oiliúna Óglaigh na hÉireann	28	775	49	660	1,512
Líon na Mac Léinn	309	8,466	887	9,415	19,077

* Cúrsaí eile iad an saghas a dhéantar gach bliain e.g. cruinnithe faisnéise Láimhsithe agus feasachta ar COVID-19.

Is féidir le mac léinn dul chun a dhéanamh ina g(h)airm bheatha in Óglaigh na hÉireann nuair a éiríonn leis/léi na bunchúrsaí ardaithe céime a chríochnú. Chríochnaigh 426 de phearsanra, ar an iomlán, 18 bunchúrsa ardaithe céime i measc réimse limistéar, faoi mar a léirítear i dTábla 2.3 i rith 2022.

Tábla 2.3

Sonraí faoi Bhunchúrsaí Gairm Bheatha arna gcur ar siúl

Teideal an chúrsa	Líon na gCúrsaí	Líon na nDaltaí
Oifigeach Neamhchoimisiúnaithe Ionchasach (an tSeirbhís Chabhlaigh)	1	23
Oifigeach Neamh-Choimisiúnaithe Ionchasach (Arm)	2	69
Modúl 1 den Chúrsa Ábhar Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe (an tAerchór)	1	19
Modúl 2 den Chúrsa Ábhar Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe (an tAerchór)	0	0
Cúrsa Sóisearach Lóistíochta Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe	3	37
Cúrsa Ábhar Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe Caighdeánach (an tSeirbhís Chabhlaigh)	1	17
Cúrsa Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe Caighdeánach (Gach Cór)	3	69
Cúrsa Ábhar Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe Caighdeánach (gach Arm)	2	116
Cúrsa Ábhar Oifigigh Óig (Gach Cór) (2 ar bun)	3 críochnaithe	26
Cúrsa Ceannais Talún agus Foirne	1	27
Cúrsa Chomhcheannais agus Foirne	1	23
Iomlán	18	426







OILIÚINT IONDUCHTÚCHÁIN EARCACH

Rinneadh 350 earcaí an Bhuanfhórsa Cosanta (an BFC) agus 90 earcaí na nÓglach Cúltaca (na ÓCanna) (ag teacht isteach mar shaighdiúir singil nó ar chéim dá choibhéis), ar an iomlán, a ionduchtú isteach in Óglaigh na hÉireann in 2022.

Tábla 2.4

Sonraí faoi Oiliúint Ionduchtaithe Earcach de réir eagair agus seirbhíse i rith 2020, 2021 agus 2022

	An BFC*			Na ÓCanna		
	2020	2021	2022	2020	2021	2022
An 1ú Briogáid	131	153	120	40	17	32
An 2ra Briogáid	155	211	206	22	12	40
Lárionad Oiliúna Óglaigh na hÉireann	28	0	0	0	0	18
An tSeirbhís Chabhlaigh	60	65	21	7	12	0
Aerchór	11**	13**	3	0	0	0
Iomlán	385	442	350	69	41	90

* Gan Printísigh an Aerchóir, Oifigigh Liachta Mhíleata agus Oifigigh agus Daltaí Chabhlaigh Iontrála Dírí a chur san áireamh.

** Mar gheall ar easnamh in iarratasóirí Printísigh, úsáideadh an acmhainn bhreise oiliúna san Aerchór chun oiliúint a chur ar earcaithe an GS a chuir isteach ar an Arm.

OILIÚINT DON TSEIRBHÍS THAR LEAR

I rith 2022, chomhordaigh Brainse Oiliúna agus Oideachais Óglaigh na hÉireann i gcomhar leis an gColáiste Míleata i gcomhar leis an gColáiste Míleata an Oiliúint Réamh-Imlonnaithe riachtanach, d'aonaid agus do dhaoine aonair atá á n-imscaradh chuig misin thar lear, (m.sh. UNIFIL, UNDOF agus EUTM Mali) in Ionad Traenála Óglaigh na hÉireann (ATÓÉ) agus le cúnaimh ón bhfoirmiú ceannaireachta.

Tugadh faoi cheithre Chleachtadh Ullmhachta do Mhisean i measc imlonnú trúpaí níos mó go dtí UNIFIL agus UNDOF ina raibh 828 trúpa ag glacadh páirt chun cumas agus inniúlacht íosta a dheimhniú sula ndearnadh iad a imlonnú. Baineadh úsáid as an tSamhail Mheasúnaithe Cleachtadh Tí (SMCT) den chéad uair in 2022, chun meastóireacht a dhéanamh ar na ceithre Chleachtadh Oiliúna Allamuigh a dhéantar mar chuid de Chleachtadh Ullmhachta Misean do UNIFIL agus UNDOF. Ceadáíonn an SMCT meastóireacht a dhéanamh ar aon dul leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus soláthraíonn sé tuairisc aiseolais tosaigh agus deiridh araon don cheannasaí. Tugadh faoi dhá Chúrsa Cáilíochta Thar Lear sa bhreis le haghaidh 40 pearsa a imlonnaíodh chuig Misin níos lú.

Thug Óglaigh na hÉireann faoi ghníomhaíochtaí traenála agus oideachais seachtracha agus eachtracha i rith 2022 chun foghlaim eagraíochta a éascú agus Oiliúna lena chinntiú go sainiúitear bearnaí traenála, oideachais agus cumais agus go dtéitear ina gheic. San iomlán, ghlac Óglaigh na hÉireann páirt i 182 gníomhaíocht eachtrach a raibh baint ag 456 pearsanra leo (tá an figiúr seo níos airde ná na blianta roimhe sin). Cabhraíonn an rannpháirtíocht seo lena chinntiú go leanann Óglaigh na hÉireann a bheith cothrom le dáta maidir le dea-chleachtas idirnáisiúnta i dtaobh smaointeoireacht agus saineolas míleata, agus cinntíonn sé go mbíonn Óglaigh na hÉireann idir-inoibritheach in Éirinn agus thar lear i gcónaí.



TRAENÁIL NA NÓGLACH CÚLTACA (NA ÓCANNNA)

Lean na ÓCanna ag ullmhú agus ag traenáil dá ról i dtaobh an BFC a mhéadú i dtráthanna géarchéime. Baintear é seo amach trí chumas an BFC agus na ÓCanna a chomhcheangal laistigh de choincheap an Fhórsa Singil.

Leanadh le cistiú a chur ar fáil do thraenáil na ÓCanna in 2022 ar leibhéal chun tacú le traenáil bheartaithe. D'úsáid 827* comhalta de na ÓCanna 17,733 daonlá, san iomlán, i rith 2022. Is féidir é sin a fhoroinnt tuilleadh, faoi mar atá sonraithe i dTábla 2.5: Chríochnaigh 819 pearsan 16,632 lá caighdeánach oiliúna chun tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil trí chúrsaí gairm bheatha, seimineáir forbartha gairmiúla leanúnaí agus trí pháirt a ghlacadh i gcleachtaí comhtháite mar chuid de choincheap an Fhórsa Singil; chríochnaigh 23 pearsan 437 lá dualgais COVID-19 ar imlonnú; agus chríochnaigh 71 pearsanra 664 lá a bhain le CIÓC.

Tábla 2.5

Oiliúint na hÓglaigh Chúltaca

	Líon na nÓglach Cúltaca arna íoc	Líon Iomlán na nDaonlaethanta
Oiliúint Chaighdeánach	819	16,632
Imlonnuithe	23	437
CIÓC	71	664

* Chríochnaigh roinnt comhaltaí den chúltaca oiliúint chaighdeánach agus dualgas COVID-19 agus/nó laethanta a bhain le CIÓC. Baineadh ainmneacha dúblacha ón Líon Iomlán.





AN CLÁR UM STAIDÉIR CHEANNAIREACHTA, BHAINISTÍOCHTA AGUS CHOSANTA

Le linn 2022, lean an Clár Staidéar Ceannaireachta, Bainistíochta agus Cosanta (an CSCBC) i gcomhair pearsanra liostáilte ag forbairt agus ag feidhmiú mar fhoinse rátha i gcomhair Óglaigh na hÉireann agus a mbaill. I mí Eanáir 2023, bronnfar dámhachtainí ar 206 pearsanra a ghnóthaigh SETU in 2022, lena n-áirítear 64 le Teastas Ardleibhéil in an CSCBC (Leibhéal 6), 81 le Miondámhachtain i an CSCBC (Leibhéal 7) agus 53 le BA an CSCBC (Lóistíocht) (Leibhéal 7). Bronnfar Céim Mháistreachta ar ochtar pearsanra: 5 Mháistreacht Eolaíochta i mBainistíocht Teicneolaíochta na Cumarsáide agus 3 Mháistreacht Innealtóireachta. Is ionann líon iomlán na bpearsanra ar bhronn IT Cheatharlach/SETU dámhachtainí orthu maidir leis an gClár SCBC agus 1,816 ó cuireadh tús leis in 2012. Leanann Brainse Traenála agus Oideachais Óglaigh na hÉireann le tairbhí an Chláir a chur chun cinn i measc saighdiúirí, mairméalach agus aerchríú céim Phríobháideach 3* chun iad a mhealladh chun tabhairt faoin gClár SCBC.

Lean Oifigigh Óglaigh na hÉireann le páirt a ghlacadh i gclár comhoibrítheach SCBC le hOllscoil Mhá Nuad in 2022. 102 Dámhachtain san iomlán arna mbronnadh in Ollscoil Mhá Nuad i mí na Samhna 2022. Ina measc siúd bhí 51 Dámhachtain Sainchuspóraar Leibhéal 7 (SCBC) a bhain le Traenáil Daltaí, 27 pearsa a bhain dámhachtain Ard-Diplóma Leibhéal 8 amhach i gCeannasaíocht agus Slándáil Chomhaimseartha a bhain leis an gCúrsa Ceannais Talún agus Foirne, agus 24 pearsa a chríochnaigh Máistreacht Ealaíon (Leibhéal 9 - SCBC) a bhain leis an gCúrsa Chéad Chomhcheannais agus Foirne.

CLÁR UM CHEANNAIREACHT, BAINISTÍOCHT AGUS STAIDÉIR CHABHLAIGH

In 2022, bhronn Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann dámhachtainí Ceannasaíochta, Bainistíochta agus Staidéar Cabhlaigh ar Leibhéal 6 ar 26 pearsan agus Leibhéal 7 ar dheichniúr Oifigeach. Bhronn Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann dámhachtainí BSC Eolaíochta Loingseoireachta ag Leibhéal 7 ar sheisear pearsanra agus Leibhéal 8 ar sheisear pearsanra freisin.

SCÉIM TRÍÚ LEIBHÉIL OIFIGEACH

Faoi Scéim na nOifigeach Tríú Leibhéal, tugtar deis d'Oifigigh Choimisiúnaithe Óglaigh na hÉireann, ar ionduchtú chuig Scoil na nDaltaí, nár chríochnaigh clár céime baitsiléara ag Leibhéal 8 an chéim chuí a bhaint amach. Faoi láthair tá 130 Oifigeach ag freastal ar Institiúidí Ardoideachais. In 2022, chríochnaigh 17 pearsanra a gcuid staidéir tríú leibhéal.

OILIÚINT SHEACHTRACH

Bhain Pearsanra d'Óglaigh na hÉireann leas freisin as oiliúint/cúrsaí, sa bhaile agus thar lear araon, in 2022. D'fhreastail 456 pearsanra ar chúrsaí oiliúna thar lear agus bhain 2,337 pearsanra leas as cúrsaí oiliúna seachtracha le linn 2022.

TEICNEOIR FAOI OILIÚINT, PRINTÍSEACHT AGUS SCÉIMEANNA EILE CEIRDE

Feidhmíonn Óglaigh na hÉireann Scéim Teicneora faoi Oiliúint chun freastal ar riachtanais oideachais theicniúla na heagraíochta. I measc na roghanna atá sa scéim tá ceirdeanna traidisiúnta ar nós siúinéireachta, pluiméireachta, leictreachais, sa Chór Innealtóra, meicneoir feithiclí troma sa Chór Iompair agus ról níos speisialtóireachta míleata amhail armúróirí sa Chór Ordanáis, nó teicneoirí Seirbhísí Cumarsáide Faisnéise (SCF) sa Chór SCF. Déanann an tSeirbhís Chabhlaigh agus an tAerchór oiliúint theicniúil freisin chun pearsanra a cháiliú sna scileanna teicniúla a oireann dá ról.

Le linn 2022, cáilíodh 28 de phearsanra, ar an iomlán, faoin Scéim Teicneora faoi Oiliúint (an STO). I measc na n-oiliúnaithe rathúla, bhí 14 mhac léinn de chuid an Chóir SCF (Leibhéal 7), ochtar mac léinn de chuid an Chóir Ordanáis (Leibhéal 7) agus seisear mac léinn de chuid an Chóir Innealtóirí (Leibhéal 6).

D'éirigh le 18 pearsa sa tSeirbhís Chabhlaigh (an SC) cáilíocht a bhaint amach i rith 2022 faoi Scéim Teicneora faoi Oiliúint na Seirbhíse Cabhlaigh agus bronnadh Teastas Náisiúnta Ceirde (Leibhéal 6) ar sheisear pearsanra agus bhronn Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan Baitsiléir Innealtóireachta Leibhéal 7 ar 12 pearsanra.

Laistigh den Aerchór i rith 2022, bhronn Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (TUD) Baitsiléir Innealtóireachta (Leibhéal 7) ar 19 phrintíseach an Aerchóir ar chríochnú a bprintíseachta mar Theicneoirí Aerárthaí.

ATHBHREITHNIÚ AR SHEIRBHÍSÍ LEIGHIS

Tá dualgas ar an mBuanchoiste um Sholáthar Seirbhíse Leighis forbairt seirbhís inbhuanaithe chomhtháite leighis a chur chun cinn agus dul i ngleic leis an mbealach cuí chun príomhacmhainní leighis a sholáthar. Rinneadh dul chun cinn i roinnt limistéar i rith 2022.

Cheadaigh an bhainistíocht shinsearach sibhialta agus míleata athbhreithniú ar an tSeirbhís Fiaclóireachta in 2022 agus tá tús curtha le hobair chun a moltaí a chur i bhfeidhm.

Chuimsigh an Coimisiún ar thuarascáil Óglaigh na hÉireann moltaí i roinnt príomhréimsí a bhaineann le seachadadh seirbhísí leighis, lena n-áirítear críochnú gach athbhreithnithe atá fós le déanamh. Chomhaontaigh an Rialtas moltaí an Choimisiúin agus tá siad á gcur i bhfeidhm trí Phlean Gníomhaíochta Ardleibhéil. Tá an cur chuige a glacadh chun na hathbhreithnithe atá fós le réiteach a thabhairt chun críche á mheas faoi láthair i bhfianaise mholtaí an Choimisiúin agus maidir leis an méadú ar an líon iomlán a theastaíonn chun an leibhéal uailmhéine a chomhaontaigh an Rialtas d'Óglaigh na hÉireann a bhaint amach.

Ag teacht le gealltanais atá sa Chlár don Rialtas chun a chinntiú go bhfuil an rochtain chéanna ag gach comhalta liostáilte d'Óglaigh na hÉireann ar chúram sláinte agus a bhí ag Oifigigh, thuairiscigh Grúpa Oibre sibhialta/míleata le linn 2022 le moltaí maidir leis na bealaí is éifeachtaí chun seirbhísí a sholáthar. Bhí an t-ábhar seo mar ábhar mholadh ón gCoimisiún ar Óglaigh na hÉireann freisin agus is Gníomh Luath é ag éirí as an bPlean Gníomhaíochta Ardleibhéil.

IDIR-RÉITEACH AGUS EADRÁIN

Cuireann scéim Idir-réitigh agus Eadrána (IRaE) do bhaill an BFC meicníocht fhoirmiúil ar fáil do na Cumainn Ionadaíochta, i.e. Cumann Ionadaíochta na nOifigeach Coimisiúnaithe (CIOC) (d'oifigigh) agus Cumann Ionadaíochta Chéimnigh eile na mBuan-Óglach (CICEBÓ) chun dul i ngleic leis an ngné Oifigiúil d'ábhair a thagann faoi chuimsiú na scéime.

ATHBHREITHNIÚ AR AN SCÉIM IDIR-RÉITIGH AGUS EADRÁNA DO BHAILL DEN BFC

Tháinig scéim leasaithe Idir-Réitigh agus Eadrána do bhaill den BFC i bhfeidhm ó Eanáir 2020. Cuimsítear na moltaí ón athbhreithniú ar an Scéim a críochnaíodh in 2018 sa scéim leasaithe ar ar aontaigh na páirtithe uile leis an Scéim.

Ceann de na moltaí a d'eascair as an Athbhreithniú ná gur cheart go mbeadh Cathaoirleach na Comhairle neamhspleách ó na páirtithe. Ceapadh an tUasal Declan Morrin ina Chathaoirleach neamhspleách i Márta 2020. Tá sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean in 2023.

CUMANN IONADAÍOCHTA NA NOIFIGEACH COIMISIÚNTA (CIOC)

Le linn 2022, chuir CIOC aon éileamh nua amháin faoi bhráid na Comhairle Idir-Réitigh. Tionóladh sé chruinniú na Comhairle, sé chruinniú an fhochoiste Pá agus Liúntais, agus tionóladh cruinniú amháin den fhochoiste Ionduchtúcháin. Síníodh trí thuarascáil den Chomhairle Eadrána le CIOC in 2022. D'fhreastail an tAire ar cheithre chruinniú le RACO in 2022.

CUMANN IONADAÍOCHTA CHÉIMNIGH EILE NA MBUAN-ÓGLACH (CICEBÓ)

Le linn 2022, chuir CICEBÓ aon éileamh nua amháin faoi bhráid na Comhairle Idir-Réitigh. Tionóladh sé chruinniú na Comhairle, sé chruinniú an fhochoiste Pá agus Liúntais, agus tionóladh dhá chruinniú den fhochoiste Ionduchtúcháin le linn na bliana. Síníodh daichead tuarascáil na Comhairle Eadrána lenar Comhaontaíodh le CICEBÓ in 2022. Tháinig an t-Aire le chéile leis an CICEBÓ ceithre huairte le linn 2022.

D'fhreastail an tAire agus an tArd-Rúnaí ar dhá Chomhdháil Bhliantúil Toscairí de chuid na gCumann Ionadaíochta in 2022, an 5 Deireadh Fómhair le CICEBÓ, agus an 29 Samhain le CIOC.

ATHBHREITHNIÚ AR GHRÁID PÁ THEICNIÚIL 2-6

Rinneadh foráil don athbhreithniú ar phá teicniúil in Óglaigh na hÉireann i gComhaontú Seirbhíse 2010-2014 (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh). Ba é cuspóir an athbhreithnithe, i gcomhthéacs an chomhaontaithe, údar a thabhairt le socruithe pá theicniúil reatha agus breithniú a dhéanamh ar cibé acu an bhféadfaí nó nach bhféadfaí na riachtanais a shásamh ar bhealach ní ba chost-éifeachtúla. Tugadh faoi athbhreithniú ar Ghrúpa Pá Theicniúil 1 in 2014 agus tháinig sé i bhfeidhm ag tús 2015. Fad a bhí an t-athbhreithniú ar Ghráid Theicniúla 2-6 ar bun, b'éagsúil go mór an moladh a rinne an Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí faon athbhreithniú, a bhain le pearsanra a choinneáil, ó dhírú an athbhreithnithe bhunaidh.

Mhol an Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí go ndéanfaí an t-athbhreithniú ar Ghrúpaí Pá Theicniúil 2-6 a luaithe agus is féidir, gan baint de Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí. Críochnaíodh an tuarascáil tosaigh (Deireadh Fómhair 2019) agus an tuarascáil deiridh (Eanáir 2020). Bhí an cur chuige i leith thorthaí an athbhreithnithe ar Ghráid Theicniúla 2-6 a chur i bhfeidhm faoi chaibidil ag idirchaidreamh forleathan a rinneadh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Nuair a críochnaíodh an próiseas sin, cheadaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe na torthaí a chur i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2021. Tharla rannpháirtíocht shuntasach le linn an chéad leath de 2022 le CICEBÓ maidir le cur i bhfeidhm na moltaí, agus comhaontaíodh agus síníodh seacht gcinn déag de CCRanna (atá san áireamh sna daichead atá luaite thuas) maidir leis sin, agus rinneadh íocaíochtaí a shiardhátú go dtí an 25 Bealtaine 2021. Mar thoradh ar chur i bhfeidhm an Athbhreithnithe Pá Teicniúil íocadh beagnach €1 milliún de phá teicniúil breise leo siúd a chládaigh an tAthbhreithniú faoi dheireadh 2022.

BALLRAÍOCHT CHOMHLACH SHEALADACH DEN ICTU

Thug an tAire Cosanta a thoiliú do Chomhlachais Ionadaíochta na mBuan-Óglach le haghaidh Ballraíocht Chomhlach Shealadach den ICTU chun críche dul i mbun caibidlíochta náisiúnta pá i mBealtaine 2022. Ba é seo an chéad cheann de mholtaí Óglaigh na hÉireann a cuireadh i gcrích. Leanann an Roinn ar aghaidh ag obair ar réiteach reachtaíochta lena chinntiú go n-éascóidh an Rialtas é seo níos fadtéarmaí d'fhonn a chinntiú, sa deireadh, go leantar le cumas an Stáit chun a chuid Fórsaí Armtha a rialú agus a stiúradh iomlán absalóideach agus go gcoimeádtar an chinnteacht sin in aon réiteach a bheidh arna déanamh ar deireadh.

AG DUL Ó NEART GO NEART: COMHAONTÚ SEIRBHÍSE POIBLÍ NUA, 2021-2023

Mar gheall ar chur i bhfeidhm eilimint an Chiste Margántaíochta Eanála de Ag Dul ó Neart go Neart in 2022 rinneadh íocaíochtaí breise de €373,000 san iomlán in aghaidh na bliana do chomhaltaí Óglaigh na hÉireann – rachaidh na híocaíochtaí seo chun sochair go príomha do chomhaltaí Óglaigh na hÉireann ar tuarastal níos ísle. Comhaontaíodh ocht CCR déag (san iomlán de dhaichead atá luaite thuas) le CICEBÓ maidir leis seo.

Cuireadh idirbheartaíocht maidir le síneadh leis an chomhaontú pá don tseirbhís poiblí, Ag Dul ó Neart go Neart, ar bun i lár 2022 i gcomhar le ceardchumainn agus cumainn ionadaíochta seirbhíse poiblí. Mar chomhaltaí comhlacha sealadacha chun críche na caibidlíochta pá sa tseirbhís phoiblí, ghlac Cumainn Ionadaitheacha na mBuan-Óglaigh páirt in idirbheartaíochtaí faoi scáth an ICTU. Ina dhiaidh sin rinne na Cumainn Ionadaíochta síneadh leis an gcomhaontú reatha a chomhaontú agus a rith.

Forálann síneadh an chomhaontaithe pá 'Ag Dul ó Neart go Neart' d'arduithe breise ar phá agus ar liúntais do gach seirbhísigh phoiblí, lena n-áirítear comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann. Forálann an comhaontú seo d'ardú 6.5% thar 2022 agus 2023, lena n-áirítear:

- » 3% siardhátaithe go 2 Feabhra 2022
- » 2% an 1 Márta 2023
- » 1.5% nó €750, cibé acu is mó, an 1 Deireadh Fómhair 2023.

Rachaidh liúntais inphinsin de chineál pá chun tairbhe freisin.

AN TREOIR MAIDIR LE HAM OIBRE

Gheall an Rialtas chun Óglaigh na hÉireann (agus an Garda Síochána) a thabhairt faoi scóip an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997, a rinne an Treoir maidir le hAm Oibre ón AE (Treoir 93/104/CE ón gComhairle an 23 Samhain 1993) a thrasú isteach i ndlí na hÉireann. Tá freagracht ar an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta as an creat reachtaíochta a ullmhú.

Aithnítear sa Treoir um Am Oibre (TAO) cineál ar leith gníomhaíochtaí míleata áirithe agus ceadaítear ann maolú agus díolúintí a dhéanamh i gcás na ngníomhaíochtaí siúd. Thug an bhainistíocht shibhialta agus mhíleata faoi mhéid suntasach oibre chun na gníomhaíochtaí míleata a dheimhniú a thagann faoi chuimsiú scóip na Treorach. Deimhnítear, cé go bhféadfadh go gcáileodh roinnt gníomhaíochtaí do dhíolúine nó do mhaolú faoi fhorálacha an TAO, comhlíonann céatadán ard de ghnáthobair laethúil Óglaigh na hÉireann an Treoir um Am Oibre cheana féin.

Leanadh le plé fairsing arna dhéanamh ag an mbainistíocht shibhialta agus mhíleata ar chur i bhfeidhm níos leithne na Treorach um Am Oibre laistigh d'Óglaigh na hÉireann le linn 2022, ar plé é raibh mar bhonn eolais aige léirmhíniú an Cháisdlí Eorpaigh le déanaí maidir le seirbhís mhíleata, chomh maith leis an mbunriachtanas chun a chinntiú go bhfuil cearta agus cosaintí iomchuí maidir le sláinte agus sábháilteacht tugtha do chomhaltaí ar seirbhís, agus ag an am céanna a chinntiú gur féidir le hÓglaigh na hÉireann leanúint ar aghaidh ag comhlíonadh a gcuid feidhmeanna bunriachtanacha stáit.

Tá seasamh an lucht bainistíochta arna mholadh ina ábhar sa phlé leanúnach i bhfochoiste na Comhairle Idir-Réitigh agus Eadrána Cosanta (ina bhfuil Cumainn Ionadaíochta agus an bhainistíocht mhíleata agus shibhialta) chun ceisteanna a phlé, sa chás gur cuí, a bhaineann leis an Treoir um Am Oibre a chur i bhfeidhm.

Cuirfear eolas ar fáil dá réir freisin don chur chuige a ghlacfaidh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, atá freagrach as an sásra cuí reachtaíochta a fhorbairt chun an lándíolúine don Bhuanfhórsa Cosanta a bhaint ó fhorálacha na Treorach um Am Oibre agus foráil bhreise a dhéanamh d'aon díolúintí agus aon mhaolú a theastaíonn.

Bunaíodh fochoiste na Comhairle Idir-Réitigh agus Eadrána Cosanta (ina bhfuil Cumainn Ionadaíochta agus an bhainistíocht mhíleata agus shibhialta) chun ceisteanna a phlé, sa chás gur cuí, a bhaineann leis an Treoir um Am Oibre a chur i bhfeidhm. Leanfar ag tabhairt faoi phlé le Cumainn Ionadaíochta Óglaigh na hÉireann, tríd an bhfóram seo, de réir mar a thagann an obair chun cinn. Tháinig an Fochoiste le chéile ceithre huaire le linn 2022.

MOLTAÍ PÁ ÓN GCOIMISIÚN ÓGLAIGH NA HÉIREANN (CÓÉ)

Le faomhadh Thuarascáil an Choimisiúin ar Óglaigh na hÉireann, gheall an Rialtas do raon gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna pá agus earcaíochta in Óglaigh na hÉireann. Ina measc seo tá roinnt tionscadal ar tugadh fúthu chun cur le tarraingteacht gairme in Óglaigh na hÉireann, agus clúdaíonn siad raon beart a fheabhsóidh pá agus coinníollacha.

In 2022, chomh maith le moladh an CÓÉ ar bhallaíocht chomhlach shealadach ICTU do na Cumainn Ionadaitheacha (dá dtagraítear roimhe seo) a chur i bhfeidhm, chuir an Roinn dhá cheann de mholtaí pá-choibhneasa na Tuarascála i bhfeidhm: is iad sin, maidir le gach pearsa ar ghrád Saighdiúir Shingil 3 Réalt/Mairnéalach Inniúil, go ndéanfar an ráta iomlán den Liúntas Seirbhíse Míleata (LSM) a bhaineann leis an gcéim sin a íocadh leo, agus ag an am céanna, go mbainfear an ceanglas don chohórt sin ‘am a mharcáil’ don chéad tréimhse trí bliana ar an gcéim sin.

Tar éis na harduithe pá is déanaí, ag 2%, an 1 Márta 2023, tosaíonn Earcaithe ar chríochnú na hoiliúna (a thógann thart ar 24 seachtain), ag fáil:

- » €37,147 i mBliain 1 – ar ionann é agus €712 sa tseachtain i mBliain 1
- » €38,544 i mBliain 2
- » €39,832 i mBliain 3

Íoctar €41,123 le Dalta fágála scoile arna choimisiúnú. Is é seo an dara ról do leifteanant. Tar éis 2 bhliain, tugtar ardú céime dóibh go Leifteanant agus ardaíonn a bpá go €46,406. Nuair a théann céimí isteach – tosaíonn an ráta pá ar choimisiúnú ag €46,406.

Tá siad seo go thar a bheith maith gcomparáid le rátaí tosaigh pá ar fud na seirbhíse poiblí.



BUNTÁISTÍ A BHAINNEANN LE DUL ISTEACH IN ÓGLAIGH NA HÉIREANN

TUARASTAL TOSAIGH

Iena n-áirítear Liúntas Seirbhíse Míleata



DALTA CÉIME

ar choimisiún

€46,406

DALTA FÁGÁLA SCOILE

ar choimisiún

€41,123

EARCAIGH

ar chríochnú na bunoiúna
(thart ar 24 seachtain)

€37,147

Le héifeacht ón 1 Márta 2023

Téann tuarastail ar aghaidh ar scála incriminteach go dtí uasphointe do gach céim



Deiseanna
go minic
dul chun
cinn gairme
chuig céimeanna
níos airde & chun
cáiliú dóibh
breise
liúntais


IDEACHAS & FORBAIRT PEARSANTA



Deiseanna lánmhaoithe chun
cáilíochtaí gairmiúla agus acadúla a
bhaint amach, ón Ardteistiméireacht
go dtí an Tríú Leibhéal,
agus iad ag fáil pá agus liúntais iomlána.

OILIÚINT TEICNEOIRÍ (PRINTISEACHAS)


Ar fáil do phearsana liostáilte.



TÁ OILIÚINT AR FÁIL

chun cáiliú le haghaidh dul chun cinn
gairme agus deiseanna ardaithe céime

COSÁIN EARCAÍOCHTA



PRINTÍSEACHT

An tAerchór

DALTAIS

An tArm, an tSeirbhís Chabhlaigh, an tAerchór

EARCAIGH

IONTRÁIL DÍREACH

Gairmithe oilte, cáilithe i réimsí teicniúla.



TRAENÁIL LE CHÉILE, OBAIR LE CHÉILE



Caitear le gach ball go cothrom agus le meas agus bíonn comhdheiseanna agus acmhainní acu

TACAÍOCHTAÍ FISICEACH



Tá rochtain ag gach ball de na Buan-Óglaigh ar sheirbhísí leighis, fisiteiripe, cógaslainne agus cúram fiaclóireachta

OILIÚINT FHEIDHMIÚCHÁIN & ÁISEANNA SPÓIRT

Áiseanna oiliúna agus aclaíochta den scoth



20+ Foirne & Clubanna Spóirt

PINSEAN



Tá gach ball atá ag fónamh de na Buan-Óglaigh ina mbaill de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí

SEIRBHÍS THAR



Liúntas Dleacht Thar Lear saor ó cháin ar féidir tosú ag

€15,000

le haghaidh imscaradh 6 mhí Deiseanna Imscaradh 3 Mhí a thacaíonn le Teaghlaigh

SAOIRE BHLIANTÚIL



- + Laethanta saoire poiblí
- + Laethanta saoire Óglaigh na hÉireann
- + Saoire bhreuiteachta íochta
- + Saoire staidéir
- + Saoire do thuismitheoirí
- + Saoire speisialta ar fhillleadh ó mhisin thar lear

Saoire reachtúil láníochta mar Saoire Uchtaíoch, Máithreachais & Atharthachta



INSCNE, COMHIONANNAS AGUS ÉAGSÚLACHT IN ÓGLAIGH NA HÉIREANN

Lean an chill Chomhairleoirí Inscne laistigh d'Óglaigh na hÉireann i rith 2022 d'oibriú i gcomhréir le Tríú Plean Gníomhaíochta Óglaigh na hÉireann chun UNSCR 1325 agus Réitigh Ghaolmhara a Chur i bhFeidhm. Cuirtear in iúl i dTríú Plean Óglaigh na hÉireann tosaíochtaí na heagraíochta chun an clár Mná, Síocháin agus Slándáil a chur i bhfeidhm. Tá de chuspóir aige cur leis na héachtaí a rinneadh go dtí seo agus iad a chur in iúl go héifeachtach, chomh maith leis an mbealach a réiteach d'fhorbairtí amach anseo maidir le limistéar níos fairsinge Mná, Síocháin agus Slándáil. Rinneadh athbhreithniú ar an ábhar oiliúna reatha maidir le Pointe Fócas Inscne agus oiliúint réamh-imscartha agus tugadh isteach tionscnaimh ar nós oiliúint claonta neamhchomhfhiosach do bhoird agallaimh.

Lean Buanchoiste Cultúir Eagraíocht (BCCE), ar bunaíodh é i Samhain 2021, ar aghaidh lena chuid obair in 2022 d'fhonn an póiseas athraithe cultúir a chur chun cinn agus a chomhordú laistigh d'Óglaigh na hÉireann. Comhordaíonn an Coiste soláthar tacaíochta míleata iomchuí don Ghrúpa Athbhreithnithe Neamhspleách (GAN), agus déanfaidh sé gníomhartha BCCE a ailíniú le treoir an GAN, chun a chinntiú go bhfuil an timpeallacht oibre sábháilte, saibhrithe agus fiúntach do gach duine a fhreastalaíonn. Is iad na hionadaithe seo a leanas comhaltaí BCCE:

- » Ceann Foirne Cúnta agus gach Oifigeach Feidhmiúcháin Eagair Chomhraic;
- » Stiúrthóir Brainse Acmhainní Daonna, Stiúrthóir Oiliúna agus Oideachais, Comhairleoir Inscne agus Éagsúlachta ÓÉ, Stiúrthóir an Bhrainse Leighis, Oifigeach i Seirbhísí Tacaíochta Pearsanra Ceannais (PSS), Oifigeach i gCeannas Brainse Caidrimh Phoiblí, Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí DLí;
- » Ionadaithe Oifigeach Baineann agus Oifigeach Neamhchoimisiúnaithe.

Tá a Coiste BCCE féin ag gach Foirmíocht chun an próiseas athraithe a thiomáint ar fud na heagraíochta. Ar cheann de phríomhiarrachtaí an BCCE in 2022 bhí an foghrúpa Forbartha Ceardlainne. Bunaíodh an grúpa seo chun scrúdú a dhéanamh ar cheardlann oiriúnach lena gcuirfeadh tús leis an bpróiseas um athrú cultúrtha laistigh d'Óglaigh na hÉireann. I gcomhairle le roinnt gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí seachtracha, forbraíodh an cheardlann um Eitic Gnéis agus Caidrimh Ómósacha (EGCÓ). Mar bhuaic air seo bhí ceardlann phíolótach i R4 de 2022. Dhéileáil an cheardlann píolótach le déanaí le ceist na heitice gnéis ar bhealach idirghníomhach. Seachadadh an oiliúint seo mar sheisiún idirghníomhach éascaithe trí nó ceithre huaire. Sé sheisiún a bhí san oiliúint seo. Oiliúint duine-le-duine a bhí ann agus bhí na modúil seo a leanas cuimsithe leis:

- » Seisiún 1 Réamhrá & Bunrialacha
- » Seisiún 2 – Ceadú – Céard É
- » Seisiún 3 Cultúr Míleata agus an Comhshaol
- » Seisiún 4 Eitic Ghnéis agus Caidrimh Ómósacha
- » Seisiún 5 A Bheith i do Fhianaiseoir Eiticíúil
- » Seisiún 6 Conclúid agus Achoimre

Mhol an foghrúpa gur cheart an treoirthionscadal a thriail, i ngach eagar. Reáchtáladh sé Cheardlann Phíolótacha san iomlán. Fuair 153 pearsanra an oiliúint ceardlainne píolótach. Oibríthe Sóisialta DF/ Foireann PSS do Phíolótach amháin a sholáthair an clár EGCÓ. Tá an comhdhéanamh grúpa is oiriúnaí á mheas faoi láthair lena rolladh amach ar fud na heagraíochta. Glacadh go maith leis an gceardlann i ngach láthair agus fuarthas aiseolas an-mhaith ar an iomlán. Glacadh go forleathan leis an gceardlann píolótach agus cuireadh fáilte roimpi.

Leanadh d'obair i rith 2022 ar Thionscadail ábhartha Pháipéir Bháin; agus ar cheann de na príomhthionscadail ar ar díriodh bheith Tionscadal Páipéir Bháin 56 - 'Suirbhé chun baic ar dhul chun cinn ban sa Bhuanfhórsa Cosanta a shainnaint'. Tá anailís á déanamh faoi láthair ar na freagairtí don suirbhé seo. Ina theannta sin, in 2022, d'oibrigh Buanchoiste Óglaigh na hÉireann chun moltaí ón tuarascáil ar Líon na mBan a Ardú in Óglaigh na hÉireann a chur i bhfeidhm. Rangaítear moltaí Ghrúpa Oibre Óglaigh na hÉireann um neart an phearsanra bhaininn laistigh den eagraíocht a mhéadú faoi thrí theideal, agus is iad siúd: Earcaíocht agus Roghnú, Oilíúint agus Coinneáil. Tar éis go ndearnadh breithniú ar an tuarascáil seo, rinne an Fhoireann Ghinearálta stiúradh ar Bhuanchoiste chun monatóireacht a dhéanamh ar agus comhairle a chur ar fáil ar chur i bhfeidhm na moltaí seo. Tagann an Buanchoiste seo le chéile go rialta chuige sin agus tá dul chun cinn incriminteach déanta i réimsí éagsúla, lena n-áirítear moltaí maidir le hiomhánna cothromaithe earcaíochta mar chuid den straitéis earcaíochta, athbhreithniú ar fhorálacha rialála maidir le grúmaeireacht agus ionadaíocht GENAD ar an gCoiste Éadaí Mná.

Cuireadh cúrsaí oiliúna ar líne idirnáisiúnta ar siúl i rith 2022. Tríd an Lárionad Nordach um Inscne in Oibríochtaí Míleata (LNIOM) agus Institiúid Oilíúna agus Taighde na Náisiún Aontaithe (IOTNA), cháiligh

13 phearsa mar Chomhairleoirí Inscne Míleata agus ghnóthaigh 19 pearsanra cáilíocht Pointe Fócais Inscne. Ina theannta sin, d'éirigh le duine amháin cúrsa Breathnóirí Míleata na Náisiún Aontaithe (DEU UNMO) arna dhéanamh i saoráid oiliúna Bundeswehr, Hammelburg, an Ghearmáin, cúrsa sainiúil do bhreathnóirí míleata baineanna.

Maidir le héagsúlacht agus ionchuimsiú níos fairsinge, lean Cosain le Bród ('Defend with Pride'), Líonra LADTC Óglaigh na hÉireann, ag tacú le pearsanra Leispiacha, Aeracha, Déghnéasacha, Trasinsneacha agus Idirghnéasacha (LGBTI+) laistigh den eagraíocht. Tá obair ar siúl ag an gcomhghrúpa oibre sibhialta-míleata, a bunaíodh in 2019 chun forbairt Beartas Fostaíochta Trasinsneach a fhorbairt d'Óglaigh na hÉireann. I rith 2022, lean Óglaigh na hÉireann ag suí ar an gcoiste chun an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú LGBTI+ agus an Líonra Club 30% san Earnáil Phoiblí a chur i bhfeidhm. Chomhoibrigh Óglaigh na hÉireann le líonraí Éagsúlachta agus Cuimsithe an Gharda Síochána freisin.

Rud eile a tharla le linn 2022, lean Óglaigh na hÉireann, i gcomhar le hoifigigh de chuid na Roinne, leis an bpróiseas chun na moltaí ar an dlí frith-idirdhealaithe a chur i bhfeidhm is moltaí a d'eascair as rialú arna dhéanamh ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre in 2021 a chur i bhfeidhm. Tá an próiseas seo á dhéanamh i gcomhairle le gnólacht dlí a bhfuil speisialtóireacht aige sa dlí fostaíochta d'fhonn a chinntiú go bhfuil na rialacháin go léir, agus na doiciméid ghaolmhara, chomh maith le cláir agus ábhair oiliúna do phearsanra Óglaigh na hÉireann ailínithe go hiomlán, agus ag luí le forálacha reachtaíochta chomhionannais is iomchuí agus go gcuirfead gníomhartha leantacha chun cinn ina dhiaidh. Tá dul chun cinn maith déanta ar an obair seo agus tá na réamhchúraimí a bhaineann le polasaithe um shaoire mháithreachais agus faoi chosaint ag druidim chun críche. Tabharfar na gnéithe eile chun críche in 2023.



LÍONRA COSANTA NA mBAN

Seoladh Líonra Cosanta na mBan (LBC), ar comhthionscnamh sibhialta/míleata é, go hoifigiúil in 2022.

Leanann ról agus sainchúram an LBC ag fás agus ag leathnú, agus tá a bhallaíocht ionadaíoch ar gach grád/rang ar fud na Cosanta, le ranníocaíocht agus tacaíocht leanúnach ón Ard-Rúnaí Jacqui McCrum agus Ceann Foirne an Leifteanant-Ghinearál Seán Clancy.

In 2022, chuir an tAonad Cumarsáide, i gcomhpháirtíocht le comhghleacaithe Óglaigh na hÉireann, an cathaoirleach agus an rúnaí ar fáil chun an coiste míleata sibhialta deonach LBC a threorú agus chun tacú leis, ag am ina raibh athrú suntasach cultúrtha ar fud na Cosanta.

Agus le suas le 70% d'fhoireann na Roinne ar mná iad, agus Óglaigh na hÉireann ag iarraidh líon na mban a neartú agus a choinneáil ina céimeanna PDF agus Cúlta, cuireadh an LBC mar thasc agus chomhlíon siad na spriocanna don chomhpháirtíocht uathúil sibhialta/míleata seo.

Ba í 2022 an chéad bhliain iomlán de ghníomhaíochtaí LBC a chuimsigh éagsúlacht imeachtaí. Chuimsigh siad seo ó imeachtaí líonraithe ag leibhéal áitiúla agus náisiúnta, go pearsanta agus hibrideach go roinnt scéalta inspioráideacha ó roinnt dár gceannairí mná, idir shibhialta agus mhíleata go garspriocanna ar nós Lá Idirnáisiúnta na mBan agus Lá Idirnáisiúnta na bhFear a cheiliúradh chomh maith leis nuachtlitir rialta a chruthú.

Tá ríméid ar an gcoiste leis an leibhéal rannpháirtíochta agus comhoibrithe ó gach cuid den Eagraíocht. Thug an LBC an deis do dhaoine aonair ar fud na Roinne agus Óglaigh na hÉireann dul i ngleic le fóraim éagsúla ar raon ábhar agus táim ag tnúth le níos mó in 2023, agus an LBC ag iarraidh dul i dteagmháil le comhghuaillithe go hidirnáisiúnta ar ábhair a mbíonn tionchar acu ar mhná in eagraíochtaí sibhialta agus míleata comhchosúla.







ÉAGÓRACHA A SHÁSAMH

Tugtar *Éagóracha a Chur ina gCeart* (ECC) ar an gcóras inmheánach gearán agus sásaimh a ndéantar soláthar dó in Óglaigh na hÉireann agus foráiltear dó in Alt 114 (Caibidil VI) de na hAchtanna Cosanta, 1954 go 2011. Má mheasann comhalta d'Óglaigh na hÉireann go ndearnadh éagóir orthu, is féidir leo gearán a dhéanamh le Ceannasaí a gComplachta (comhalta liostáilte) nó lena n-oifigeach i gceannas (oifigeach), agus cineál an ghearáin agus an sásamh a lorgáitear a lua. Ní chuirtear aon srianta ama ar chomhalta d'Óglaigh na hÉireann chun gearán a sheoladh ar aghaidh faoin bpróiseas seo. Is faoin ngearánaí a bhíonn sé freisin a ngearán a chur faoi bhráid an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann mura bhfuil siad sásta le toradh an phróisis Éagóracha a Chur ina gCeart.

Tugtar i gCairt 2.4 sonraí dheireadh na bliana maidir le 53 iarratas ar Éagóracha a Chur ina gCeart a fuarthas i rith 2022 agus cuirtear figiúirí ón mbliain 2020 agus 2021 ar fáil freisin ar mhaithe le comparáid a dhéanamh.

Cairt 2.4

Iarratais ar Éagóracha lena Sásamh, 2020, 2021 agus 2022



* Críochnaíodh iad seo, seachas iad a aistarraingt, mar gheall gur ghlac na gearánaithe le torthaí an Oifigigh ar an gceist.



AN tOMBUDSMAN D'ÓGLAIGH NA hÉIREANN

D'fhoilsíodh an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann (OÓÉ) a Thuarascáil Bhliantúil don bhliain 2021 i Meitheamh 2022. Luann OÓÉ sa Thuarascáil go bhfuarthas 106 Fógra Gearáin in 2021, arb ionann sin agus méadúú 32% ar na 80 fógra a fuarthas in 2020. Cuireadh 34 cás nua ar aghaidh chuig OÓÉ le haghaidh imscrúdaithe iomlán in 2021.

Tháirg an tOmbudsman 25 tuairisc chás san iomlán in 2022, agus cúig cinn díobh siúd a rinne an tAire iad a shíniú agus a chríochnú. Shínigh an tAire ceithre thuarascáil eile ó bhlianta roimhe seo in 2022.

TÁSTÁIL DRUGAÍ LE LINN 2022


In 2022, rinne Foireann Tástála Drugaí Óglaigh na hÉireann (FTDÓÉ) 1,015 tástáil aonair. Is ionann sin agus 11.08% de neart ÓÉ. Rinneadh Tástáil Randamach Drugaí in 16 ionad, ag tástáil 1,004 pearsanra. Is ionann é sin agus 10.96% de neart ÓÉ. Rinne an FTDÓÉ 11 spriochtástáil le linn na tréimhse tástála.

Áiríonn tástálacha 2022 61 ball den Fhórsa Cúlta, arb ionann é agus 8.8% de phearsanra an FCÓÉ, agus 954 ball de na Buan-Óglaigh, arb ionann é sin agus 11.27% de na Buan-Óglaigh. Ag deireadh na tréimhse tástála taifeadh tástáil dhearfach ar 17 duine a roghnaíodh go randamach. Is ionann an figiúr seo agus 1.67% den líon daoine arna dtástáil atá ag teacht go ginearálta leis an treocht ghinearálta le roinnt blianta anuas, mar a léirítear i gCairt 2.5 agus 2.6.

Tugtar sonraí breise i gCairteacha 2.5 agus 2.6, agus déantar comparáid le blianta beaga anuas freisin.

Cairt 2.5

Sonraí faoi Thástálacha Éigeantacha Fánacha Drugaí ó 2015 go 2022




* Áirítear leis dhá thoradh dhearfacha in 2018 agus 2020 faoin teideal "Teip ar Theacht i Láthair", agus ceann dearfach amháin faoin teideal "Teip ar Shampla a Sholáthar" in 2021.

Is fiú a thabhairt faoi deara, cé go raibh laghdú ar nithe dearfacha i mbliana, go bhfuil an treocht fós ag dul in airde agus ní dhéanann sé seo ach an tábhacht a bhaineann le Thástálacha Éigeantacha Fánacha Drugaí a sheoladh ar bhonn leanúnach a threisiú. Cé gurb é príomhról an phróisis ná feidhmiú mar bhac, treiseoidh cuimsiú agus foirmiú feachtais oideachais agus faisnéise an ráiteas "nach bhfuil úsáid substaintí mídhleathacha ag teacht le gairm bheatha in Óglaigh na hÉireann".

Cairt 2.6

Tástáil Randamach Drugaí Éigeantach de réir suímh in 2020, 2021 agus 2022



Maidir le tástáil spriocdhírthe drugaí (TSD), bhí duine amháin sa chlár spriocdhírthe tástála drugaí ag tús 2022. Thosaigh ceathrar pearsanra breise leis an gclár i rith na bliana. Baineadh beirt phearsanra den chlár, críochnaíodh duine amháin díobh an tástáil agus coinníodh eisean i mbun seirbhíse agus rinneadh duine amháin a Urscaoileadh trí Cheannach. Amhail deireadh 2022, tá triúr pearsanra fós sa phróiseas TSD. Má theipeann ar dhuine aonair in Thástálacha Éigeantacha Fánacha Drugaí i gcomhréir le Caibidil 3 de Threoir Riaracháin 7, tá roghanna ann leis an gcás a chur i gcrích:

1. Scaoileadh ó dhualgais i gcás céimeanna liostáilte, scor i gcás oifigeach/daltaí nó
2. Coinneáil sa tSeirbhís, nó an
3. Cinneadh a chur siar, a cheadaíonn an duine a choinneáil sa tseirbhís, chomh fada agus a ghlacann siad páirt i bpróiseas TSD ar feadh tréimhse shonraithe, faoi mar a leagtar síos in Alt 304 b.



TACAÍOCHT DO GHRÚPAÍ IARSHAIGHDIÚIRÍ

Cuimsítear i gClár an Rialtais gealltanais chun tacú le hionaid a bhunú do bhaill Óglaigh na hÉireann a chuaigh ar scor. Rinneadh seo a chuimsiú isteach i ngníomhaíochtaí leanúnacha na Roinne ina raibh baint ag dhá Bhainisteoir, is é sin, Forbairt Cumais (Daoine) agus Tacaíocht (FC(D)T) agus Bainistíocht Réadmhaoine (BR).

Tá Comhaontuithe Seirbhíse ag an Roinn le gach ceann de na Cumainn Seansaighdiúirí aitheanta agus íocadh deontais bhliantúla €130,000 agus €30,000 leis an Eagraíocht Phearsanra Iarsheirbhíse Náisiúnta (ONE) agus le Cumann Sheansaighdiúirí Éireannacha na Náisiún Aontaithe (IUNVA), faoi seach, in 2022. Méadaíodh an dá dheontas i rith na bliana, faoi €30,000 agus €19,000 faoi seach. Anuas air sin, bronnadh cistiú breise €200,000 faoi Phlean Gníomhaíochta Chiste na gCuntas Díomhaoin 2023 chun cabhrú le tionscadail ar leith ONE agus IUNVA. Fágann sé sin gur ionann an méid iomlán maoinithe atá faighte go dtí seo agus €700,000. Chabhraigh an maoiniú seo, in éineacht le hiarrachtaí Bhainistíochta Maoine na Roinne, le ONE chun a líonra d'Ionaid Tacaíochta Seansaighdiúirí a fhorbairt a thuilleadh ar fud na tíre.



AN ROINN COSANTA FOGHLAIM AGUS FORBAIRT NA STÁTSEIRBHÍSE

Leanadh le nós na Roinne ina dtugtar tús áite do dheiseanna forbartha agus foghlama a fhorbairt don fhoireann in 2022. D'úsáid an Roinn meascán de mhodhanna seachadta traidisiúnta seomra ranga, fíorúla agus ríomhfhoghlama chun cuidiú leis an bhfoghlaim a réiteach le bheith inrochtana do chách.

I rith 2022, cuireadh 2,944 idirghabháil foghlama agus forbartha ar siúl trí chúrsaí oiliúna, comhdhálacha, seimineáir agus cruinnithe faisnéise. Is ionann sin agus méadú de thart ar 312% ar idirghabhálacha i gcomparáid le 2021 agus is éard is cúis leis ná rolladh amach roinnt cúrsaí r-Fhoghlama a bhaineann go sonrach leis an Roinn. Rolladh amach clár sainiúil de chuid na Roinne, Leadership Plus. Tá sé mar phríomhchuspóir ag an gclár leanúint ar aghaidh le ceannairí láidre inniúla a fhorbairt a bheidh dírithe ar dhaoine agus ar fheidhmíocht.

Reachtáladh seisiúin faisnéise fíorúla sláinte agus folláine ar athléimneacht, ar thábhacht aclaíocht, sos míostraithe agus folláine airgeadais i rith na bliana agus d'fhreastail breis agus 290 fostaí orthu. Bhí an Roinn ar an ngearrliosta freisin do Ghradam Acmhainní Daonna CIPD sa chatagóir "Cultúr folláine a dhaingniú san ionad oibre".

Mhaoinigh an Roinn 18 fostaí freisin chun tabhairt faoi chúrsaí acadúla tríd an scéim "Aisíocaíocht Táillí". Fuair chúrsaí i réimsí ar nós dlí fostaíochta, bainistíocht acmhainní daonna agus rialtas agus beartas poiblí maoiniú.

B'ionann an caiteachas foriomlán ar fhoghlaim agus forbairt i rith na bliana agus €277,442.85. Leanann an Roinn lena chinntiú go ndírítear ar riachtanais foghlama agus forbartha, riachtanais na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann san áireamh, de réir mar is gá.

SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

Tá an Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann tiomanta don chaighdeán is airde de Sheirbhís do Chustaiméirí a sholáthar do na daoine aonair agus na heagraíochtaí a mbíonn siad ag idirghníomhú leo. Leagtar amach i gCairt Chustaiméirí na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann na caighdeáin seirbhíse a bhímid meáite a bhaint amach i gcomhréir le príonsabail Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí, de réir mar atá ceadaithe ag an Rialtas. Rinneadh teagmháil leis an Roinn 252,249 uair, ar an iomlán, i rith 2022 ar an nguthán, tríd an bpost nó ar ríomhphost. Áirítear leis seo aon mhír amháin comhfhreagrais a fuarthas i nGaeilge. Go hachomair, aithníodh 99% den chomhfhreagrais a fuarthas laistigh de thrí lá oibre agus b'ionann an ráta freagartha laistigh de thrí seachtaine oibre agus 99.8%.



CUMARSÁID A SHEACHADADH AGUS LÁITHREACHT SNA MEÁIN SHÓISIALTA

Le linn 2022 mhéadaigh an tAonad Cumarsáide a leibhéal gníomhaíochta cumarsáide, go himheánach agus go seachtrach, rinneadh an tAonad a ghairmiú tuilleadh agus leantar de chultúr cumarsáide a fhorbairt go himheánach ar fud na Roinne. Go ginearálta, chlúdaigh gníomhaíochtaí Cumarsáide na ceithre príomhréimse seo a leanas, Cumarsáid Inmheánach, Caidreamh leis na Meáin Chumarsáide, Rannpháirtíocht lenár bPáirtithe Leasmhara agus obair ár Roinne a chur in iúl.

Tháinig méadú ar an gcumarsáid réamhghníomhach, go seachtrach agus go himheánach araon. Mar gheall ar mhaolú na srianta paindéime, tháinig méadú suntasach ar rannpháirtíochtaí poiblí agus fostaíthe faoi stiúir an Aonaid Chumarsáide, ó imeachtaí Halla an Bhaile go himheánach sa Nás, Gaillimh agus Ros Cré, go rannpháirtíocht mhéadaithe Aireachta ó lá go lá ar fud na tíre. Cuireadh leis na himeachtaí seo agus an saineolas Cumarsáide le gníomhaíocht mhéadaithe ar na Meáin Shóisialta; In 2022 eisíodh 126 Tvuít le breis is milliún imprisean.

Tá saineolas suntasach á fhorbairt ag an Aonad thar raon de speisialtóirí Cumarsáide lena n-áirítear Cumarsáid Bainistíochta Éigeandála, Cumarsáid Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Cumarsáid bunaithe sa phobal trí Chosaint Shibhialta.

Le linn 2022, lean Aonad Cumarsáide na Roinne Cosanta ag obair go dlúth lenár gcomhghleacaithe i mBrainse Caidrimh Phoiblí Óglaigh na hÉireann chun a chinntiú go gcuirfí cúrsaí beartais agus oibriúcháin i láthair go cruinn do shaoránaigh.



D'éiligh na cásanna seo go raibh riachtanas láidir le hardleibhéal scile, breithiúnais agus cumais chun comhoibriú le gach leibhéal ar fud na Cosanta, agus go polaitiúil. Áiríodh leis an ngníomhaíocht seo próiseas an Choimisiúin agus a chur chun feidhme leanúnach.

Sheachaid an tAonad an chéad tairiscint shaincheaptha riamh do Chonradh Cumarsáide tríú páirtí freisin a chlúdaigh raon iomlán sócmhainní gaolmhara.

Ina theannta sin, agus ag leanúint ar aghaidh ón Athbhreithniú ar Chumas Eagrúcháin agus an gá a aithníodh le straitéis chuimsitheach cumarsáide a fhorbairt don Roinn, ceapadh dréacht-Straitéis Chumarsáide, lena bhreithniú ag an mBord Bainistíochta.



BRAINSE CAIDRIMH PHOIBLÍ ÓGLAIGH NA HÉIREANN

Tá roinnt fo-aonad i mBrainse Caidrimh Phoiblí (BCP) Óglaigh na hÉireann a dhéanann idirchaidreamh ar leibhéal éagsúla leis na meáin, an pobal agus lucht leanúna inmheánach Óglaigh na hÉireann. Áirítear leis na hoifigí seo an Oifig Preasa, an Oifig Faisnéise, an Scoil Chlosamhairc, Grianghrafadóir Óglaigh na hÉireann, Oifig An Cosantóir agus na Cartlanna Míleata agus an Oifig Cumarsáide Inmheánaí.

Tá gach oifig faoi threoir Straitéis Cumarsáide Óglaigh na hÉireann, Threoirlínte Cumarsáide agus Idirchaidrimh Óglaigh na hÉireann agus Bheartas Meán Sóisialta Óglaigh na hÉireann. Cuireann BCP roinnt foilseachán le chéile faoi láthair, An Cosantóir, sraith Podchraoltaí Óglaigh na hÉireann agus Athbhreithniú Óglaigh na hÉireann (Defence Forces Review) san áireamh. Déanann BCP Óglaigh na hÉireann meáin shóisialta a chothú a bhuaigh gradam i measc ardáin éagsúla, Facebook, Instagram, Twitter, TikTok, YouTube agus Spotify ina measc. Tá 53 fochuntas meán sóisialta gníomhach Óglaigh na hÉireann ann faoi láthair ar a ndéanann BCP Óglaigh na hÉireann monatóireacht leanúnach lena chinntiú go mbaintear an caighdeán is airde d'ábhar agus de rannpháirtíocht amach. Bronnadh roinnt gradaim mheán sóisialta ('Sockies') ar chuntais Mheán Sóisialta Óglaigh na hÉireann in 2022, gradam Óir ar 'Cuntas Facebook atá á oibriú ag Eagraíocht Stáit', gradam Airgid ar 'Stiúideo Cruthaithe Ábhair Intí', gradam Cré-Umha ar 'Cuntas Twitter atá á oibriú ag Eagraíocht Stáit' agus gradam Cré-Umha ar 'Cuntas Instagram atá á oibriú ag Eagraíocht Stáit.'

Bhí baint ag an rannóg Cumarsáide Inmheánaí i roinnt feachtais chumarsáide inmheánaí, feachtas comhoibrítheach le Buanchoiste Cultúr Eagraíochta Óglaigh na hÉireann ina measc. In 2022, fuair an rannóg Aip Cumarsáide Inmheánach, a chuirfear i bhfeidhm in 2023.

AN SCÉIM TEANGA I LEITH NA GAEILGE

Tá an Roinn Cosanta tiomanta do na hoibleagáidí a chomhlíonadh a leagtar amach in Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 i dtaobh an leibhéil seirbhíse a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge. Leanann an Roinn lena gealltanais a shásamh faoin Scéim Gaeilge maidir le seirbhísí atá le soláthar trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla in 2022. Anuas ar ár ngealltanais a shásamh, cuireadh oiliúint ar fhoireann bhreise ar leibhéal scileanna éagsúla chun seirbhísí a sholáthar. Dheimhnigh an tAire Stáit sa Roinn Turasoíreachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an ceathrú Scéim Teanga don Roinn (An Roinn Cosanta, Scéim 2022 – 2025) agus tháinig an scéim i bhfeidhm an 2 Feabhra, 2022. Tá an Roinn feasach freisin ar na forálacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 a bhfuil sé mar aidhm aige cur leis an dul chun cinn a rinneadh faoin Acht bunaidh agus soláthar seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge a mhéadú agus a fheabhsú. Tháinig foráil nua faoin Acht sin - Alt 10(A) - i bhfeidhm an 10 Deireadh Fómhair, 2022 agus baineann an foráil sin le fógraíocht. Éilíonn sé seo go ndéanfaidh gach comhlacht poiblí ar a laghad 20% dá bhfógraíocht bhliantúil i nGaeilge agus 5% dá bhfógraíocht sna meáin Ghaeilge. Cinnteoidh an Roinn go gcomhlíonfar na forálacha seo.



PLEAN ATHNUACHANA NA STÁTSEIRBHÍSE – NA GRADAIM SÁRMHAITHEASA AGUS NUÁLAÍOCHTA

Lean an Roinn ar aghaidh le cur le forbairt agus le cur i bhfeidhm cláir athnuachana agus forbartha na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí. Chuir an Roinn trí iarratas isteach ar Ghradaim Sármhaitheasa agus Nuálaíochta na Státseirbhíse, agus chuir an Comhaonad Taighde, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta ceann amháin isteach, a bhí ar an ngearrliosta don bhabhta ceannais.

I mí an Mhárta 2022, bhuaigh an fhoireann Chosanta Gradam um Shármhaitheas & Nuálaíocht na Státseirbhíse faoin gcatagóir “Sármhaitheas ó Thaobh Daoine, Scileanna agus Forbairt Eagraíochtúil” as a gcuid oibre ar Ghníomh 10 dár Seirbhís Phoiblí (OPS) chun Bainistíocht Clár agus Tionscadal a dhaingniú ar fud na seirbhíse poiblí. Soláthraíonn an fhoireann ceannaireacht faoi láthair maidir le Líonra na mBainisteoirí Tionscadail a bhainistiú agus le comhdhálacha líonra a eagrú.



ATHNUACHAN NA STÁTSEIRBHÍSE, 2030

I rith 2022, d'oibrigh foireann na Roinne agus pearsanra Óglaigh na hÉireann le hOifig Athchóirithe agus Soláthair na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun trí chomhdháil seimineár gréasáin a éascú i rith 2022 inar phléigh aoichainteoirí agus painéalaithe príomhlimistéir théama bainistíochta tionscadal.

Leanadh le leathanaigh ghréasáin, treoracha tagartha agus cás-staidéir eiseamláireacha ÁSP a athbhreithniú agus a nuashonrú i rith 2022. Tá siad seo ar fáil ag www.ops.gov.ie.

D'oibrigh foireann na Roinne le One Learning agus lena gcomhpháirtithe oiliúna chun úsáid a bhaint as lámhleabhar agus teimpléid Bainistíochta Tionscadalmar chuid de na cúrsaí agus chuir siad le bunchúrsaí leantacha ar an mbainistíocht tionscadail ina gcuireadh an bhainistíocht tionscadail san áireamh. Tá an dá chúrsa seo ar fáil anois don fhoireann.



ATHBHREITHNIÚ INNIÚLACHT EAGRAÍOCHTA

Críochnaíodh Athbhreithniú Cumas Eagrúcháin neamhspleách (ACE) de chuid na Roinne Cosanta i mí Aibreáin 2022. Tá an próiseas ACE mar chuid de Plean Athnuachana na Státseirbhíse leanúnach, atá á mhaoirsiú ag Bord Bainistíochta na Státseirbhíse, faoi chathaoirleacht Ard-Rúnaí an Rialtais.

Mar atá an próiseas bunaithe le haghaidh athbhreithnithe den sórt sin, d'ullmhaigh an Roinn Cosanta plean forfheidhmithe chun dul i ngleic leis na moltaí sa tuarascáil. D'fhaomh an Rialtas an tuarascáil OCR agus an plean cur chun feidhme i mí Iúil 2022 agus tá siad ar fáil lena mbreathnú nó le híoslódáil ag Gov.ie.

STÁTSEIRBHÍSIGH AGUS FOSTAITHE SIBHIALTACHA

Ba é an líon foirne státseirbhíse a bhí fostaithe ag an Roinn Cosanta an 31 Nollaig 2022 395 (nó Coibhéis Lánaimseartha 381.04), lena n-áirítear 14 chomhalta foirne a d'oibrigh go díreach le hÓglaigh na hÉireann. Cuireadh 16 comórtas ar siúl in 2022 i measc réimse grád.

Fostaíonn an Roinn Cosanta foireann sibhialtach freisin ag suiteálacha éagsúla míleata chun tacú le hobair Óglaigh na hÉireann. Tá na gráid a fhostaítear leata thar réimse leathan agus áirítear leo oibríthe ceirde (Leictreoirí, Siúinéirí, Pluiméirí, Feisteoirí, Táthairí, etc.), seirbhísí (Oibríthe Ginearálta), riarachán (Cléirigh, Stórasóirí), gairmithe cúram sláinte (Oibríthe Sóisialta, Fisiteiripeoirí, Cógaiseoirí) agus gráid speisialaithe eile (Cartlannaithe, Cigirí/Teagascóirí Aerárthaí, Teicneoirí, Suirbhéirí Cainníochta, Línitheoirí).

Rinneadh 18 ceapachán sibhialtach in 2022 ó chomórtais sheachtracha agus bronnadh a 14 ardú céime inmheánacha. Cuireadh 14 chomórtas ar siúl i rith na bliana le haghaidh thart ar 100 folúntas. Ba é an líon fostaithe sibhialtacha, a bhí fostaithe ag an Roinn ag deireadh 2022, gan iad siúd a áireamh nár ceapadh iad go fóill, 424 (Coibhéis Lánaimseartha 416.44). Fostaítear fostaithe sibhialtacha chun tacú le hinniúlacht oibríochtúil Óglaigh na hÉireann agus oibríonn siad i suiteálacha míleata.

COMHIONANNAS

Leanann an Roinn uirthi ag feidhmiú i dtimpeallacht neamhleatromach de réir na nAchtanna Comhionannais agus tá sé mar aidhm aici cinnte a dhéanamh de go gcuirfear i bhfeidhm prionsabail an chomhionannais fostaíochta maidir le hearcú, ardú céime, oiliúint agus taithí oibre.

I gcomhlíonadh Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005, thug an Roinn faoin bhfostaíocht daoine faoi mhíchumas chur chun cinn agus tacú léi. Ba é an céatadán státseirbhíseach a dhearbhaigh iad féin go bhfuil siad faoi mhíchumas 4.56% agus ba é an céatadán fostaithe sibhialtacha faoi mhíchumas ag deireadh 2022 6.6%.

Is é beartas na Roinne go dtugtar comhionannas deise don fhoireann go léir agus go gcaitear mar an gcéanna le gach duine. Áirítear sa bheartas gealltanais maidir le sprioc an Rialtais a chur i bhfeidhm a bhfuil sé mar aidhm aige go líonfar le mná aon trian de na poist ar ghrád an Phríomhoifigigh Chúnta. In 2022, ba mhná iad 32% de na Príomhoifigigh agus 49% de na Príomhoifigigh Chúnta. Ar an iomlán, comhaltaí bainneanna ab ea 46% den fhoireann ag gráid an Phríomhoifigigh Chúnta agus os a chionn.

OIFIG SOLÁTHAIR AN RIALTAIS

Is príomhghné é an soláthar de chlár athchóirithe seirbhíse poiblí an Rialtais agus is cuid shuntasach den chaiteachas iomlán é. Bunaíodh an Oifig um Sholáthar Rialtais (an OSR) chun a chinntiú go ndéantar an soláthar poiblí ar bhealach comhordaithe agus éifeachtach agus go ndéantar coigiltí inbhuanaithe a bhaint amach don cháiniocóir.

I rith 2022, lean an Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann leis an bhféidearthacht chun comhoibriú feabhsaithe a bhaint amach i gcomhghníomhaíochtaí soláthair tríd an gComhairle Catagóire um an Earnáil Chosanta agus Slándála, a bunaíodh faoi choimirce an OSR. Tá an Roinn Cosanta ina cathaoirleach ar an gComhairle Catagóire seo agus déanann pearsanra ón nGarda Síochána agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann ionadaíocht di a bhfuil freagracht orthu as soláthar.

Tá ionadaíocht ag an Roinn Cosanta agus ag Óglaigh na hÉireann ar Chomhairlí Catagóire iomchuí le haghaidh punanna caiteachais eile amháil Sláinte, Oideachas agus Rialtas Áitiúil agus úsáideann siad creatchonarthaí lárnacha chun earraí agus seirbhísí is coiteann don tseirbhís phoiblí a fháil.

Déantar ionadaíocht freisin don Roinn Cosanta ar Fheidhmeannacht Soláthair an OSR ar leibhéal an Phríomhoifigigh, agus chas an grúpa seo lena chéile sé huaire le linn 2022.

Cuid 3

Aschur Oibríochtúil Óglaigh na hÉireann

SPRIOC STRAITÉISEACH

Oibríochtaí a sheachadadh go rathúil

IMLONNÚ THAR LEAR

Agus oibríochtaí thar lear á bpleanáil agus á dtacú, is cuid ríthábhachtach í Comh-rannpháirtíocht fhoireann Óglaigh na hÉireann agus na Roinne chun bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar imlonnú. Áirítear leis seo oibríochtaí ionchasacha a athbhreithniú, uainíocht a phleanáil, agus pleanáil agus oiliúint soláthair. Oibríonn an Roinn agus Óglaigh na hÉireann le chéile chun cinnte a dhéanamh de go mbaintear a oiread tairbhe agus is féidir as na roghanna atá ar fáil don Rialtas chun comhlíonadh lena dualgais idirnáisiúnta agus cuspóirí beartais eachtraigh agus chosanta na hÉireann a chur chun cinn.

D'fhóin 1,550 ball den BFC thar lear i misin éagsúla i rith 2022. I dTábla 3.1, tá miondealú le fáil ar chatagóirí misin agus imscaradh trúpaí an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig do na blianta 2020, 2021 agus 2022.



Tábla 3.1
Sonraí faoi Phostálacha Thar Lear 2020*, 2021* agus 2022

An Mísean	01 Ean 2020	31 Nol 2020	01 Ean 2021	31 Nol 2021	01 Ean 2022	31 Nol 2022
UNTSO (An Meánoirthear)	9	11	11	12	12	12
MINURSO (An Sahára Thiar)	3	1	1	0	0	0
MONUSCO (Poblacht Dhaonlathach an Chongó)	3	3	3	3	3	0
Ceanncheathrú UNIFIL (an Liobáin)	9	9	9	9	9	9
Cathlán Coisithe UNIFIL (an Liobáin)	340	337	337	342	342	336
Ceanncheathrú Earnáil Thiar UNIFIL (an Liobáin)	8	4	4	4	4	4
Grúpa Saighdiúirí Coise UNDOF (Arda Golan)	129	129	129	126	126	131
Ceanncheathrú UNDOF (Arda Golan)	8	9	9	8	8	6
EUTM (Mailí)	13	14	14	14	14	0
Fo-lomlán (NA)	522	517	517	518	518	498
EUFOR (An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin)	5	5	5	5	5	5
Cathghrúpa faoi stiúir na Gearmáine, 2020	10	10	10	0	0	0
EUTM (Mailí)	19	20	20	20	20	14
Ceanncheathrú Oibríochtaí/Ceanncheathrú ar Snámh (Ceanncheathrú Oibríocht Sophia)	3	0	0	0	0	0
Ceanncheathrú Oibríochtaí/Ceanncheathrú ar Snámh (Ceanncheathrú Oibríocht Irini)	0	3	3	3	3	3
Fo-lomlán (Mísín faoi Shainordú na NA)	37	38	38	28	28	22
Ceanncheathrú KFOR	13	13	13	13	13	12
Fo-lomlán (ECAT/PfP)	13	13	13	13	13	12
OSCE	1	1	1	1	1	1
Fo-lomlán (OSCE)	1	1	1	1	1	1
UNNY (Nua Eabhrac)*	1	1	1	3	3	3
EUMS (An Bhruiséil)	6	6	6	8	8	9
NATO/PfP (An Bheilg)	6	7	7	7	7	7
Toscaireacht na hÉireann chuig ESCE (Vín)	1	1	1	1	1	1
CBSC/CSP (An Bhruiséil)	8	8	8	8	8	8
Saineolaí Míleata C-IED, Oilúint na NA, Entebbe	0	0	0	0	1	1
Fo-lomlán (Osce / Mil. Ionadaithe / Comhairleoirí / Foireann)	22	23	23	27	28	29
Pearsanra Iomlán Thar Lear	595	592	592	587	588	562

* Áirítear leis an Maorghinearál Maureen O'Brien a d'fhóin ar iasacht leis na Náisiún Aontaithe tar éis gur cheap an NA i mar Leas-Chomhairleoir Míleata san Oifig Gnóthaí Míleata, an Roinn Oibríochtaí Síochána. Áirítear leis seo, chomh maith, mar chuid dár dtionacht i gComhairle Slándála na Náisiún Aontaithe oifigeach amháin ar chéim Leifteanant-Choirnéil a ceapadh mar Leas-Chomhairleoir Míleata le Buan-Mhisean na hÉireann leis na Náisiún Aontaithe (PMUN) i Nua-Eabhrac d'fhad bhallaíocht na hÉireann den Chomhairle Slándála ó Eanáir 2021 go Nollaig 2022

** Imlonáítear foireann shibhialta agus mhíleata araon ón Roinn agus ó Óglaigh na hÉireann go dtí oifigí CSDP/CSP agus ECAT/PfP sa Bhruiséil.







Fórsa Eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin (UNIFIL)

Bhí an méid a chuir Óglaigh na hÉireann le Fórsa Eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin (UNIFIL) faoi scáth mharú an tSaighdiúra Shingil Seán Rooney an 14 Nollaig 2022. Tá tús curtha le roinnt imscrúduithe agus tá siad ag leanúint ar aghaidh ar chúis agus imthosca a bháis.

Bunaíodh Fórsa Eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin (UNIFIL) i 1978 le haistarraingt Iosrael ón Liobáin a dheimhniú, síocháin agus slándáil idirnáisiúnta a bhaint amach arís agus cabhrú le Rialtas na Liobáine a údarás éifeachtach a bhaint amach sa limistéar arís eile. I ndiaidh chogadh Iúil-Lúnasa 2006, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe le rún 1701 a chuireann barr feabhais ar Fhórsa Eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin (UNIFIL) agus a chinn, anuas ar an mbun-sainordú, go ndéanfadh sé, i measc rudaí eile, monatóireacht ar an sos cogaidh; Fórsaí faoi Airm na Liobáine (FAL) a thionlacan agus tacú leo de réir mar a dhéantar iad a imlonnú ar fud dheisceart na Liobáine; agus chuir leis an méid cúnamh a bhí á thabhairt acu le cabhrú lena chinntiú go bhfuil teacht daonnúil ar dhaonraí sibhialtacha agus le fillleadh deonach agus sábháilte daoine a cuireadh as áit a chinntiú.



Tá an bhuíon is mó de phearsanra Óglaigh na hÉireann, ina bhfuil 350 pearsanra, imlonnaithe chuig Fórsa Eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin (UNIFIL). An 17 Bealtaine 2022, d'fhaomh an Rialtas rannpháirtíocht leanúnach Óglaigh na hÉireann in UNIFIL ar feadh thréimhse bhreise 12 mhí. Fónann buíon na hÉireann mar chuid de chomh-Chathlán na hÉireann/na Polainne, agus tá oifigigh bhreise ann ón Ungáir agus Málta. Tugann an Cathlán faoi thascanna oibríochtúla, lena n-áirítear patróil slándála, feithiclí agus ar chos a sholáthar, seicphointí, suíomhanna sealadacha breathnóireachta a bhunú agus a áitiú agus idirchaidreamh/ rannpháirtíocht le ceannairí áitiúla. Tugtar faoi chomhoibríochtaí le haonaid Fhórsaí faoi Airm na Liobáine i limistéar oibríochtaí UNIFIL. Áitíonn trúpaí Éireannacha dhá shuíomh statacha na Náisiún Aontaithe freisin ar an Líne Ghorm a dhéanann Iosrael agus an Liobáin a dheighilt. Is gnách go ndéanann pearsanra an Bhuanfhórsa Cosanta sealadócht i mBealtaine agus Samhain gach bliain. Tá an Rialtas tiomanta go tréan go fóill chun an tsíocháin agus an tslándála choimeád sa Liobáin trínár rannpháirtíocht leanúnach in UNIFIL.

Fórsa Breathnóireachta Díscóir na Náisiún Aontaithe (UNDOF)

Bhunaigh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Fórsa Breathnóireachta Díscóir na Náisiún Aontaithe (UNDOF) i mBealtaine 1974, i ndiaidh gur aontaíodh ar fhórsaí Iosrael agus na Siria in Arda Golan a dhíscor i mBealtaine 1974. Déanann UNDOF maoirseacht ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Díscóir, a dhéanann limistéar deighilte a choimeád idir na fórsaí atá 75 ciliméadar ar fad. Is é príomhchúram na buíne Éireannaí atá ag oibriú le UNDOF ná feidhmiú mar Chúltaca Taistil an Fhórsa, agus Fórsa Frithghnímh Ghasta a chur ar fáil atá ar fuireachas chun cabhrú le hoibríochtaí atá ar siúl laistigh de limistéar freagrachta UNDOF. Bhí dhá uainíocht phearsanra i rith 2022. Leanann misean UNDOF le teagmháil rialta a dhéanamh le Fórsaí Cosanta Iosrael agus le Fórsaí faoi Arm Arabacha na Siria i gcomhthéacs a ról i limistéar na deighilte, a chinntíonn slándáil agus sábháilteacht a phearsanra agus comhthuisicint faoina ról idir na páirtithe. Gné thábhachtach go fóill maidir le cobhsaíocht a chinntiú in Arda Golan agus i réigiún an Mheánoirthir is ea láithreacht leanúnach mhisean UNDOF agus tacaíonn Iosrael agus an tSiria leis seo agus cuireann siad fáilte roimhe. Tá athbhreithniú le déanamh ar imscaradh na hÉireann chuig UNDOF go luath in 2023.

Misean Ilghnéitheach Comhtháite Cobhsúcháin na Náisiún Aontaithe i Mailí (MINUSMA)

Is é Misean Ilghnéitheach Comhtháite Cobhsúcháin na Náisiún Aontaithe i Mailí (MINUSMA) misean na NA a chuireann tacaíocht ar fáil do Rialtas Mhailí maidir lena údarás a athdhearbhú ar Mhailí thuaidh. Bunaíodh MINUSMA in Aibreán 2013 chun an tír a chobhsú i ndiaidh éirí amach na dTuargach (2012). Is é ról an mhisin ná slándáil, cobhsú agus cosaint sibhialtach a chinntiú; tacú le plé agus réiteach polaitiúil; agus cabhrú le húdarás an Stáit a athbhunú, an earnáil slándála a atógáil, agus cearta daonna a chur chun cinn agus a chosaint i Mailí. Ó Mheán Fómhair 2019 go Meán Fómhair 2022 d'fhóin pearsanra d'Óglaigh na hÉireann mar chuid d'imscaradh comhpháirteach i gcomhar le Fórsaí Armtha na Gearmáine ag Camp Castor in GAO agus ag Ceannteathrú MINUSMA in Bamako, áit a ndearna siad tascanna sannta de réir shainordú an mhisin. Tháinig deireadh le rannpháirtíocht na hÉireann in MINUSMA i Meán Fómhair 2022.

Misean Oilíúna an Aontais Eorpaigh- EUTM Mhailí

Tá buíon den Bhuanfhórsa Cosanta imlonnaithe go dtí EUTM i Mailí ó mhí Márta 2013. Tá sé mar aidhm Misean Oilíúna an AE seo acmhainneacht na bhFórsaí faoi Arm i Mailí a fheabhsú chun an tslándáil a chothabháil i Mailí agus chun údarás Rialtas Mhailí mar aon le sláine chríche Stát Mhailí a athbhunú. Chinn Ballstáit an AE i mí Aibreáin 2022 soláthar na hoiliúna oibríochtúla a chur ar fionraí go sealadach d'aonaid chomhbhunaithe d'fhórsaí armtha Mhailí agus do Gharda Náisiúnta Mhailí, mar bheart in-aisiompaithe chun aon riosca clú a chosc i gcás go dtitfeadh fhórsaí cosanta agus slándála Mhailí a bhfuil teagasc AE curtha orthu faoi smacht fórsaí atá cleamhnaithe leis an Rúis nó go rachadh siad i dteagmháil le fórsaí atá cleamhnaithe leis an Rúis. Fágadh, dá réir sin, gur laghdaíodh an líon pearsanra d'Óglaigh na hÉireann a bhí ag fónamh leis an misean i rith na bliana ag teacht le riachtanais oilíúna laghdaithe sa mhisean.

Is ionann rannchuidiú reatha na hÉireann leis an misean agus ceithre phearsa déag. Laghdófar an líon sin síos go hochtar pearsanra leis an gcéad uainíocht eile de phearsanra ÓÉ i Márta 2023. Tá EUTM Mailí ina chuid dhílis de chur chuige cuimsitheach an AE maidir leis an staid i Mailí agus i réigiún na Saiheile san Afraic. Comhlánaíonn EUTM Máilí tionscadail agus gníomhaíochtaí eile an AE a dhéantar i gcomhthéacs Straitéis an AE um Shlándaíl agus Forbairt sa tSaiheil.

Fórsa an Aontais Eorpaigh (EUFOR) - An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin (BiH)

Tá oibríocht 'ALTHEA' sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin (BiH) ag díriú i gcónaí ar thimpeallacht shábháilte agus shlán a choimeád agus ag an am céanna maoirseacht a dhéanamh ar thascanna míleata a aistriú go dtí údaráis náisiúnta. Is cuid thábhachtach é an misean seo laistigh d'iarrachtaí cuimsitheacha an AE maidir le BiH chun tacú le próiseas polaitiúil atá dírithe ar BiH a chumasú, bunaithe ar athchóiriú riachtanach agus leanúint le dul chun cinn a dhéanamh i bpróiseas comhtháthaithe an AE. Imlonnaíodh cúigear ball d'Óglaigh na hÉireann go dtí ceanncheathrú an mhisin i Sairéavó i rith 2022.

Fórsa na Cosaive (KFOR)

Leanann Éire uirthi ag cur leis an Oibríocht Tacaíochta Síochána sa Chosaiv (KFOR) atá údaraithe ag na NA agus atá faoi cheannas ECAT. Bhí 13 pearsan ó Óglaigh na hÉireann ar seirbhís sa mhisean seo i rith 2022.

Eagras na Náisiún Aontaithe um Maoirseacht ar Shos Cogaidh (UNTSO)

Rinne Éire 12 phearsanra d'Óglaigh na hÉireann a imlonnú mar bhreathnóirí míleata laistigh de limistéar misin UNTSO sa Liobáin, an tSiria agus Iosrael i rith 2022.

Misean Cabhlaigh AE na Seirbhíse Cabhlaigh sa Mheánmhuir

Misean Cabhlaigh an AE faoi shainordú na NA í Oibríocht CBSC sa Mheánmhuir thoir agus tá de phríomhthasc aige lánchosc arm na NA a chur i bhfeidhm ar an Libia (trí shócmhainní aeir, satailíte agus muirí a úsáid). Tá triúr comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann ag Éirinn faoi láthair a imlonnaíodh go hOibríocht IRINI. Imlonnaíodh an pearsanra seo go dtí an Cheanncheathrú Oibríochta (CCO) sa Róimh i bpoist oifigeach foirne.



CÚNAMH DON CHUMHACHT SHIBHIALTA

Is ar an Roinn Dlí agus Cirt agus ar an nGarda Síochána atá an phríomhfhreagracht as cúrsaí slándála intíre. Cuireann Óglaigh na hÉireann Cúnamh don Chumhacht Shibhialta (CCS) ar fáil, ar iarraidh ón nGarda Síochána. I dTábla 3.2, tá forbhreathnú ar an gcineál tacaíochtaí CCS a chuir Óglaigh na hÉireann ar fáil don Gharda Síochána le linn 2022. Soláthraíonn an tábla freisin comparáid le líon na n-oibríochtaí ATCP le blianta beaga anuas.

Anuas air sin, lean na Fórsaí Cosanta ag tabhairt faoi gharda 24/7/365 lá faoi arm ag Tithe an Rialtais agus ag Príosún Phort Laoise. Eascraíonn na hoibríochtaí seo ó threoir an Rialtais seachas ó iarratas ATCP ón nGarda Síochána.

Tábla 3.2

Cúnamh do na hoibríochtaí Cumhachta Sibhialta 2019-2022

Saghas na hOibríochta CCS	Líon na nOibríochtaí			
	2019	2020	2021	2022
Misin Aonad Aerthacaíochta an Gharda Síochána	1,199	1,070	1,028	982
Patróil an Bhainc Cheannais	1,095	1,095	1,095	1,095
Dualgais slándála aerfoirt	296	178	74	104
Garda slándála táirgthe phléascaigh	365*	366*	365*	365*
Garda slándála don Bhanc Ceannais	365*	366*	365*	365*
Tionlacaithe príosúnaigh	91	29	15	11
Glaonna chuig an láthair maidir le Glaonna Amach um Ordánais Phléascacha	88	81	76	61
Oibríochtaí tumtha na Seirbhíse Cabhlaigh	7	5	2	4
Coimhdeachtaí pléascacha	5	7	3	2
Tionlacaithe Airgid faoi bhealach EURO	5	6	3	6
Garda ospidéal	5	3	2	0
Cuartheanna daoine móra le rá	3	1	0	1
Oibríochtaí cuardaigh (agus Tacaíocht eile ASG an Airm)	15	12	16	33**
An tAerchór (Eile)	2	9	5	7
An tAerchór (Eitilte Aisdúchithe)	-	-	15	4
An tSeirbhís Chabhlaigh (Eile)	-	-	2	1
Iomlán	3,541	3,228	3,066	3,041

* Tagraíonn seo do laethanta

** Leagtar amach Oibríochtaí cuardaigh (agus Tacaíocht eile ASG an Airm) i dTábla 3.3

Tábla 3.3

Sonraí faoi thacaíocht CCS an Airm ar oileán:

Dátaí	Láithreacha	Tasc	Laethanta Iomlána Pearsanra
14 Ean 22	Ceantar an Mháma, Co. na Gaillimhe.	Cuardach i ndáil le Duine ar Iarraidh	12
18 Ean 22	Machairí an Churraigh/laistigh de theorainneacha an ATÓÉ	Cuardach i ndáil le Duine ar Iarraidh	6
27 Ean 22	Ceantar an Mháma, Co. na Gaillimhe.	Cuardach i ndáil le Duine ar Iarraidh	25
25 Márta 22	Dubhabhainn, Ard na Croise, Co. Luimnigh	Iarraidh ar chuardach talún ag an GS	7
05-08 Aib 22	Ceantar an Mháma, Co. na Gaillimhe.	Cuardach i ndáil le Duine ar Iarraidh	18
06 Aib 22	An Ceantar de Chorcaigh Thuaidh idir Mainistir Fhear Maí agus Baile Chaisleáin an Róistigh	1 BDE ENG Tacaíocht AGS ag baint úsáide as teicneolaíocht dróin	2
11 Aib 22	Lár Chathair Bhaile Átha Cliath	Tacaíocht don AGS le haghaidh Agóide Tiománaithe leoraí i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath	4
15 Aib 22	Cnoc an tSamhraidh Cluain Lára Co. an Chláir	Iarraidh ar chuardach talún ag an GS	16
03 Bea 22	An Coireán Co. Chiarraí	Iarraidh ar chuardach talún ag an GS	3
16 Bea 22	Ceantar Chorcaí Thuaidh	Iarraidh ar chuardach talún ag an GS	2
27 Bea 22	Ceantar Chorcaí Thuaidh	Iarraidh ar chuardach talún ag an GS	2
20 Meith 22	Ceantar Chorcaí Thuaidh	Iarraidh ar chuardach talún ag an GS	19
08 Iúil 22	Ros Neamhlach Co. Dhún na nGall	Paráid Oráiste Sp AGS	29
14 Iúil 22	Láithreán Staid Lána an Earraigh Co. Chorcaí	Iarraidh ar chuardach talún ag an GS	3
16 Iúil 22	Ceantar Chorcaí Thuaidh	Oib Chuardaigh Chorcaí Thuaidh	14
25 Lún 22	Ceantar Chorcaí Thuaidh	Iarraidh ar chuardach talún ag an GS	6
08 MF 22	Cill Airne, Co. Chiarraí	Iarraidh ar chuardach talún ag an GS	4
14 MF 22	Ceantar Chorcaí Thuaidh	Iarraidh ar chuardach talún ag an GS	3
19 DF 22	Cill Airne, Co. Chiarraí	Iarraidh ar chuardach talún ag an GS	6
21 DF 22	Sligeach	Cuardach i ndáil le Duine ar Iarraidh	22
25 DF 22	Mhainistir Fhear Maí Co. Chorcaí	Iarraidh ar chuardach talún ag an GS	2
28 DF 22	Raitín Cionn Átha Gad An Iarmhí	Iarraidh ar chuardach talún ag an GS	19
10 Sam 22	Corcaigh Thuaidh Dún ar Aill	Iarraidh ar chuardach talún ag an GS	24
07 Noll 22	Cluain Meala	Iarraidh ar chuardach talún ag an GS	18
Iomlán			266


CÚNAMH DON ÚDARÁS SIBHIALTA

Cuireann Óglaigh na hÉireann réimse róil tacaíochta ar fáil do na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha ábhartha (an tÚdarás Áitiúil ábhartha, an Garda Síochána agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte). Cuireann an creat Bainistíochta Móréigeandála ar chumas na bPríomhghníomhaireachtaí Freagartha freagairt chomhordaithe a ullmhú agus a dhéanamh i leith móréigeandálaí a eascraíonn as imeachtaí cosúil le dóiteáin, timpistí iompair, teagmhais substainte guaisí agus dianaimsir.

Maidir le héigeandálaí nach mbaineann le slándáil, cé nach gníomhaireacht freagartha iad Óglaigh na hÉireann, go príomha, faoi mar a shainmhínítear sa Chreat um Bainistíocht Móréigeandála, cuireann siad an méid is mó cúnamh agus is féidir ar fáil don Roinn Cheannais chuí i gcás tubaiste nádúrtha nó cás éigeandála in ról CÚS. Ina thaobh seo, tá an raon iomlán phearsanra agus threalamh Óglaigh na hÉireann ar fáil, de réir riachtanais oibríochtúla, le haghaidh imlonnú. Tá raon leathan gléasra agus trealaimh innealtóireachta agus iompair ag Óglaigh na hÉireann atá oiriúnach le húsáid i gcásanna éigeandála agus cuirtear iad seo ar fáil, laistigh de na hacmhainní agus na hacmhainní reatha, de réir mar is gá.

Na tacaíochtaí CÚS nach mbaineann le COVID-19 a chuir Óglaigh na hÉireann ar fáil le linn 2022 lena n-áirítear tógáil droichead bábhún sealadach ag trasnú Abhainn na Bóinne i gCo. na Mí tar éis tuilte; mhúchadh criúnna AC i gCill Mhantáin agus i mBaile Átha Cliath tinte aiteann agus cúnamh d'imeacht carthanachta i gCo. Mhaigh Eo. Tá mionsonraí ar thacaíochtaí CÚS leagtha amach i dTábla 3.4.

Chuir Óglaigh na hÉireann pearsanra agus saineolas ar fáil freisin a thacaigh le hlonad Náisiúnta Cíbearshlándála na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.



Tábla 3.4
Sonraí faoi thacaíochtaí CÚS

Dátaí	Láithreacha	Tasc	Laethanta lomlána Pearsanra
24-Már-22	Béal Easa, Co. Mhaigh Eo	Comhrac Dóiteáin, Fuireachas	3*
02-Aib-22	Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo	Téigh ag Dreapadh le Charlie - Cruach Phádraig	28
19-Iúil-22	Coillte an Chorráin, Co. Chill Mhantáin	Comhrac Dóiteáin	3*
26-Iúil-22	Cill Iníon Léinín, Co. Bhaile Átha Cliath	Comhrac Dóiteáin	3*
20-Lún-22	Béal na Blá, Co. Chorcaí	Comóradh	9
19-22 MF 22	An Bhóinn, Co. na Mí	Droichead Sealadach Bailey ag trasnú na Bóinne tar éis tuilte.	100
Iomlán			146

* Foireann Héileacaptair an AC

OIBRÍOCHT FORTITUDE - CÚS – TACAÍOCHTAÍ UM COVID-19

Anuas ar CÚS a sholáthar don Gharda Síochána agus páirt a ghlacadh in oibríochtaí thar lear, lean Óglaigh na hÉireann le hacmhainneacht borrrha a sholáthar d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) i rith 2022 mar chuid den fhreagairt náisiúnta do COVID-19.

Bunáiodh Comh-Thascfhórsa (CTF) chun rannchuidiú Óglaigh na hÉireann le freagairt uile-rialtais do COVID-19 ag tús phaindéim COVID-19 i Márta 2020. Tá an t-údarás aige rannchuidiú ghnéithe uile Óglaigh na hÉireann – an tArm, an tAerchór, an tSeirbhís Chabhlaigh agus an Cúltaca etc. a thabhairt le chéile ar chomhbhealach. Rinneadh foráil dó sin i Rialachán um Óglaigh na hÉireann arna shíniú ag an Aire Cosanta agus faoina údarás.

Thug Comh-Thascfhórsa Óglaigh na hÉireann tús áite riamh anall do thacaíocht a sholáthar d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), agus acmhainnteagmhasachta á coimeád, ag gach tráth, chun Cúnamh eile a sholáthar do thacaíocht an Údaráis Sibhialta.

Lean an CTF le acmhainn ÓÉ a chomhordú i rith 2022 agus tacaíocht á soláthar faoi cheathair phríomhtheideal oibríochtúla: Tástáil, Rianú, Vacsaíniú agus Lóistíocht. I gcaitheamh 2022, caitheadh 7,840 lá oibre ÓÉ ar imlonnú (13,485 lá tiomnaithe oibre), 1,810 gluaiseacht feithiclí agus 15 eitilt an Aerchoir ón iarracht seo, faoi mar a shonraítear i dTábla 3.5.

Tábla 3.5
Tacaíochtaí COVID-19 - Aschur Oibríochtúil 2022

Teideal Oibríochtúil	Pearsanra ÓÉ a Imlonnaíodh	Pearsanra Chúltaca ÓÉ*	Pearsanra ÓÉ a Cuireadh ag Oibriú	Feithicil ÓÉ a Cuireadh chun Feidhme	Eitiltí an AC	Laethanta Loinge an SC
Oibríochtaí Tástála	1,406	59	2,758	456	15	0
Oibríochtaí Rianaithe	1,078	0	2,143	75	0	0
Oibríochtaí Vacsaínithe	3,015	10	6,028	1,188	0	0
Oibríochtaí Lóistíochta	2,341	239	2,556	91	0	0

* Curtha san áireamh sna figiúirí 'Pearsanra ÓÉ a Imlonnú'

Tástáil

Tiomnaíodh 1,406 lá oibre imlonnaithe ÓÉ, ar an iomlán, d'oibríochtaí Tástála in 2022.

Imscaradh suas le 15 Chéad Fhreagróir Míleata go laethúil mar thástálaithe maipín thar 17 n-ionad náisiúnta tástála. Cuireadh deireadh le tacaíocht ó ÓÉ d'ionaid náisiúnta tástála an 4 Márta 2022. Soláthraíodh 15 eitilt AC chun eiseamail tástála COVID-19 a iompar thar lear le haghaidh anailíse.

Rianú

Tiomnaíodh 1,078 lá oibre imlonnaithe ÓÉ, ar an iomlán, d'oibríochtaí Rianaithe Teagmhálaithe in 2022. Coimeádadh suas le 30 líne rianaithe teagmhálaithe, 10 gcinn i ngach láthair i nDún Mhic Stiofáin, Cill Chainnigh (an 1ú Bhriogáid), Campa Fionnabhair, Dún na nGall (an 2ra Briogáid) agus Foirgneamh Eir i mBaile Átha Cliath (ATÓÉ agus an AC). Cuireadh deireadh le hoibríochtaí Rianú Teagmhálaithe ÓÉ an 19 Feabhra 2022.

Vacsaíniú

Tiomnaíodh 3,015 lá oibre imlonnaithe ÓÉ, ar an iomlán, d'oibríochtaí Vacsaínithe in 2022. Rinne Óglaigh na hÉireann a mhéid le 14 pearsanra a imlonnú go laethúil ar fud 16 Clinic Vacsaínithe Láraithe i róil tacaíochta lóistíochta. Rinneadh pearsanra ÓCT a imlonnú mar vacsaíneoirí ag Clinic Iarthar na Cathrach. Cuireadh deireadh le hoibríochtaí vacsaínithe DF an 27 Bealtaine 2022.

Lóistíocht

San iomlán, tiomnaíodh 2,341 lá oibre imlonnaithe ÓÉ do lóistíocht agus do thacaíochtaí eile le linn 2022, lena n-áirítear:

- » Otharcharranna ÓÉ a imlonnú chun tacú le FSS/an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna (NAS), rud a d'fhág gur tabhaíodh 102 lá oibre imlonnaithe agus 51 lá Otharcharr Éigeandála ÓÉ.
- » Pubaill a sholáthar chuig Ionaid Tástála COVID-19 agus láithreacha Vacsaínithe. Rinneadh breis agus 240 imlonnú go dtí seo ar ábhair phubaill ÓÉ. Cuireadh an tionóntacht ar fad ar ais chuig DF le linn 2022. 136 lá oibre ÓÉ agus 40 gluaiseacht feithicle tiomnaithe d'oibríochtaí Pubaill in 2022.

OIBRIÚCHÁN FAIRWAY - CÚS – TACAÍOCHT ÓÉ D'ÚDARÁS AERFORT BHAILE ÁTHA CLIATH

Ag cruinniú Comh-aireachta i mí an Mheithimh 2022, thacaigh an Rialtas le hiarratas ón Aire Iompair go gcuirfí oiliúint agus deimhniú ar chomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann agus go mbeadh siad ar fuireachas chun cabhrú le hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (daa) le soláthar eitlíochta dualgais slándála ag Aerfort Bhaile Átha Cliath más gá, mar ghníomh gearrthéarmach teagmhasach a bhaineann le héigeandáil. Cuireadh tús le hoiliúint do 19 pearsanra ÓÉ mar oiliúnóirí ar an 30 Meitheamh 2022, agus ina dhiaidh sin thosaigh an pearsanra sin ag teagasc pearsanra DF an 4 Iúil 2022. San iomlán, fuair 166 pearsanra ÓÉ oiliúint. Cuireadh suas le 43 pearsa ar fuireachas laethúil le himscaradh go hAerfort Bhaile Átha Cliath idir an 6 Iúil agus an 15 Lúnasa 2022 (40 lá san iomlán). Tháinig deireadh leis an tacaíocht an 15 Lúnasa nuair a bhí tréimhse ghnóthach na saoire thart.

Gheall an daa costais iomlána an tsoláthair seirbhíse a íoc leis an Roinn Cosanta, lena n-áirítear costais tuarastail, liúntais, costais oiliúna, deimhniúcháin agus bainistíochta a bhaineann le pearsanra Óglaigh na hÉireann a bheith ar fuireachas. Tá na costais go léir ina leith leis seo aisíochta ón daa.

Chomhordaigh an Comh-Thasfórsa cumas ÓÉ le linn tacaíocht a sheachadadh faoi dhá phríomh-cheannteideal oibríochta: Traenáil agus Fuireachas. Theastaigh 2,118 lá oibre imlonnaithe ÓÉ (3,778 lá oibre tiomanta), agus 127 gluaiseacht feithicle mar a shonraítear i dTábla 3.6.

Tábla 3.6
Tacaíocht ÓÉ don daa - Aschuir Oibríucháin 2022

Teideal Oibríochtuil	Pearsanra ÓÉ a Imlonnaíodh	Pearsanra Chúltaca ÓÉ*	Pearsanra ÓÉ a Cuireadh ag Oibríú	Feithicil ÓÉ a Cuireadh chun Feidhme	Eitiltí an AC	Laethanta Loinge an SC
daa ÓÉ Oiliúint agus Measúnú Riosca	458	0	458	26	0	0
ÓÉ ar Fuireachas	1,660	0	3,320	101	0	0
Oibríocht Fairway, Iomlán, 2022	2,118	0	3,778	127	0	0

* Curtha san áireamh sna figiúirí 'Pearsanra ÓÉ a Imlonnú'

ÓIBRÍOCHT FÁILTE - CÚS - TACAÍOCHT ÓÉ DON ROINN LEANAÍ, COMHIONANNAIS, MÍCHUMAIS, LÁNPHÁIRTÍOCHTA AGUS ÓIGE

An 17 Márta 2022, mar chuid d'fhreagra an Rialtais iomláin ar an gcogadh sa Úcráin agus iar iarratas a fháil ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMÍÓ), iarradh ar Óglaigh na hÉireann cuidiú leis an bhfreagra arna thabhairt don líon mór Tairbhíthe Cosanta Sealadacha ón Úcráine (TCS) a theacht i dtír.

Chomhordaigh an CTF freagairt an DF, ag tabhairt tacaíochta faoi thrí phríomh-cheannteideal oibríochta: Ionaid Glaonna Cóiríochta Gheallta, Cóiríocht TCS, agus Lóistíocht. I gcaitheamh 2022, bhí 3,429 lá oibre ÓÉ ar imlonnú (3,694 lá tiomnaithe oibre) agus 354 gluaiseacht feithiclí ag teastáil ón iarracht seo, faoi mar a shonraítear i dTábla 3.7.

Ionaid Glaonna Cóiríochta Geallta

San iomlán, tiomnaíodh 943 lá oibre imlonnaithe ÓÉ d'oibríochtaí Lárionad Glaonna chun tacú le Crois Dhearg na hÉireann (IRC) in 2022. Coinníodh suas le 40 líne theileafóin um Chóiríocht Gheallta ar fud 2 shuíomh: Dún Uí Choileáin, Corcaigh (1 Bde) agus Campa Fionnabhair, Dún na nGall (2 Bde). Chuir ÓÉ 17,588 glao ar Lóistín Gheallta i gcrích agus cuireadh 4,747 sonraí réadmhaoine ar aghaidh chuig an IRC. Cuireadh deireadh le hoibríochtaí Lárionad Glaonna ÓÉ an 6 Bealtaine 2022.

Thairbhíthe Cóiríochta um Chosaint Shealadach (TCS)

San iomlán, tiomnaíodh 2,139 lá oibre imlonnaithe ÓÉ agus 325 gluaiseacht feithicle d'oibríochtaí Cóiríochta TCS in 2022.

- » Cuireann ÓÉ áiseanna ar fáil i nDún Bhaile an Mhuilinn, Trá Lí le húsáid mar Ionad Cóiríochta le toilleadh do suas le 62 TCS.
- » Cuireann ÓÉ lóistín ar fáil ag Campa Chill Bhríde do suas le 76 TCS. Rinneadh freastal ar an gcéad TCS an 9 Samhain 2022.
- » Thógáil ÓÉ Ionad Cóiríochta agus Fáiltithe Éigeandála (EARC) atá in ann freastal ar suas le 320 TCS i pubaill ÓÉ ag Campa Bhaile Mhic Gormáin. Bhí an EARC i bhfeidhm idir 19 Iúil agus 7 Deireadh Fómhair 2022.
- » An 20 Iúil 2022, chríochnaigh ÓÉ imscaradh 13 puball MPTSS a bhí in ann freastal ar suas le 104 iarratasóir ar Chosaint Idirnáisiúnta ag Ionad Cóiríochta Chnoc an Lisín.

Tábla 3.7

Tacaíocht ÓÉ um COVID-19 do DCEDIY - Aschuir Oibríocháin 2022

Teideal Oibríochtuil	Pearsanra ÓÉ a Imlonnaíodh	Pearsanra Chúltaca ÓÉ*	Pearsanra ÓÉ a Cuireadh ag Oibríú	Feithicil ÓÉ a Cuireadh chun Feidhme	Eitiltí an AC	Laethanta Loinge an SC
Oibríochtaí Lárionad Glaonna	943	0	943	0	0	0
Oibríochtaí Lóistín	2,139	1	2,404	325	0	0
Oibríochtaí Lóistíochta	347	0	347	29	0	0
Oibríocht Fáilte Iomlán 2022	3,429	1	3,694	354	0	0

Lóistíocht

San iomlán, tiomnaíodh 347 lá oibre imlonnaithe DF agus 29 gluaiseacht feithicle d'oibríochtaí Lóistíochta in 2022, lena n-áirítear:

- » Stórais FSS a luchtú agus a iompar ó Bhaile na gCros go dtí Ionad Cóiríochta Iarthar na Cathrach.
- » Coimeádán stórála ÓÉ a sholáthar agus a iompar go Iarthar na Cathrach.
- » Meithleacha oibre ÓÉ a sholáthar chun cuidiú le feistiú na cóiríochta ag Iarthar na Cathrach.
- » Suas le 3 phearsanra ÓÉ a chur ar fáil in aghaidh an lae i ról bainistíochta saoráidí ag Iarthar na Cathrach.
- » Siopaí FSS a luchtú agus a iompar ó Bhaile na gCros agus ó Chill Dhéagláin go EARC Bhaile Mhic Gormáin.
- » 500 mála codlata ÓÉ a sholáthar do DCEDIY.

Oibríochtaí an Aerchóir

In 2022, d'úsáid an tAerchór sócmhainní sciatháin sheasta chun tabhairt faoi misean iompair mhíleata ina raibh gluaiseacht phearsanra Óglaigh na hÉireann i gceist (MEDEVAC san áireamh), agus trealamh do mhisin Thar Lear d'Óglaigh na hÉireann.


I measc na dtacaíochtaí eile, rinne an tAerchór aershócmhainní a imlonnú chun cabhrú le húdarais shibhialta tinte aittinn a chomhrac i gCill Mhantáin agus i mBaile Átha Cliath i rith 2022. Mar chuid den imlonnú seo, scaipeadh 46,800 lítear uisce tríd an "Buicéad Bambi" a dhírigh an t-uisce ar limistéir bheaga, a d'imir tionchar láithreach ar fhalscaithe.

Cuirtear sonraí ar fáil i gCairt 3.1 faoi oibríochtaí CÚS faoinar thug an tAerchór i rith 2022, agus cuirtear sonraí ar fáil freisin don bhliain 2021 agus 2020 ar mhaithe le comparáid a dhéanamh. Áirítear leis na misin siúd tacaíocht chuardaigh agus tarrthála le Garda Cósta na hÉireann, boscaí ballóide a sholáthar agus a bhailiú go dtí agus ó na hoileáin, misin faoisimh ó thuilte, freagairt do thimpistí móra, tinte aittinn, suirbhéireachtaí portaigh agus suirbhéireachtaí fiadhúlra.

Cuimsíonn na misin sin freisin an tSeirbhís Aerárthach Othar, seirbhís idir-ospidéal a sholáthraíonn d'aistrithe éigeandála othar agus iompar foirne éigeandála um aisghabháil orgán, agus aistrithe orgán um thrasphlandú péidiatraiceach chuig an RA. Tá Deasc Aeraileighis FSS ina Ionad Oibríochtaí Éigeandála Náisiúnta freagrach as comhordú a dhéanamh ar na socrúithe iompair do na hothair seo.

Cairt 3.1

Sonraí faoi mhisin cúnaimh shibhialta a d'eitil an tAerchór le linn 2020, 2021 agus 2022



NÓTA: Tháinig laghdú suntasach ar mhisin chúnaimh do 2022. Baineann sé seo leis an bhfíric gur cuireadh deireadh le heitiltí do samplacha tástála COVID-19 go dtí an Ghearmáin agus seachadtaí vacsaínithe chuig na hOileáin ag deireadh 2021.



OIBRÍOCHTAÍ CÚS NA SEIRBHÍSE CABHLAIGH

Seo a leanas sonraí faoin leibhéal tacaíochta a thug an tSeirbhís Chabhlaigh (an SC) d'údaráis shibhialta, ranna rialtais agus gníomhaireachtaí stáit eile san áireamh, in 2022:


- » Ghníomhaigh an LÉ JAMES JOYCE i ndáil le cadhcóir amháin a bhí i bpríacal, agus d'éirigh leis an iarracht.
- » Thug an LÉ JAMES JOYCE freagra do Pan-Pan ó Gharda Cósta na hÉireann, chlis ar an inneall agus bhí comharthaí dóiteáin.
- » An LÉ SAMUEL BECKETT MRCC ag glacadh cúraim chun cúnamh a thabhairt do FV PIEDRAS 65 Míle Muirí Thiar-Dheas ó Cheann Mhálanna. Theip an t-inneall ar ártach agus bhí sé ag lígean uisce isteach.
- » Thug an LÉ JAMES JOYCE freagra do Pan-Pan ó Gharda Cósta na hÉireann, duine ag snámh ar iarraidh i gCuan Bheanntaí.
- » D'fhreagair LÉ WILLIAM BUTLER YEATS Teagmhas SAR – LÁ BEALTAINE, Luamh i dTrioblóid.
- » Bhí an Comhthascfhórsa ar dhrugaí i bhfeidhm agus is comhiarracht é idir an NS, an tAerchór, na Coimisinéirí Ioncaim agus an AGS. Rinneadh cleachtadh oiliúna amháin in 2022.
- » Thug an tSeirbhís Chabhlaigh deich gcuairt ar chalafoirt eachtracha in 2022 lena n-áirítear cinn san RA, sa Fhrainc, sa Phortaingéil, sa Spáinn, san Ísiltír, sna SAM agus i gCeanada.

COSAINT IASCAIGH


Bhí seirbhísí cosanta iascaigh a cuireadh ar fáil le linn 2022 bunaithe ar aschuir a aontaíodh leis an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara (ÚCIM). Bhí aschuir rathúla mar thoradh air seo le linn 2022, agus bhí trí choinneáil agus naoi sárú braithe. Le linn na bliana, rinne an tSeirbhís Chabhlaigh 702 lá patróil iascaireachta san iomlán agus rinne an tAerchór 97 patról ar leithligh. In 2022, chríochnaigh aon CASA CN235 amháin tréimhse chothabhála phleanáilte shuntasach thar roinnt míonna agus laghdaigh sé seo ar a sheal infhaighteacht chun cabhrú leis an tSeirbhís Chabhlaigh ar patról.

I gCairt 3.2.1 agus 3.2.2 agus Tábla 3.8 tugtar sonraí faoi ghníomhaíochtaí patróil an Aerchoír agus na Seirbhíse Cabhlaigh i rith 2022 agus sonraí le haghaidh 2020 agus 2021 curtha ar fáil freisin ar mhaithe le comparáid.

Cairt 3.2.1
Patróil lascaigh an Aerchoír 2020 - 2022
Líon Misean



Cairt 3.2.2
Patróil lascaigh an Aerchoír, 2020 - 2022
Líon lomlán na n-Uaireanta Eitilte



Tábla 3.8

Sonraí faoi ghníomhaíocht cosanta iascaigh na Seirbhíse Cabhlaigh le linn 2020, 2021 agus 2022

Náisiúntacht	Dearthaí			Bordála			Coinneáil			Sáruithe		
	2020	2021	2022	2020	2021	2022	2020	2021	2022	2020	2021	2022
Éireannach	632	590	559	145	94	168	10	6	2	4	8	8
Spáinneach	218	206	156	52	94	58	0	2	0	4	5	0
RA	91	79	102	32	16	26	0	0	0	2	2	0
Francach	207	194	190	68	56	65	5	1	1	5	0	1
Beilgeach	7	28	55	4	8	21	0	1	0	0	1	0
Gearmánach	2	2	1	2	0	0	1	0	0	0	0	0
Ollannach	9	12	9	4	6	1	0	0	0	0	0	0
Portaingéalach	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
Rúiseach	2	4	2	1	2	1	0	0	0	0	0	0
Ioruach	0	12	16	0	7	10	0	0	0	0	0	0
Faróch	0	2	0	0	1	0	0	0	0	0	0	0
Liotuánach	0	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
Polainneach	1	1	1	1	0	0	0	0	0	0	0	0
Graonlannach	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
Eastónach	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
Iomlán	1,169	1,131	1,091	309	284	350	16	10	3	15	16	9




ATHBHREITHNIÚ AR AN TSEIRBHÍS TACAÍOCHTA AERLEIGHIS ÉIGEANDÁLA


Tacaíonn an tAerchór le seirbhís Tacaíochta Éigeandála Aerleighis (TAÉ) FSS. Bunaíodh an tseirbhís ar bhonn buan tar éis chinneadh Rialtais i mí Iúil 2015, faoi réir athbhreithniú leanúnach i gcomhthéacs socrú seirbhíse inbhuanaithe, fadtéarmach a chinntiú. Ag teacht leis an gcinneadh seo, tá Tionscadal Páipéar Bán Uimh. 16 idir lámha faoi láthair chun an t-athbhreithniú sin a chur i gcrích. Cuirfidh Comhfhoreann Thionscadal an Pháipéir Bháin shibhialta/mhíleata a tuarascáil deiridh i láthair in 2023, a chuireadh anailís mhionsonraithe ar an tseirbhís reatha agus molfaidh sraith moltaí le haghaidh gníomhaíochtaí amach anseo chun soláthar seirbhíse TAÉ inbhuanaithe agus athléimneach a chinntiú don todhchaí.

AN TSEIRBHÍS TACAÍOCHTA AERLEIGHIS ÉIGEANDÁLA (TAÉ)


Cuirtear sonraí ar fáil sna cairteacha faoi leibhéil soláthair seirbhíse thacaíocht an Aerchóir a tugadh do sheirbhís Tacaíochta Aeraileighis Éigeandála (TAÉ) FSS a oibríonn ar bhonn laethúil as Dún Chostúim, Baile Átha Luain. Cuireann an tseirbhís sin iompar tapa othar chuig saoráid chúí ar fáil áit nach mbeadh an t-am a thógfadh iompar ar talamh inghlactha go cliniúil, mar gheall ar riocht an othair agus a troime. Tugtar treoir go ndéanfar cinneadh an tSeirbhís TAÉ a chur i bhfeidhm leis na critéir tascála cliniúla TAÉ, de réir mar a bhfuil Stiúirthóir Leighis sa tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna.




Cairt 3.3.1
Sonraí faoi Mhisin TAÉ arna gcríochnú le linn 2022 (Aerárthach AW 139)



Cairt 3.3.2
Comparáid idir Uaireanta Eitilte Iomlán Oibríochtúil ar Mhisin TAÉ*
* Áirítear leis misin nuair a scoireadh an AW139 de bheith curtha síos



Cairt 3.4.1
Cineál na Misin TAÉ a tógadh chun críche le linn 2022




Cairt 3.4.2
Líon agus Cineál na Misin TAÉ a críochnaíodh, 2020 - 2022

SEIRBHÍS AERIOMPAIR D'AIRÍ

Soláthraíonn an tAerchór Seirbhís Aeríompair d'Airí chun cabhrú leis an Uachtarán agus le comhaltaí an Rialtais chun a gcuid gealltanais a chomhlíonadh sa bhaile agus thar lear. Tá eolas maidir le heitiltí Aeríompair an Aire ar fáil go poiblí trí nasc dar teideal “Eolas a Fhoilsítear go Rialta” ar láithreán gréasáin na Roinne Cosanta, a dhéantar a nuashonrú ar bhonn míosúil: <https://www.gov.ie/en/organisation-information/e8132-routinely-published-information/>

I gCairt 3.5, tá sonraí achoimre maidir le 2022 agus sonraí cosúla curtha ar fáil le haghaidh 2020 agus 2021 chun críocha comparáide.



Cairt 3.5

An Líon Misin SAIA a rinneadh de réir saghas aerárthaigh 2020 -2022

GRÚPA ATHBHREITHNITHE SHEIRBHÍS AERIOMPAIR AN AIRE

Cuireann Learjet 45 Seirbhís Aeriompair an Aire (SAIA) ar fáil faoi láthair, a bhfuil deireadh a saolré ag druidim leis. Ar an ábhar sin, bunaíodh grúpa oifigeach idir-rannach ardleibhéal (Grúpa Athbhreithnithe SAIA) faoi chathaoirleacht na Roinne Cosanta in 2021. Ba é an ról a bhí ag an gGrúpa scrúdú a dhéanamh ar roghanna chun seirbhís aeriompair neamhspleáchidirnáisiúnta a sholáthar amach anseo a úsáidfidh an tUachtarán, an Taoiseach agus comhaltaí eile an Rialtais. Agus na roghanna éagsúla á scrúdú ag an nGrúpa, le cúnamh ó PriceWaterhouseCoopers Consultants a rinne measúnú airgeadais mionsonraithe agus measúnú eacnamaíoch de réir cheanglais an Chóid Caiteachais Phoiblí, bhreithnigh an Grúpa conas is féidir gach rogha a sholáthar, chomh maith leis na costais a bhaineann leo, agus éifeachtúlacht agus oiriúnacht gach rogha. Rinneadh cumas an aerárthaigh chun tabhairt faoi ról níos fairsinge fóntais i dtaobh tascanna agus fad taistil (níos faide i gcéin ná an Eoraip) a scrúdú freisin.

In 2022, rinne Grúpa Athbhreithnithe SAIA moltaí chun aerárthach a chur in ionad Learjet 45 a sholáthraíonn ról fóntais leathan, lena n-áirítear teacht straitéiseach i gcásanna géarchéime agus aslonnú leighis, chomh maith le hAeriompar Aireachta. Ghlac an tAire Cosanta leis na moltaí seo, agus rachaidh an tionscadal ar aghaidh go dtí an chéim soláthair in 2023. Breathnóidh an soláthar ar chumas athsholáthair nua agus athlámhe araon, agus beidh toradh aon chomórtais soláthair faoi réir tuilleadh plé agus breithnithe ag teacht ar aon dul leis an gCód Caiteachais Phoiblí.

SCOIL EACHAÍOCHTA AN AIRM

In 2022, bhí Scoil Eachaíochta an Airm (SEA) san iomaíocht in 10 Seó Idirnáisiúnta Capall; d'éirigh leis an scoil dhá rang idirnáisiúnta a bhuanach agus sé áit sa trí áit is fearr a bhaint amach. Anuas air sin, ghlac Scoil Eachaíochta an Airm páirt i mbreis agus 60 comórtas náisiúnta ar fud; agus an comórtas ag an Dublin Horse Show ag an RDS mí Lúnasa ina measc. Ba é buaicphointe an tséasúir ná roghnú an Cheannfoirt Geoff Curran agus Ceathrú an Easpaig a bhuaigh an duais puissance ag Seó Capall na Bliana sa RA.

Le linn 2022, cheannaigh SEA trí chapall nua agus fuair siad dhá chapall nua ar iasacht, agus bhí 39 capall ag an Scoil Eachaíochta ina dhiaidh sin ag deireadh na bliana. Tá 34 capall á dtraenáil faoi láthair, agus úsáidtear capall amháin le haghaidh traenáil ghrúmaera agus paráidí agus tá ceithre cinn ar scor. Bhí líon 32 pearsanra ag an Scoil Eachaíochta, ina raibh ochtar Oifigeach Coimisiúnaithe (cúigear Oifigeach Marcaíochta ina measc), ochtar Oifigeach Neamhchoimisiúnaithe agus 16 Saighdiúir Singil.





SEIRBHÍSÍ SEARMANAIS

Imríonn an Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann ról thar a bheith suntasach agus suntasach i go leor searmanais chomórtha Stáit.

Ghlac Scoil Cheoil Óglaigh na hÉireann (SCÓÉ) páirt i 372 imeacht san iomlán in 2022, lena n-áirítear 29 searmanas suntasach Stáit, 142 searmanas míleata agus 12 Aithris Phoiblí a cuireadh ar fáil saor in aisce chun tacú le himeachtaí pobail áitiúla. Ghlac Óglaigh na hÉireann páirt i 11 shearmanas in Áras an Uachtaráin inar bhronn 33 Ambasadóir san iomlán a nDintíúir Oifige ar Uachtaráin na hÉireann. I gcaitheamh 2022, thug baill d'Óglaigh na hÉireann faoi dhualgais éagsúla searmanais agus tacaíochta eile ar fud na tíre chun tacú le himeachtaí Stáit agus searmanais eile mar atá mionsonraithe i dTábla 3.9.

Tábla 3.9

Sonraí faoi ról Óglaigh na hÉireann in ócáidí searmanais Stáit agus Airm le linn 2022

Dáta	Imeacht	Líonta na mBall de ÓÉ
16 Ean 22	Aistriú seilbh Chaisleán Bhaile Átha Cliath	150
10 Fea 22	Cuairt CEUMC	68
01 Fea 22	Bronnadh na nDintíur	69
16 Fea 22	Bronnadh na nDintíur	69
14 Márta 22	Athbhreithniú an Aire ar an 65ú Grúpa Coisithe UNDOF	119
17 Márta 22	Tionlacan Onóra Lá Fhéile Pádraig	27
31 Márta 22	Bronnadh na nDintíur	69
05 Aib 22	Searmanas Coimisiúnaithe na nDaltaí	120
14 Aib 22	Athbhreithniú an Aire ar an 120ú Cathlán Coisithe, UNIFIL	200
17 Aib 22	Comóradh Domhnach Cásca	205
17 Aib 22	Searmanas Leagadh Fleasc Ghlas Naíon	10
04 Bea 22	Comóradh Cheannairí 1916, Cnoc an Arbhair	130
11 Bea 22	Cuairt Stáit go Málta	116
15 Bea 22	Cuimhneachán Náisiúnta ar an nGorta Mór	67
24 Bea 22	Bronnadh na nDintíur	69
19 Meith 22	Bord Ceaintín na bhFórsaí Cosanta	77
29 Meith 22	Searmanas Coimisiúnaithe na nDaltaí	14
07 Iúil 22	Bronnadh na nDintíur	69
08 Iúil 22	Bronnadh na nDintíur	69
10 Iúil 22	Lá Comórtha Náisiúnta	273
27 Iúil 22	An chuairt a thug Uachtarán Fidsí ar UNTSI	15
14 Lún 22	Searmanas Leagadh Fleasc Glas Naíon (Dún Uí Choileáin Dún Uí Gríofa)	10
21 Lún 22	Comóradh Céad Bliain ar Bhás an Ghinearáil M Uí Choileáin	67
15 MF 22	Athbhreithniú Aireachta ar 66ú Grúpa Sgdr Coisithe UNDOF	120
16 MF 22	Bronnadh na nDintíur	69
27 MF 22	Bronnadh na nDintíur	69
19 DF 22	Cuairt Stáit - Uachtarán Phoblacht na Portaingéile	141
24 DF 22	Athbhreithniú an Aire ar an 121ú Cathlán Coisithe, UNIFIL	220
26 DF 22	Bronnadh na nDintíur	69
27 DF 22	Searmanas Coimisiúnaithe d'Oifigigh Liachta.	10
16 Samh 22	Searmanas Cuimhneacháin Óglaigh na hÉireann	68
29 Sam 22	Bronnadh na nDintíur	69
07 Noll 22	Comóradh Céad Bliain Saorstát Éireann	11
08 Nollaig 22	Bronnadh na nDintíur	69
09 Nollaig 22	Searmanas Nochta Séadchomhartha Jadotville	40
12 Noll 22	Searmanas Coimisiúnaithe Oifigigh Fiaclóireachta.	10
15 Noll 22	Searmanas Coimisiúnaithe na nDaltaí	13



Cuid 4

Faisnéis Chorparáideach agus Sonraí Corparáideacha

4.1

Sonraí maidir le caiteachas ar Vóta Cosanta 2020, 2021 agus 2022 de réir Catagóire*

Catagóir Chaiteachais	2020		2021		2022	
	€m	%	€m	%	€m	%
Pá agus Liúntais na mBuanfhórsaí Cosanta	446	57.1	465	59.2	471	56.3
Pá agus Liúntais Fostaithe Sibhialtach agus na ÓCanna	21	2.7	22	2.8	23	2.8
Oiliúint agus Forbairt ÓÉ	128	16.4	91	11.6	117	14.0
An tAerchór: Trealamh agus Tacaíocht	21	2.7	27	3.4	26	3.1
An tSeirbhís Chabhlaigh: Trealamh agus Tacaíocht	12	1.5	16	2.0	18	2.2
Costais Dúin, Trealamh Innealtóireachta agus Cothabháil	23	2.9	25	3.2	31	3.7
Bonneagar Tógtha ÓE - Caipiteal	12	1.5	16	2.0	19	2.3
Iompar Míleata	24	3.1	26	3.3	27	3.2
Costais dlíthíochta agus chúitimh	7	0.9	6	0.8	6	0.7
Caiteachas eile míleata neamhphá	54	6.9	58	7.4	61	7.3
Riarachán	27	3.5	28	3.6	31	3.7
Cosaint Shibhialta (cistiú na gcuntas díomhaoin san áireamh)	5	0.7	5	0.7	5	0.6
Cumann Croise Deirge na hÉireann	1	0.1	1	0.1	1	0.1
Iomlán (Olliomlán)	781	100	786	100	836	100

* D'fhéadfadh neamhréitigh bheaga teacht aníos mar gheall ar shlánú. Figiúirí sealadacha toraidh don bhliain 2022

4.2

Sonraí faoi chaiteachas ar Vóta Phinsin Airm le haghaidh 2020, 2021 agus 2022 de réir Catagóire*

Catagóir Chaiteachais	2020		2021		2022**	
	€m	%	€m	%	€m	%
Scéim (Pinsean) Óglaigh na hÉireann & Íocaíochtaí i dtaobh Seirbhíse Aistrithe	242.9	96.8	251.3	96.7	268.7	96.6
Pinsin Chréachta & Míchumais, liúntais agus aiscí, chuig nó i dtaobh iarbhall d'Óglaigh na hÉireann	7.8	3.1	8.3	3.2	9.3	3.3
Íocaíochtaí maidir le cleithiúnaigh Iarshaighdiúirí Chogadh na Saoirse agus caiteachas ilghnéitheach eile.	0.4	0.1	0.4	0.1	0.3	0.1
Iomlán (Olliomlán)	251	100	260	100	278	100

* D'fhéadfadh neamhréitigh bheaga teacht aníos mar gheall ar shlánú. Figiúirí sealadacha toraidh don bhliain 2022.

** Leithdháileadh Meastachán Forlíontach de €9.324m glan in 2022.

4.3

Sonraí faoi mhéid na n-idirbheart a próiseáladh i rith 2020, 2021 agus 2022

Meadarachtaí	2020	2021	2022
Líon íocaíochtaí neamh-phárolla a rinneadh (sonraisc, srl.)	19,311	18,698	19,548
Líon na bpinsean nua a ceadáíodh (seirbhís, míchumas & cleithiúnaigh)	383*	418	536
Líon na gcásanna a próiseáladh ar bhás pinsinéara	278*	291	263
Líon ceisteanna dlí teaghlai	5	5	5
Líon ceisteanna faoi Dhlí Teaghlai Pinsin	780*	797	887
Líon na ráiteas measta um shochar pinsin a cuireadh ar fáil agus líon na bhfiosrúcháin um shochair pinsin ar tugadh freagra orthu.	2,100*	2,244	2,688
Líon na ráiteas sochar bliantúil um an Scéim Pinsin Aonair a eisíodh**	2,824*	2,989	3,288

* Níor áiríodh figiúirí a bhaineann le pinsin Sibhialtach in 2020 ach cuirtear san áireamh, ach áirítear iad do gach bliain ina diaidh sin.

** Baineann iad seo le ráitis sochar Bhliantúla do chomhaltaí na Scéime Pinsin Aonair (fostaithe míleata agus sibhialtach); eisíodh 323 Ráiteas Scoir breise do na comhaltaí siúd a d'fhág an fhostaíocht freisin in 2022.

4.4

Iniúchadh Inmheánach

Is aonad neamhspleách é Rannóg Iniúchta Inmheánaigh na Roinne a sholáthraíonn an tseirbhís iniúchta inmheánaigh don Roinn Cosanta agus d'Óglaigh na hÉireann. Comhlíonann sé a fheidhm de réir na gcaighdeán iniúchta arna bhfoilsíú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus tuairiscíonn sé go díreach don Ard-Rúnaí. Bhí Plean Iniúchta 2022 an-uailmhianach d'fhonn an timthriall reatha iniúchtaí stórais a thabhairt chun críche a raibh tionchar ag moilleanna air mar gheall ar an dá bhliain de COVID-19. Rinne an tArd-Rúnaí an Plean, lena gcuimsítear clúdach leathan ar iniúchtaí stórais agus córais, a cheadú. Chríochnaigh an tAonad thart ar 96 iniúchadh in 2022. Bhí roinnt clár neamhphleanáilte ag an Iniúchadh Inmheánach freisin i rith na bliana, lena n-áirítear cabhrú leis an ARC&C lena n-athbhreithniú ar bhainistíocht stoic in Óglaigh na hÉireann.

Tháinig Coiste Iniúchta na Roinne le chéile ceithre huairé san iomlán in 2022 agus rinne siad athbhreithniú ar obair na rannóige ar bhonn leanúnach. Seo a leanas na comhaltaí don bhliain 2022:

- » An tUasal Kevin Cardiff, Cathaoirleach Neamhspleách
- » Éimear Fisher, Comhalta Neamhspleách
- » Philomena Poole, Comhalta Neamhspleách
- » An Maorghinearál Adrian Ó Murchú, An Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht)
- » An tUasal Eamonn Murtagh, Ard-Rúnaí Cúnta (ó Nollaig 2022)

Áiríodh ar chomhaltaí Choiste ionadaíochta na Roinne in 2022 freisin:

- » An tUasal Robert Mooney, Ard-Rúnaí Cúnta (Meán Fómhair 2021 go Márta 2022)
- » An tUasal Ronan Mulhall, Ard-Rúnaí Cúnta Gníomhach (Meitheamh go Meán Fómhair 2022)

4.5


An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

Lean an Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann, mar rialaitheoirí sonraí ar leithligh, ar aghaidh i rith 2022 ag comhlíonadh a n-oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018, agus faoin Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí. Baineadh é seo amach trí oiliúint agus feacht a sholáthar don fhoireann agus oibleagáidí a chuimsítear i mbeartais chosanta sonraí a chur i bhfeidhm. Lean an bheirt rialaitheoirí sonraí le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an gCoimisiún Cosanta Sonraí agus le saineolaithe seachtracha san ábhar, mar ba ghá.

Cuirtear sonraí ar fáil i gCairt 4.1.1 agus 4.1.2 faoin méid larrataí Rochtana ag Ábhar a phróiseáil Oifigí Cosanta Sonraí na beirte rialaitheoirí sonraí i rith 2022.


Cairt 4.1.1

Iarratais Daoine ar Shonraí RGCS 2022
An Roinn Cosanta



Cairt 4.1.2


Iarratais Daoine ar Shonraí RGCS 2022
Óglaigh na hÉireann




4.6 Saoráil Faisnéise

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (SF), meastar gur comhlachtaí ar leithligh iad an Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann chun críocha an Achta. I gCairt 4.2.1 agus 4.2.2 tugtar sonraí faoi líon na n- iarratas SF a phróiseáil an dá chomhlacht le linn 2022 agus sonraí le haghaidh 2020 agus 2021 curtha ar fáil freisin le haghaidh comparáide.

Cairt 4.2.1
Sonraí faoi iarratais SF a phróiseáil an Roinn Cosanta iad



Cairt 4.2.2
Sonraí faoi iarratais SF a phróiseáil Óglaigh na hÉireann iad



4.7

Nochtadh Cosanta

Déileálann údaráis shibhialta agus mhíleata araon le Nochtadh Cosanta a dhéantar leis an Aire Cosanta.


I gcomhréir le téarmaí alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, ullmhófar agus foilseofar tuarascáil bhliantúil maidir leis an líon iomlán nochta chosanta a rinneadh an bhliain roimhe sin ar láithreán gréasáin na Roinne <https://www.defence.ie/what-we-do/protected-disclosures>.

Próiseáiltear buarthaí a chuireann oibrithe in iúl ar aon dul lenár nósanna imeachta foilsithe. Áirítear leis seo scagadh a dhéanamh lena dheimhniú cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an chuma air go dtagann an nochtadh laistigh den chreat le haghaidh nochtaidh cosanta. Fuair an Roinn sé aighneacht in 2022 faoin teideal nochtaidh cosanta. Baineann an líon seo leis an líon iomlán nochta a rinneadh leis an Roinn Cosanta agus le hÓglaigh na hÉireann. Cuireadh ceithre cinn faoi bhráid an Aire go díreach agus fuarthas dhá cheann laistigh den Roinn.

Cuirtear sonraí ar fáil i gCairt 4.3 faoi na líonta nochta chosanta a fuarthas sna blianta ó 2018 go 2022. Ní thugtar miondealú breise ar na sonraí seo, ar aon dul leis na ceanglais rúndachta a shonraítear in Acht 2014.

Cairt 4.3

Líon Nochtaí Cosanta a Fuarthas sna blianta idir 2018 agus 2022



4.8

Ídiú Fuinnimh, 2022

An Roinn Cosanta

Leanann an Roinn Cosanta uirthi lena cur chuige réamhghníomhach ar fud a cuid foirgneamh i nDroichead Nua, i mBaile Átha Cliath, sa Rinn Mhór agus i Ros Cré chun tionscnaimh tíosach ar fhuinneamh a chur ar aghaidh. Tá iarrachtaí chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú bainte amach go bliantúil ag foirne fuinnimh na Roinne ó 2007 i leith.

Cé gur dhírigh go leor tionscnamh éifeachtúlachta fuinnimh roimhe seo ar úsáid a laghdú le cúpla bliain anuas, tháinig coigilteas suntasach ar an ídiú fuinnimh mar gheall ar bhaint in 2022 de chórais TF i bhfoirgnimh na Roinne (tar éis aistriú córais OGCIO in 2020). Agus uasghrádú ar feitheamh ar chóras Cuntas Bainistíochta (MIF) na Roinne, beifear ag súil le tuilleadh feabhsuithe fuinnimh TF ón dara leath de 2023.

Táthar fós ag feitheamh ar an SEAI lena spriocanna suas go dtí 2030 a thabhairt chun críche agus a chur in iúl do gach comhlacht poiblí. Ach mar sin féin lean an Roinn Cosanta lena hídiú fuinnimh a laghdú in 2022 agus, trí réamhshocraithe, lena hastaíochtaí carbóin a laghdú. Fad is atáimid ag feithimh ar na figiúirí maidir le hastaíochtaí CO₂ 2022 ón SEAI, tá laghdú níos mó ná 60% tugtha faoi deara againn ar astaíochtaí ó 2007, agus laghdú 35% le cúig bliana anuas.

Ba é an fuinneamh iomlán a d'úsáid an Roinn don bhliain 2022 1,923,166kWh, i gcomparáid le 2,034,862kWh in 2021, agus is ionann sin agus laghdú 5.5%. Is ionann Ceannteathrú na Roinne sa Droichead Nua agus a háitreabh ar Shráid Chluain Meala, Baile Átha Cliath le chéile agus 67% den ídiú fuinnimh, arb ionann é agus 1,300,000kWh san iomlán; D'fhan úsáid fuinnimh san áitreabh sa Rinn Mhór mar a bhí sé ag 207,000kWh (gan an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a roinneann an foirgneamh san áireamh).

I bhfoirgnimh Óglaigh na hÉirinn i Ros Cré, Co. Thiobraid Árann agus i dTeach Ratra, Baile Átha Cliath, ídíodh 350,000 kWh, ar méadú beag é i gcoinne 2021, go páirteach mar gheall ar fhilleadh ar ghnáthsceidil oiliúna d'údaráis áitiúla Cosanta Sibhialta tar éis COVID-19. Mar a tugadh faoi deara sa chuid faoin nGníomhú ar son na hAeráide, tá sé tábhachtach oibriú le hOifig na nOibreacha Poiblí ar iarfheistiú na bhfoirgneamh seo chun cabhrú lenár n-ídiú fuinnimh a fheabhsú.

Tá tionscnaimh bhreise, atá leagtha amach i gCuid 1 den tuarascáil seo (Gníomhú ar son na hAeráide) beartaithe ó 2023, ag cinntiú go mbainfimid amach spriocanna 2030, mar atá leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta Aeráide an Rialtais.

Óglaigh na hÉireann

Ba é an t-ídiú fuinnimh iomlán deiridh (ÍID) 178.5 GWh³, faoi mar a tugadh le fios don SEAI tríd an gCóras Monatóireachta agus Tuairiscithe don Earnáil Phoiblí i mBealtaine 2023. In 2021, leagadh spriocanna Earnála Poiblí amach sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide chun GCT a laghdú 51% faoin mbliain 2030 (in aghaidh mheán-bhonnlíne 2016-2018) agus a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh 50% faoin mbliain 2030. Ar an iomlán, laghdaigh Óglaigh na hÉireann a dtomhaltas i gcoinne na bliana bonnlíne 2016-18 faoi 17%. Ba iad na príomhfhoinsí d'úsáid fuinnimh laistigh d'Óglaigh na hÉireann i rith 2022 fóntais (leictreachas, gás nádúrtha, gás peitрилiam leachtach (LPG) agus ola théimh) agus iompair breosla (breosla eitlíocht, breosla muirí agus díosal bóthair agus peitreal agus ola gháis saor ó shulfar (SFGO) do chumhacht chladaigh na Seirbhíse Cabhlaigh ina measc).


Cuirtear miondealú ar fáil i gCairt 4.4 ar na príomhchata - góirí d'ídiú fuinnimh in Óglaigh na hÉireann i rith 2022.

Tá laghdú 1.9% tagtha ar an ídiú fuinnimh foriomlán in OÉ ó 2021; síos ó 181.9 GWh in 2021. Is éard is cúis leis an laghdú seo ná laghdú 8.5% in úsáid fóntais agus laghdú 15.9% in aeriompar, cé go bhfuil méaduithe 15.5% tagtha ar Ola Grád Mara Cabhlaigh (OGMC) agus 4.1% ar bhreoslaí don lomp ar Bhóthar. Tá an méadú ar ídiú breosla muirí na Seirbhíse Cabhlaigh curtha i leith an mhéadaithe ar thiomantais oibríochta tar éis an phainéil.

Is féidir an méadú ar bhreosla lomp ar Bhóthar a chur i leith an mhéadaithe ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla agus oiliúna ón mbliain roimhe sin, ag eascairt as filleadh ar ghnáthoibríochtaí agus oiliúint iar-phaindéimeach, den chuid is mó.

Cairt 4.4

Ídiú Fuinnimh Óglaigh na hÉireann de réir Cineáil (kWh), 2022



Laghdaigh ídiú breosla eitlíochta 15.9% ó 2021, is féidir an laghdú seo ar thomhaltas a chur síos go príomha ar roinnt de chabhlach CASA a bheith bainte as oibríochtaí cothabhála.

Choimeád de réir an chaighdeáin idirnáisiúnta um bainistíocht fuinnimh ISO 50001:2018 agus, mar chuid den phróiseas deimhniúcháin, rinneadh iniúchadh ar dhá láithreán in 2022.

3 Sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2021 tuairiscíodh an figiúr Bonnlíne in ionad an fhiúir TFC, agus is é 181.9 GWh an figiúr ceart don bhliain 2021..

Ceadaíonn Feidhmeannacht Fuinnimh Shinsearach (FFS) Óglaigh na hÉireann, ar a ndéanann an Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht) cathaoirleacht, Plean Gníomhaíochta Bliantúil (PGB) chun dul i ngleic le húsáid fuinnimh i measc an réimse iomláin chatagóirí fuinnimh. Ar roinnt de na héachtaí suntasacha a rinne an PGB in 2022, áirítear an méid seo a leanas:

- i. Críochnaíodh tionscadail fhótavoltacha (FV) Ghréine bhreise, agus mhéadaigh seo an acmhainn FV atá suiteáilte in Óglaigh na hÉireann aníos go dtí nach mór 1.4 MWp. Tá FV suiteáilte anois in 13 láthair ÓÉ. Tháinig méadú aníos go dtí 1.2GWh ar an leictreachas a ghin athnuaiteáin (FV), ar ionann é sin agus méadú 19% ó 2020 (866 MWh).
- ii. Pointí luchtaithe EV suiteáilte i nDún McKee le húsáid ag flít EV an Chóir Tpt. Áiríodh freisin áis do phearsanra chun a gcuid POVanna a ghearradh trí úsáid a bhaint as córas billeála an tsoláthraí seirbhíse. Cuirfear pointí luchtaithe leictreacha comhchosúla i bhfeidhm i gcúig ionad eile ar fud an OÉ go luath in 2023.
- iii. Leanadh le teaschaidéil a thabhairt isteach i bhfoirgnimh Óglaigh na hÉireann a sainaitníodh go cuí, agus 62 córas taischaidéil suiteáilte go dtí seo.
- iv. Tugadh faoi staidéar ar mheasúnú indéantachta do Thuirbín Gaoithe a bheartaítear a shuiteáil i suiteáil ÓÉ chun Foinsí Fuinnimh ÓÉ a éagsúlú níos mó.
- v. Mar gheall ar nuachóiriú agus uasghrádú ár gcórais méadráithe, beifear in ann deiseanna coigilte níos mó a shainaitint inár nÚsáideoirí Suntacha Fuinnimh (SEUanna), agus cuirfear tús le treoirthionscadal rathúil i nDún Mhic Aoidh i gcomhpháirtíocht leis an OOP in 2022.

Comhoibriú sa Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) - An Fuinneamh

Lean Óglaigh na hÉireann le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an GEC maidir le roinnt tionscnaimh fuinnimh i rith 2022. Ó 2014 i leith, tá Óglaigh na hÉireann ag glacadh páirte i Meitheal Oibre an GEC ar Fhuinneamh agus Chomhshaol. Scrúdaíonn an Meitheal Oibre sin deiseanna chun feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú ar fud na hEarnála Cosanta.

In 2022, i gCéim III de 'Fóram Comhairliúcháin an Choimisiúin Eorpaigh um Fhuinneamh Inmharthana sna hEarnálacha Cosanta agus Slándála' (FCCEFIECS III), atá á chomhordú ag an GEC. Is é atá i gceist leis sin ná sraith comhdhálacha a scrúdóidh infheidhme reachtaíocht fuinnimh an AE agus conas is féidir le hairm na hEorpa í a chur i bhfeidhm. Tá ceithre ghrúpa oibre (GO) san fhóram: Bainistíocht Fuinnimh 1 agus 2, Foinsí Fuinnimh In-Athnuaite (FFIA) agus Príomhbhonneagar Fuinnimh a Chosaint, agus freastalaíonn pearsanra Óglaigh na hÉireann ar gach ceann díobh. In 2022, lean Óglaigh na hÉireann ar aghaidh Modhnóir a chur ar fáil don mheitheal oibre RES agus tá cuid suntasach tar éis a bheith curtha leis an obair atá déanta ag na meithle oibre eile ag comhaltaí de chuid Óglaigh na hÉireann.

4.9

Grúpaí Tras-Rannacha ag a bhfuil hlonchur ón Eagraíocht Chosanta

Cuireann an Roinn Cosanta ionchur ar fáil in 138 grúpa Trasrannacha. Tá an freastal ag Oifig Roinne ar na grúpaí seo i measc na ngrád uile ó Ard-Rúnaí go hOifigeach Cléireachais.

- » Malartú Faisnéise Uile-Oileáin
- » Foghrúpa Prótacail Eitlíochta – Freagairt ilghníomhaireachta d'Éigeandálaí Eitlíochta
- » Grúpa Comhordaitheoirí Brexit
- » Grúpa Forbartha um Lámhleabhar Cuntasaíochta an Rialtais Láir
- » Painéal Tagartha Chreat na nDaoine Leanaí agus an tAos Óg
- » Grúpa Idir-Roinne um Chur i bhFeidhm Tús Áite do Leanaí
- » An Líonra CISM (Líonra um Bainistíocht ar an Strus a Leanann Teagmhais Chriticiúla)
- » Foireann Treorach Idirghníomhaireachta um Chosaint Shibhialta
- » Grúpa Bainisteoirí TFC na Státseirbhíse
- » Bord Lucht Bainistíochta na Státseirbhíse
- » An Meitheal Oibre um Athnuachan na Státseirbhíse ar shaincheistanna trasghearrtha
- » Grúpa Stiúrtha um Measúnú Cibear-Riosca CNI
- » An Coiste um Rialacha Cúirte na hArmchúirte
- » Grúpa Comhairleach an Acadaimh Scileanna Tráchtála (CSAAG)
- » An Coimisiún um Ghrúpa Maoirseachta Forfheidhmithe Óglaigh na hÉireann
- » An Coimisiún um Bord Stiúrtha Ardleibhéil Óglaigh na hÉireann
- » An Fóram Freagartha Truailithe Mhuirí Náisiúnta Comhairliúcháin
- » Grúpa Oibre Cibear-Idirpleáchais Trasteorann CNI
- » Grúpa Tras-Rialtais ar Chumarsáid Aeráide
- » Ceann na Cumarsáide Trasrialtais
- » An Grúpa Cumarsáide Trasrialtais
- » An Preasoifigeach Cumarsáide Trasrialtais
- » Coiste Stiúrtha Roinn an Taoisigh don Mheasúnú Priacail Náisiúnta
- » Coiste Iomlánach Ceann Scríbe na Cruinne
- » Líonra na n-Oifigeach Idirchaidrimh Míchumais
- » Grúpa Idir-Rannach um Chiste na gCuntas Díomhaoin (CCD)
- » Painéal Rialachais Chaighdeán Tiomána Seirbhíse Éigeandála (ESDS)
- » Coiste Monatóireachta an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh
- » An Líonra Idir-Rannach Buiséadaithe Comhionannais
- » An Coiste Monatóireachta don Chiste Sóisialta Eorpach (CSE), a ndéantar cathaoirleacht air ag Údarás Bainistíochta CSE an Roinn Oideachais;
- » Líonra na n-Oifigeach Airgeadais
- » Seirbhíse Comhroinnta Bainistíochta Airgeadais – Grúpa Comhairleach um Dhearadh Próiseas
- » Grúpa Stiúrtha Aonad Aerthacaíochta an Gharda Síochána
- » An Líonra Cumarsáide Rialtais
- » Coiste Chonarthaí an Rialtais le haghaidh Foirgníochta (CCRF)
- » Líonra CORE an Rialtais
- » Tascfhórsa an Rialtais um an bPleanáil Éigeandála
- » Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála - Foghrúpa: CBRN
- » Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála - Foghrúpa: Cumarsáid Éigeandála
- » Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála - Foghrúpa: An rannpháirteachas idirnáisiúnta
- » Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála - Foghrúpa: Athléimneacht
- » Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála - Foghrúpa: Riosca
- » Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála - Foghrúpa: Bí Réidh don Samhradh
- » Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála - Foghrúpa: Bí Réidh don Gheimhreadh
- » Ceann an Fhóraitim um Iniúchadh Inmheánach (HIAF)
- » Grúpa Geallsealbhoirí an Údarais um Ullmhacht agus Freagairt Éigeandála Sláinte
- » Bord Maoirseachta Ardleibhéil ar Fhoréigean Gnéis Inscne agus Baile
- » An Grúpa Stiúrtha Ardleibhéil um Chibearshlándaíl
- » Líonra Bainisteoirí TFC
- » Fóram Forfheidhmithe Tionchair 2030
- » Grúpa Forfheidhmithe don Athchóiriú Póilíneachta
- » An Coiste Idir-Rannach ar Chomóradh Bliantúil ar Cháisc 1916 ag Cnoc an Arbhair
- » An Grúpa Beartais Idir-Rannach um Cheimiceáin
- » Coiste Idir-Rannach ar Ghnáthairm
- » Coiste Idir-Rannach um Deich mBliana na gCuimhneachán

- » Coiste Idir-Rannach ar an gComhar um Fhorbairt
- » Coiste Idir-Rannach ar an Rannpháirtíocht san AE
- » Coiste Idir-Rannach ar Chearta Daonna
- » Coiste Idir-Rannach ar Bheartas um na hOileáin
- » An Coiste Idir-Rannach um Neamhiomadú Arm Ollscriosta
- » Coiste Idir-Rannach ar an Síochánaíocht
- » An Coiste Idir-Rannach um Shlándaíl Ollionad Thithe an Rialtais
- » An Grúpa Comhordaithe Idir-Rannach um Beartas Tuilte
- » Grúpa Idir-rannach ar an AE agus Brexit
- » Grúpa Idir-Rannach ar an Rialtas Áitiúil
- » Grúpa Idir-Rannach ar Shlándaíl an Phróisis Toghchánaigh agus ar an mBréagaisnéis
- » Grúpa Idir-Rannach ar Éireannaigh Thar Lear
- » Cruinnithe idir-rannacha ar Chuimhneachán an Ghorta Mhóir
- » Cruinnithe idir-rannach i ndáil leis an Lá Náisiúnta Cuimhneacháin
- » Cruinniú Idir-Rannach ar Chomhairle na hEorpa
- » Cruinnithe idir-rannacha um Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe
- » An Grúpa Idir-Rannach ar an Údarás Náisiúnta Slándála
- » An Grúpa Idir-Rannach Forfheidhmithe um Bochtaineachta Mhíosta
- » An Grúpa Pleanála Idir-Rannach do Chuimhneachán Dhomhnach na Cásca 1916
- » An Coiste Stiúrtha Idir-Rannach um Chaighdeáin Bhonnlíne Chibearshlándála Earnála Poiblí a fhorbairt
- » An Grúpa Stiúrtha Idir-Rannach um Bailiú Pínsin Seirbhíse Míleata
- » An Grúpa Oibre idir-rannach an dréacht-Choinbhinsiúin MLA um Chomhar Idirnáisiúnta san imscrúdú agus san ionchúiseamh ar Choir an Chinedhíothaithe, Coireanna in aghaidh an Chine Dhaonna agus Coireanna Cogaidh
- » Coiste Stiúrtha an Aerárthaigh Othar Idirspidéal
- » Grúpa Comhairleach idir-rannach SMERÉ
- » Grúpa Pleanála Teagmhasaí Idirghníomhaireachta Sheirbhís Phróisúin na hÉireann
- » Coiste na Straitéise Ionchuimsithe Náisiúnta LGBTI+
- » Bord Bainistíochta na Stiúirthóireachta Náisiúnta um an mBainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála
- » An Grúpa Comhordaithe Muirí
- » An Grúpa um Chur i bhFeidhm Chreat-Treoir na Straitéise Mara
- » An Coiste agus an Grúpa Oibre Faireachais Mhuirí (MARSUR)
- » An Foghrúpa MEM um Pleanáil Ollbhásanna
- » Coiste Monatóireachta agus Comhordaithe na Straitéise um Imeascadh Imirceach
- » Grúpa Athbhreithnithe um Sheirbhís Aeríompair Aireachta (SAIA).
- » An Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chosaint Maoine Cultúrtha i gCás Coinbhleachta Armtha
- » An Grúpa Náisiúnta Aerleighis
- » Comhlacht Náisiúnta Beartais Aerspáis (Úsáid Sholúbtha Aerspáis)
- » An Coiste Náisiúnta um Shlándaíl Eitlíochta Sibhialta
- » An Coiste Náisiúnta um Shlándaíl Eitlíochta Sibhialta – An Grúpa um Bagairt agus Riosca
- » Grúpa Seaimpiní an Bhonneagair Sonraí Náisiúnta
- » Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála - Foghrúpa Cumarsáide Preas-Oifigeach
- » An Grúpa Comhordaithe Éigeandála Náisiúnta
- » An “Grúpa Stiúrtha Trasearnála, Connecting for Life” de chuid na hOifige Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc lena gcuirtear cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta chun Féinmharú a Laghdú 2015-2024 chun cinn.
- » An Grúpa Maoirseachta Náisiúnta ar Bhásmhaireacht Iomarcach COVID-19
- » An Coiste Comhairliúcháin Cuardaigh agus Tarrthála Náisiúnta (NSARC)
- » An Fóram Comhairliúcháin Cuardaigh agus Tarrthála Náisiúnta (NSARC)
- » Fóram Páirtithe Leasmhara Cuardaigh agus Tarrthála Náisiúnta
- » An Coiste Slándála Náisiúnta
- » Bord Comhairleach na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC)
- » Grúpa Custaiméirí Seirbhísí d’Fhostaithe (an GCSF) na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (an ONSC)
- » An Grúpa Stiúrtha Náisiúnta um Bainistíocht Mór-Éigeandála
- » Coiste um Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní
- » OFGUG (Grúpa Úsáideoirí Rialtais Oracle Financials)
- » Bord Comhairleach TFC OPOFR (Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais)
- » Comhairlí Catagóire TFC OSR (An Oifig um Sholáthar Rialtais)

- » Comhairle Catagóire TFC OSR (An Oifig um Sholáthar Rialtais)
- » Feidhmeannach Soláthair OSR
- » Líonra Soláthair OSR
- » Grúpa Comhairleach Soláthair Straitéiseach an OSR
- » Grúpa Comhordaithe Beartais Tuilte Idir-Rannach OOP
- » Ár bhFoireann Gníomhaíochta um Sheirbhís Phoiblí 2020 10 “Líonra Bainistíochta Tionscadal” (Ceannairí Roinn Cosanta)
- » Foireann Gníomhaíochta 1 de chuid Ár Seirbhís Poiblí 2020 “Dlús a Chur leis an Soláthar Digiteach”
- » Foireann Gníomhaíochta 6 de chuid Ár Seirbhís Poiblí 2020 “Cultúr Nuálaíochta a Chur Chun Tosaigh”
- » Foireann Ghníomhaíochta 16 de chuid Ár Seirbhís Poiblí 2020 “Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú a Chur chun Cinn”
- » Bord Ceannaireachta Seirbhíse Poiblí Ár Seirbhís Poiblí 2020
- » Grúpa Bainistíochta na Seirbhíse Poiblí Ár Seirbhís Poiblí 2020
- » Grúpa Maoirseachta ar Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Mná, Síocháin agus Slándáil
- » Líonra na n-Oifigeach Pearsanra
- » Fóram/Grúpa Oibre um Beartas ar phinsin mhearfhabhráithe
- » An Líonra um Nochtadh Cosanta
- » Sainghrúpa Comhairleach um Athchóiriú Sláinte Poiblí
- » Líonra Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí
- » Líonra Pinsean na Seirbhíse Poiblí
- » Líonra Bainistíochta Tionscadal na Seirbhíse Poiblí
- » Grúpa Earnála na Seirbhíse Poiblí
- » Líonra na nOifigeach um Sheirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí
- » An tÚdarás um Chosaint lascaigh Mhara, Grúpaí Bainistíochta um CS Leibhéal 1 agus 2
- » An Fóram Eitlíochta um Chuardach agus Tarrtháil
- » Grúpa na nOifigeach Sinsearach um Ghéarchéim Dhaonnúil na hÚcráine
- » Grúpa Stiúrtha Earnála na Scéime Pinsin Singil
- » Grúpa Fócais Teicniúil na Scéime Pinsin Aonair
- » Grúpa Comhordaithe Fiontraíochta Spáis
- » An Grúpa Oibre um Longa Tréigthe
- » An Grúpa Oibre um fhorbairt Creat Folláine d’Éirinn

4.10

Meabhráin Tuisceana (MTanna) agus Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse (CLSanna)

Tá an Roinn Cosanta tar éis MTanna a shocrú leis:

- » An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- » An Roinn Iompair
- » An Roinn Sláinte (x2)
- » An Roinn Gnóthaí Eachtracha (x 3)
- » An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht
- » Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
- » An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
- » An Roinn Coimirce Sóisialaí
- » Roinn an Taoisigh
- » An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát
- » Na Náisiúin Aontaithe (x 2)
- » Aireacht Cosanta, RA (x 3)
- » An Aireacht Gnóthaí Baile agus Slándála Náisiúnta, Málta
- » Cumann Croise Deirge na hÉireann
- » An Roinn Cosanta, an Astráil
- » Aire Cosanta Náisiúnta Phoblacht na Polainne
- » An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Roinnte
- » Comhairle Contae Chill Dara

Comhaontaíodh ar CSanna leis na heagraíochtaí seo a leanas:

- » An Roinn Oideachais – maidir le cistiú CSE a bhaineann le Scéim Tacaíochta Fostaíochta Óglaigh na hÉireann.
- » Foras na Mara – maidir le suirbhéanna, eolas a roinnt agus oiliúint idir Foras na Mara agus an tSeirbhís Chabhlaigh.
- » Medico – maidir le cúnamh oiliúna a chuir an tSeirbhís Chabhlaigh ar fáil do Medico.
- » An tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí – maidir le seirbhís a chuir na Fórsaí Cosanta ar fáil i gcás timpiste aeir.
- » Garda Cóta na hÉireann (IRCG) – maidir le tacaíocht Chuardaigh agus Tarrthála agus seirbhísí eile a chuireann Óglaigh na hÉireann ar fáil don GCÉ.
- » Met Éireann – maidir le sonraí meitéareolaíochta a mhalartú idir an tSeirbhís Chabhlaigh agus Met Éireann.
- » An Roinn Sláinte / Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) – maidir le Seirbhís Aerárthach Othar arna soláthar ag an Aerchór.
- » Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte/an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna – maidir le scéim phiólótach don fháil a bhíonn ar otharcharr agus foireann Óglaigh na hÉireann ag an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna.
- » An Oifig Suirbhéireachta Muirí – cúnamh i ngnáthchásanna nó i gcásanna éigeandála.
- » Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) – chun seirbhís aeriompair a sholáthar ag an Aerchór d’Imscrúdaitheoirí GSOC.
- » Údarás Eitlíochta na hÉireann (ÚEE) – maidir le Seirbhísí Aerloingseoireachta idir ÚEE agus an tAerchór.
- » An Roinn Dlí agus Cirt – maidir le hAonad Aerthacaíochta an Gharda Síochána.
- » Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) – maidir le seirbhísí a sholáthraíonn an tAerchór do OOP i rith teagmhais adhamsire.
- » Ionadaíocht déanta ag Cúnamh Éireann don Roinn Gnóthaí Eachtracha maidir le réimse seirbhísí a chuireann Óglaigh na hÉireann ar fáil i dtaobh an Tionscnaimh Mhearfhreagartha.
- » An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara (an ÚCIM) – maidir le seirbhísí a sholáthair an tSeirbhís Chabhlaigh agus an tAerchór don ÚCIM maidir le cosaint iascaigh.
- » An Garda Síochána (an GS) - téarmaí seirbhíse idir Cosaint Shibhialta agus an GS maidir le teagmhais éigeandála.
- » An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil – maidir le soláthar seirbhísí ag Óglaigh na hÉireann agus Cosaint Shibhialta.
- » An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) – maidir le soláthar seirbhísí Óglaigh na hÉireann.
- » An Roinn Iompair – maidir le soláthar seirbhísí ag Óglaigh na hÉireann go hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath.
- » An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil maidir leis an Pleanáil don Sluabhás.
- » An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an tIonad Náisiúnta Cibearshlándála agus é mar chuspóir foriomlán chun feabhas a chur ar chibearshlándáil an Stáit.
- » Óglaigh Náisiúnta na hÉireann (ONÉ) i dtaobh seirbhísí a sholáthar do ONÉ.
- » Cumann Sheansaighdiúirí Éireannacha na Náisiún Aontaithe (IUNVA) i dtaobh seirbhísí a sholáthar do IUNVA.
- » Garda Cóta na hÉireann – seirbhís a sholáthar idir Cosaint Shibhialta agus Garda Cóta na hÉireann maidir le teagmhais éigeandála in uisce na hÉireann.
- » An Roinn Gnóthaí Eachtracha maidir le réimse seirbhísí a sholáthair Óglaigh na hÉireann don Fhoireann Cúnamh Shibhialta Éigeandála (an FCSÉ).
- » Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (daa) maidir le Óglaigh na hÉireann a sholáthar seirbhísí chun tacú leis an tslándáil eitlíochta in Aerfort Bhaile Átha Cliath



Aguisín A

Cairt Eagrúcháin an Bhoird Bhainistíochta agus na Foirne Ginearálta

AN ROINN COSANTA AN BORD BAINISTÍOCHTA

(Amhail an 31 Nollaig 2022)



Comhairleoir Dlí

Jacqui McCrum
Ard-Rúnaí

Iniúchadh Inmheánach



Bernie Maguire
Rúnaí Cúnta

**Gnóthaí agus
Reachtaíocht
Idirnáisiúnta**

Brainse Idirnáisiúnta um
Beartas Slándála agus
Cosanta
An Bhruiséil
An Brainse
Reachtaíochta



Aileen Nolan
Stiúrthóir

**Maoirseacht
Oibríochtaí agus
Bonnegair
Éigeandála**

Brainse Feidhmiúcháin
Brainse na Cosanta
Sibhialta
Brainse um Bainistíocht
Réadmhaoine
An Oifig um Pleanáil
Éigeandála (OPÉ)/
Cibear



Eamonn Murtagh
Rúnaí Cúnta

**Pleanáil Straitéiseach,
Forbairt Inniúlachta
agus Tacaíocht
Chorparáideach**

An Brainse Cumarsáide
& Bainistíochta Clár
An Brainse Pleanála & Eagrúcháin
Brainse Teicneolaíochta
Faisnéise agus Cumarsáide
Brainse na gConarthaí
An Brainse Airgeadais
Brainse Acmhainní Daonna
Brainse um Plean Forbartha
Cumais Eatramhach
Foireann Tionscadail CÓÉ



Clare Tiernan
Rúnaí Cúnta

**Pearsanra
Inniúlachta Cosanta**

An Brainse Dlíthíochta
Beartas Pearsanra
Óglaigh na hÉireann
Brainse um Fhorbairt
agus Tacaíocht Cumais
(Daoine)
An Brainse Idir-Réiteach
agus Eadráin
Aonad Tionscadal
Pearsanra Cumais
Daoine



David Lawler
Rúnaí Cúnta
(Gníomhach)

**Gnóthaí
Corparáideacha**

An Chosaint Sonraí
An Nochtadh Cosanta
Áiseanna
Údarás Eitlíochta
Míleata

ÓGLAIGH NA HÉIREANN
FOIREANN GINEARÁLTA




An Ceann Foirne
An Leifteanantghinearál
Seán Clancy



An Ceann Foirne Cúnta
An Briogáidireghinearál
Rossa Mulchay

An Brainse CP

An Brainse Pleanála Straitéisí



An Leas-Cheann
Foirne (Oibríochtaí)
An Maorghinearál
Anthony McKenna

An Brainse Faisnéise
(J2)
An Brainse Oibríochtaí
agus Pleananna
(J3/5)
Seirbhísí Cumarsáide
agus Eolais
An Brainse Traenála
agus Cúlta
(J7)
An Brainse Tacaíochta
Comhraic



An Leas-Cheann
Foirne (Tacaíocht)
An Maorghinearál
Adrian Ó Murchú

Seirbhísí Dlí
C agus A
An Brainse Airgeadais
An Brainse Acmhainní Daonna
(J1)
An Brainse Lóistíochta
(J4)
An Brainse Innealtóirí
An Brainse Póilíní Airm
An Brainse Ordanáis
An Brainse Iompair
An Brainse Leighis

Aguisín B

Achoimre ar Mholtaí atá sa Tuarascáil Ó Choimisiún Óglaigh na hÉireann

LIOSTA MOLTAÍ AGUS AN STAID I NDÁIL LE GACH MOLADH

Glac	Glac i bPrionsabal	Meastóireacht Bhreise	Fill
Glacadh leis an moladh lena chur i bhfeidhm.	Glactar leis an moladh sin i bprionsabal, ach is gá tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an gcur chuige is fearr chun intinn an Choimisiúin a chomhlíonadh.	Tá an moladh seo inmhianaithe. Tá gá le tuilleadh meastóireachta le príomhpháirtithe leasmhara, ar na himpleachtaí acmhainní, beartais, airgeadais agus reachtacha sular féidir cinneadh maidir le cur chun feidhme a mheas.	Tá sé i gceist filleadh ar an Rialtas níos deireanaí maidir leis an moladh seo.

Formáid Uimhreacha

Colún 1 – Líon na moltaí san iomlán 1 -130

Colún 2 – Ar mhaithe le héascaíocht tagartha – Príomh-mholtaí uimhreacha 1-69 sa Tuarascáil bhunaidh ón gCoimisiún ar Óglaigh na hÉireann

# molta	CoDF # Moladh na Tuarascála	Moladh	Post
1	4	Ba cheart ról faoi seach Aonad Práinnfhreagartha an Gharda Síochána (ERU) agus ARW Óglaigh na hÉireann a shoiléiriú chun a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ann ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn siad i staid oibríochtúil agus ba cheart nósanna imeachta coiteanna agus treoirínte oibríochtúla a fhorbairt.	Glac i bPrionsabal
2	16	Go ndéanfaí struchtúir ardleibhéil Ceannais agus Rialaithe Óglaigh na hÉireann ailíniú le dea-chleachtas idirnáisiúnta, lena n-áirítear: Cruthú CHOD, le tacaíocht ó Leas-CHOD, le húdarás ceannais agus rialaithe míleata cuí Óglaigh na hÉireann ag leibhéal straitéiseach, lena n-áirítear an cumas OPCOM, OPCON, TACOM agus TACON a shannadh.	Fill ⁴

4 Féach ar leathanach 7 de H LAP le haghaidh tuilleadh sonraí:
<https://www.gov.ie/en/publication/519f7-hlap-commission-on-the-defence-forces/>

# molta	CoDF # Moladh na Tuarascála	Moladh	Post	
3	16	Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann a chruthú a thuairisceoidh don CHOD, a gheobhaidh cúnamh ón A/CHOD agus ón gCeann Claochlaithe.	Fill ⁴	
4		Trí Cheann Seirbhíse, agus Leas-Chinn Seirbhíse, a chruthú do na fórsaí talún, aeir agus muirí, agus Comhcheannasaí Fórsa, ar cheart dó a bheith ina Leas-CHOD freisin, le tacaíocht ó Leas-Cheannasaí. Is féidir an fhoireann ceannaireachta ardleibhéil seo a chur ar bhonn foirmiúil mar Bhord Ceannais nó mar theideal comhchosúil agus ba cheart dóibh tacú leis an CHOD chun saincheistanna a bhaineann le forbairt an Chomhfhórsa a bhainistiú.	Fill ⁴	
5		Ba chóir go mbeadh an tArm, an tAerchór agus an tSeirbhís Chabhlaigh ina seirbhísí, go mbeadh ceanncheathrú seirbhíse acu, agus go mbeadh paireacht mheasa acu.	Fill ⁴	
6		Go bhfuil post SEAC, atá á thriail faoi láthair, buan chun saineolas agus taithí an té a cheapfar san ONC sinsearach a thabhairt chuig an mbord is airde, lena n-áirítear a bheith ina bhall den Fhoireann Cosanta. Ina theannta sin, ba cheart go dtacódh Maor Sáirsint/Oifigeach Barántais seirbhíse le gach Ceann Seirbhíse a shuífeadh ar a bhfoireann seirbhíse faoi seach.	Meastóireacht Bhreise	
7		Go bhfuil na comhfheidhmeanna tacaíochta foireann ag gach ceann de na trí sheirbhís, ó gach céim.	Glac i bPrionsabal	
8		Go n-athainmneofaí an ARW mar IRL SOF agus go n-áireofaí Aer buan air agus Tascghrúpaí Muirí in Aeradróm Mhic Easmuinn agus i mBunáit Chabhlaigh Inis Sionnach. Ba cheart cur i bhfeidhm Thuarascáil Thionscadal an Pháipéir Bháin reatha a bhrostú freisin.	Glac i bPrionsabal	
		21	Feabhsú struchtúir Óglaigh na hÉireann ar fud an chibearfhearainn, lena n-áirítear:	
9		Comhcheannasaíocht Cibearchosanta a chruthú ar cheart dó Seirbhísí TF Óglaigh na hÉireann, Seirbhísí CIS agus Cibearchosaint a bhainistiú.	Glac i bPrionsabal	
10	Ceachtanna praiticiúla a aithníodh ó thíortha comparadóra agus ó chibear-orduithe atá ag aibiú ag Ballstáit an Aontais a ionchorprú.	Glac		
11	Straitéis cibearchosanta a nuashonrú agus a fhoilsiú i gcomhréir leis gcleachtas agus na caighdeáin idirnáisiúnta is fearr.	Glac		
12	Rannpháirtíocht shibhialta-mhíleata mhéadaithe ar fud an Rialtais maidir le struchtúir agus próisis chuí a fhorbairt chun cur i gcoinne cogaíochta hibrideacha, ag foghlaim ó thaithí idirnáisiúnta reatha.	Meastóireacht Bhreise		

# molta	CoDF # Moladh na Tuarascála	Moladh	Post
	27	Cur chuige cuimsitheach i leith Acmhainní Daonna Straitéiseacha laistigh d'Óglaigh na hÉireann a chur i bhfeidhm agus, go háirithe, na cumasóirí seo a leanas curtha i bhfeidhm:	
13		Foireann Ceannaireachta um Athrú Straitéiseach Acmhainní Daonna a bhunú, a bheidh faoi stiúir Cheann an Chlaochlaithe a earcaíodh go seachtrach;	Glac i bPrionsabal
14		Córas bainistíochta tallainne agus sruthanna gairme nua a thabhairt isteach;	Glac i bPrionsabal
15		Cleachtadh cuimsitheach a dhéanamh a mhapálann patrúin reatha dul chun cinn gairme agus a fhorbraíonn léarscáil bealaigh dul chun cinn gairme do gach ról, ag tosú leis an leibhéal iontrála agus na ról sin a bhfuil rátaí attrition níos airde acu; agus	Glac
16		Ba cheart go mbeadh plean forbartha gairmiúla leanúnaí pearsanta ag gach pearsanra agus cruinnithe bliantúla ar a laghad lena gceannasaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht agus ar a n-inniúlachtaí.	Glac
17	28	Cumas ceannaireachta agus forbartha eagraíochtúil a fhorbairt laistigh d'Óglaigh na hÉireann amach anseo chun an clár oibre claochlaithe a stiúradh.	Glac i bPrionsabal
18	29	Bunú buan oiliúna a chruthú agus solúbthacht níos mó a sholáthar do bhainisteoirí, laistigh den líon foriomlán bunáochta, chun baill foirne a leithdháileadh ar fud foirmíochtaí agus céimeanna.	Glac i bPrionsabal
19	30	Réitigh chianfhoghlama agus chianfhoghlama a fhorbairt agus acmhainní a chur ar fáil chun úsáid níos mó a bhaint as oiliúint agus oideachas TFC bhunaithe sa bhaile agus ó shuíomhanna garastúin réigiúnacha nó deasca te araon.	Glac
20	31	Cruthú céim liostáilte nua den Ard-Chóirp san Arm agus san Aerchór.	Meastóireacht Bhreise
21	32	Struchtúr a chruthú chun conair ghairme aitheanta a sholáthar do thumadóirí cabhlaigh a cheadaíonn dul chun cinn céime do phearsanra liostáilte laistigh de Rannóg Tumadóireachta na Seirbhíse Cabhlaigh.	Glac i bPrionsabal
22	33	Sainsruth gairme Póilíní Míleata a sholáthar do gach céim, le deiseanna imleor dul chun cinn gairme.	Glac i bPrionsabal
23	34	Athfhorbairt córas ardú céime chun a chinntiú go bhfuil siad oscailte, iomaíoch agus go hiomlán bunaithe ar fhiúntas, agus ní mór scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá le gach oifigeach agus ONC tabhairt faoi chúrsaí gairme fada.	Glac i bPrionsabal
24	35	Ba cheart go mbeadh próisis roghnúcháin oibiachtúla iomaíocha ann atá deartha le haghaidh roghnú cúrsaí gairme a aithníonn daoine ardfheidhmíochta agus a sheachnaíonn cultúr 'tic bosca' a chruthú.	Glac i bPrionsabal
